Peig

Peig Sayers

Eagrán Scoile

*

Comhlucht Oideachais na hÉireann, Tta.


an ḟarraige ṁór
Ceann Sibéal
An Fiaċ
Cuan an Caoil
Ceann Sneaċta
Inis Tuaisceart
Beiginis
an Dún Mór
an bealaċ
an Blascaod
an bealaċ mór
Inis na Bró
Inis Ṁicileáin

IARṪAR ĊOR


Pr. Ċill Ċuáin
Cnoc Bréanainn
Cill Ċuáin
Cuan Árd na Caiṫne
Dún an Óir
Pr. an Feirtéaraiġ
An Buailtín
Pr. Cill Maolcéadair
Pr. an Daingin
Cruaċ Márṫain
Pr. Márṫain
Cill Fionntain
Pr. Ċill Droman
Mám na Gaoithe
Baile an Muilinn
An Daingean
Mám Clasach
Ceann Trá
Cuan an Daingin
Baile an Soilín
Cuan Fionntrá
Pr. Fionntrá
Cill Mic an Domnaiġ
Bá an Daingin
0 1 2 3 4 5
Scála 1 orlaċ = Míle Réil

Peig

Peig Sayers

peig

.i.

tuairisc do scríoḃ

peig sayers

ar imeaċta a beaṫa féin

Máire Ní Ċinnéide, M.A.

d'ullṁaiġ an ċéad eagrán

Eagrán scoile é seo

Coṁluċt Oideaċais na hÉireann, Tta.,
Áṫ Cliaṫ agus Corcaiġ

Coṁluċt Oideaċais na hÉireann, Tta.
Áṫ Cliaṫ
do ċlóḃuail

Clár na gCaibidlí

	Lċ
Léarscáil	Tosaċ agus deireaḋ an leaḃair
Grianġraf den údar	Brollaċ
Réaṁfocal Minite	vii
Réaṁrá an Eagarṫóra	ix
I—Laeṫeanta m'Óige	1
II—Cúrsaí Tinteáin is Scoile	14
III—Mé im Ċúis Aċrainn	24
IV—"An Seanport céanna go deo, deo"	34
V—Slán le m'Óige	38
VI—An Saol nua	43
VII—An Nollaig	50
VIII—Scéalta móra sa Daingean	63
IX—Tuilleaḋ Eaċtraiṫe	70
X—Filleaḋ ar mo Ṁuintir	80
XI—Cóisir is Tionlacan is Slán go deo	90
XII—In Aimsir arís	96
XIII—Mo Laeṫeanta deiriḋ in Aimsir	106
XIV—Cleaṁnas is Pósaḋ	118
XV—Saol nua eile	127
XVI—Breiṫ mo ċéad Linḃ	136
XVII—Mo ṡaol san Oileán	142
XVIII—Sólás agus Dólás	146
XIX—Scaipeaḋ agus Brón	154
XX—Saol aonaraċ uaigneaċ	164
XXI—Scéalta cois Tine	171
XXII—Eaċtra ḃain dom	180
XXIII—An Ċaibidil deireannaċ	190
Foclóir	194

Réaṁḟocal Míniṫe

Molaḋ le Rí na nDúl! Is beag do ṡíleas tráṫ dem ṡaol go raiḃ saoṫar ċoṁ táḃaċtaċ so i bḟolaċ i sean-ċeann liaṫ mo ṁáṫar. Deirim, agus is fíor dom é, go mbéarfaḋ sí léi é don saol síoraí mara mbeaḋ Máire Ní Ċinnéide. Is í Máire do ġríosaiġ í ċun na hoibre. Is cruaiḋ d'áitiġ sí ar Ṁáire nárḃ ḟéidir a leiṫéid a ḋéanaṁ, aċ fé ḋeireaḋ is fá ḋeoiḋ do ġéill sí, agus do ṫosnaíomar ar an obair, ise ag insint an scéil, agus mise á scríoḃ.

Obair ṁall riġin doḃ ea í dár leiṫéidí, toisc gan cruinneolas ceart do ḃeiṫ againn ar ġnó na litríoċta. Do ṫuigeas im aigne, a leiṫeoir, nuair do ġaḃas an peann im láiṁ gurḃ é an scéal ba réiṫí ḋom cead a cinn a ṫaḃairt di is gan a ḃeag ná a ṁór de ċur isteaċ a ḋéanaṁ uirṫi.

Agus do ḋein sí ḋom an pictiúir gan loċt in aon ċor. Pictiúir an ċailín ḃoiċt ag taḃairt aġaiḋ ar ṡaol ċruaiḋ aċrannaċ gan fios ná eolas aici air. Tá sí le feiscint agat ar ḃarr an ċnoic lá ḃrotallaċ Saṁraiḋ—an cailín boċt coslomnoċt ag smaoineaṁ ar a cara dílis, Cáit Jim. Ċífir arís í agus ríobal ar a cóta ag seolaḋ na ngaṁan agus 'á dtaḃairt ċun an uisce. Ṁeas sí, agus do ḃí sí cinnte ḋe, ná raiḃ aon ní táḃaċtaċ ag baint lena saol gurḃ fiú é d'ḟoilsiú, nó gur ṁiniġ Máire Ní Ċinnéide is Léan Ní Ċonalláin a ṁalairt di; aċ tá lúċáir anois uirṫi gur toiliġ sí leis an obair a ḋéanaṁ fé mar bíodar san ag taṫant uirṫi. Dúirt sí liom nuair a ṫosnaíos ar an scríḃinn ná raiḃ ann aici aċ buille fé ṫuairim nó fuadar ná feadar. Ṁeasas féin, a léiṫeoir, gurḃ aṁlaiḋ a ḃí an leisce ag taḃairt iarraċt ar a páirt

féin den obair a ḋéanaṁ. Aċ a ṁalairt sin ar fad do ḃí sa treis aici. Is aṁlaiḋ a ṫáinig doċma uirṫi roiṁ an scamall bróin a ḃí ina ṡeasaṁ go beo os coṁair súl a haigne. Aċ tar éis mórán cainte do ġluais sí tríd go héasca.

Is cóir agus is ceart d'óga na hÉireann guí go dúraċtaċ le hanam na seanṁná so nuair a beiḋ sí ar Ṡlí na Fírinne, agus fós gaċ raṫ agus séan a ġuí ar Ṁáire agus ar a teaġlaċ, mar is í do ḋein cóip ġlan den téacs go léir im ḋiaiḋse. Níor ḋeineas féin aċ an ni a ḃí ceangailte orm a ḋéanaṁ, an scéal do ċur síos óm ṁáṫair mar ab ḟearr d'ḟéadas. Níor leasc liom san, ḋéanfainn oiread eile ar son na teangan Gaeilge agus ar son mo ṁáṫar.

MÍCEÁL Ó GUITÍN.

Réaṁrá an Eagarṫóra

Ós rud é go ḃfuil mac Ṗeig, ar a nglaotar "An File" ag míniú conas mar do ceapaḋ agus do scríoḋ an leaḃar so "Peig," ní gá ḋomsa a ṫuilleaḋ cursíos a ḋéanaṁ air anso. Aon rud aṁáin, áfaċ ba ṁaiṫ liom a rá ina ṫaoḃ. Ṫugas liom go dtí an tOileán an ċóip a ḃí déanta agam féin de láiṁscríḃinn an Ḟile, do léas do Ṗeig an uile ḟocal de, agus do ċeartaiġ sise a raiḃ le ceartú ann agus do ṁiniġ sí a raiḃ le míniú i dtreo is gur féidir ḃeiṫ deiṁniteaċ ná fuil sa leaḃar aċ a Gaeilge ġlan súd.

Tugtar fé ndeara go ḃfuil an sean-nós Gaelaċ acu fós san Oileán .i. go gcoimeádann an bean ṗósta a sloinneaḋ féin. Mar sin, tá tagairt do "Ċáit Ní Ḃriain" (Bean Eoġain Uí Ċonċuḃair), do "Ṁáire Ní Ṡúilleaḃáin" (Bean Ṁicíl Uí Ġuiṫín), agus ní ġlaotar ċoíċe "Bean Uí Ġuiṫín" ar údar an leaḃair seo, aċ i gcónaí "Peig Sayers."

Nós an-ċoitianta acu ar fuaid Ċorca Ḋuiḃne leasainm do ṫaḃairt ar ḋaoine i dtreo is gur minicí go mór a cloistear an leasainm ná an ainm ċeart. Tá roinnt ṁaiṫ samplaí sa leaḃar so: "Pléasc," "Ciotóg," "Flint," "Máire Ḃeag" agus mar sin de.

Níor ċeart dom deireaḋ do ċur leis an réaṁrá so gan focal a rá i dtaoḃ na gcéadta seanḟocal atá scaipte tríd an leaḃar, agus i dtaoḃ an ċaint ḟileata a ḃíonn ag Peig agus í ag cur síos ar áilleaċt a ḋúṫaí féin. Ní haon ionaḋ go mbeaḋ mac aici ná glaonn na hOileánaiġ air aċ "An File." Is dual máṫar dó é.

Máire Ní Ċinnéide.

Peig

I.—Laeṫeanta m'óige.

Mé im naíonán. Mo ṁuintir. Mo ġúna scoile. Mé do ḋul ar scoil. An Ṁáistreás Scoile.

Seanḃean is ea mise anois, go ḃfuil cos léi ins an uaiġ is an ċos eile ar a bruaċ. Is iomaí bogra is cruatan curṫa agam ḋíom, ón gcéad lá do saolaíoḋ mé go dtí an lá atá inniu ann. Dá mbeaḋ ḟios agam go mbeaḋ a leaṫ, ná a ṫrian, i ndán dom ní ḃeaḋ mo ċroí ná m'intinn ċom haeraċ ná ċom misniúil is do ḃí i dtosaċ mo ṡaoil.

Is é an áit gur saolaíoḋ mise ná i mbaile beag iargúlta ag bun Sliaḃ an Iolair i nDúnċaoin, sa ḃaile sin go ḃfuil Tiġ Ṁóire ann. Ní hansan a pós m'aṫair is mo ṁáṫair aċ i bParóiste Fionntrá, mar ar ṁaireadar tamall sarar aistriodar go Dúnċaoin.

Ní raiḃ mórán fáltais ag mo ṁuintir; féar dá ḃó de ṫalaṁ a ḃí acu. Ní raiḃ mórán de ṡonas an tsaoil orṫu. Ḃíoḋ mí-áḋ éigin sa ṁullaċ orṫu i gcónaí a ċoinníoḋ síos iad. Do ḃí beirt deartár agam a ṁair, Seán is Pádraig, agus deirfiúr, Máire.

De ḋeascaiḃ an ṁí-áḋa do ḃeiṫ ag gaḃáil steallaḋ ḋóiḃ i gcónaí is aṁlaiḋ d'aistriġ m'aṫair is mo ṁáṫair ó Ṗaróiste Fionntrá go Dúnċaoin; aċ dob é dul ón dteas go dtí an fuaċt ḋóiḃ é. Ní raiḃ ag éirí leo i nDúnċaoin aċ oiread le Fionntrá.

Tomás mac an tSaoir ab ainm dom aṫair, agus Peig Ní Ḃrosnaċáin ab ainm dom ṁáṫair. Ḃean ṁín ṁacánta dob ea í, agus bean leaṫan láidir, leis, uair. Do ḃí ag éirí leo go hálainn an ċéad sé bliana tar éis pósta ḋóiḃ. Do ḃí triúr clainne acu, beirt ṁac is iníon. Sin ar ṁair den gclainn acu, áfaċ. As san amaċ do ḃí ó ḋuine go duine ag fáil ḃáis orṫu nó go raiḃ naonúr curṫa acu. Do ḃí mo ṁáṫair ḃoċt buarṫa cráite de ḋeascaiḃ na bpáistí do ḃeiṫ ag fáil ḃáis uirṫi. Ḃí an tsláinte is an misneaċ ag sleaṁnú uaiṫi in aġaiḋ an lae sa tslí ná raiḃ fonn ná fiaċ ar an mnaoi ḃoiċt.

Do buaileaḋ isteaċ ina haigne dá mbeaḋ an áit sin fágṫa aici go mb'ḟéidir go mbeaḋ an t-áḋ uirṫi. Dá ḃrí sin, ḃí giob geab aici ar m'aṫair féaċaint arḃ ḟéidir leis aon áit d'ḟáil ċun cónaiṫe ann bun os cionn leis an áit go raḃadar. Ar áṁaraí an doṁain ċuala sé go raiḃ a ṫiġ is a talaṁ dá ḋíol i mḂaile Ḃiocáire ag an ḃfear a ḃí ina ċónaí ann, agus é féin ag imeaċt go dtí an tOileán Úr. Do beartaiġ sé ar é ċeannaċ is do ċeannaiġ. Do réitiġ sé an talaṁ ċoṁ luaṫ is d'imiġ sé sin is a líontí ċun Americá, agus d'aistriġ mo ṁuintirse aneas ó Ṗaróiste Fionntrá ann ina n-ionad.

Ní raḃadar ina gcónaí ann aċ leaṫ ḃliain nuair a saolaíoḋ mise, agus is ar mo ṁáṫair do ḃí an lúċáir nuair a ḃíos-sa ag éirí suas ċuici. Is mé an t-éinne aṁáin as an deiċniúr déanaċ a ṁair aici. Dá ḋeascaiḃ sin, ḃíos im ṗeata ag gaċ éinne, agus go mórṁór ag mo ḋeartáir, Seán. Dá gcamaḋ an ġaoṫ orm, ba ḋóiġ leis go mbeinn caillte. Ní ṫéaḋ sé faid coiscéime coiliġ ón dtiġ gan mé ḃreiṫ leis. Fiú aṁáin nuair a ṫéaḋ sé ag boṫántaíoċt tráṫnóna, ṫugaḋ sé leis mise, ḋ'ḟonn is go mbeinn i gcuideaċtain páistí beaga eile an baile.

Ní raiḃ ar an dtaoḃ ṫoir den aḃainn aċ ár dtiġne is tiġ Ṁuiris Uí Scannláin. Do ḃí ċeiṫre tiṫe beaga cinntuí ar an dtaoḃ ṫiar den aḃainn, tiġ Ṡeáin Ḃáin, tiġ Eoġain Brún, tiġ Ṡéamais Uí Ḃeoláin, is tiġ Ṡeáin Uí Ċriṫin. Ḃí cuideaċta ṁaiṫ ins gaċ tiġ acu, is scata páistí ag éirí suas iontu. B'iad san na páistí crosta!

I dtiġ Ṡéamais Uí Ḃeoláin a ḃíoḋ an ċuideaċta bailiṫe ins an am san. Ḃíoḋ na daoine fásta ag imirt ċártaí ar an mbord, is an t-aos óg sa ċúinne ag déanaṁ cleasa na hóige ḋóiḃ féin. An ċuid go raiḃ aon ċoinnlíoċt iontu agus iad ag dul ar scoil, ḃíoḋ a leaḃair acu ag foġlaim a gceaċta i gcoṁair an lae aṁáiriġ.

Do ḃíoḋ dúil an doṁain agam féin sna leaḃair agus sna picciúirí deasa a ḃíoḋ iontu. Ḃí gearrċaile an-deas d'inín ag Séamas. Cáit Jim a ṫugaimis uirṫi. Ḃí sí an-ċeanúil ormsa. Ḃíoḋ sí ag taispeáint na bpicciúirí ḋomsa.

agus 'á rá liom go dtaḃarfaḋ sí ar scoil mé, agus go mbeaḋ leaḃair ḃeaga deasa mar sin agam.

Is ormsa a ḃeaḋ an t-áṫas leaḃar beag a ḃeiṫ agam féin go mbeaḋ neart agam ḃeiṫ ag féaċaint ar na pictiúirí, pé uair ba ṁaiṫ liom é. Ḃí fonn mór orm dul aḃaile an oíċe sin go 'neosainn dom ṁáṫair go raḃas ag dul ar scoil an ċéad lá eile.

Do ḃíos ag giobaireaċt ar mo ḋearṫáir, Seán, ċun mé ṫaḃairt aḃaile láiṫreaċ. Ḃí leisce an doṁain air na cártaí d'ḟágaint 'na ḋiaiḋ, aċ, fé mar adúrt ċeana, ḃí sé an-ċeanúil orm.

“Muise, mo ṫrua ṫu, a ruidín ḃoiċt,” ar seisean, “is dóċa go ḃfuil codlaḋ ort,” agus do ṫóg sé leis ar a ḃaclainn mé.

Do ḃí sé ag druidim isteaċ le haimsir codlata an uair sin. Do níos mo ċosa agus do ṡuíos ar ṡuistín ḃeag cois na tine. Nuair a ḃí a paidir ráite ag mo ṁáṫair do ḃuaileas mo ċeann isteaċ lena huċt go haiclí. Do ċuir an ḃean ḃoċt a láṁ ṫarm aniar, agus d'ḟáisc lena croí mé go ceanúil.

“An ḃfuil fios agat go ḃfuilim ag dul ar scoil Dé Luain?” arsa mise.

“Ar scoil, an ea?” ar sise, agus do ḋein sí gáire.

“Sea, muise, a ċailín,” arsa mise. “Raġad ar scoil in éineaċt le Cáit Jim.”

“Ara, muise,” ar sise, “nár ċuirimid bréag ort maran luaṫ atá fonn scolaíoċta ort! Ná fuil tusa ró-óg fós ċun dul ar scoil?”

Ní raḃas aċ ceiṫre bliana an uair sin. Do laḃair m'aṫair, agus dúirt sé—

"Ligtear di a toil féin a ḃeiṫ aici. Níl an scoil i ḃfad uaiṫi, agus ní fearr ḋi ḃeiṫ ag briseaḋ a cnáṁ ó ċlaí go claí anso amaċ."

"Ní fearr," arsa mise, 'á ḟreagairt, "agus beiḋ leaḃair an-deasa agam."

"Ṁuise, go gcuire Dia i gceann na maiṫeasa ḋuit, a linḃ!" arsa m'aṫair, agus do ċuamar a ċodlaḋ.

Nuair a ḋúisíos ar maidin, ḃí m'aṫair tar éis teaċt isteaċ ón ngort.

"An ḃfuil tú id ċodlaḋ fós, a ċircín?" ar seisean.

Ṫógas aniar mo ċeann.

"Táim ṁuise," arsa mise.

"'Om briaṫar go ḃfuil go breá agat," ar seisean, "i gcoṁair ḃeiṫ ag dul ar scoil."

D'éiríos amaċ as an leaba, agus do ċuir mo ḋeirfiúr, Máire, mo ċuid éadaiġ orm. Nuair a ḃíos fáisciṫe suas aici, do ṡuíomar síos ċun béile na maidne do ċaiṫeaṁ. Nuair a ḃíomar ag iṫe, do laḃras féin le Máire.

"A Ṁáire, a ċailín," arsa mise, "caiṫfiḋ tú mo ċuid éadaiġ nua a ḋéanaṁ domsa. Ní maiṫ liom dul ar scoil agus gúna stracaiṫe orm."

"Ṁaise, tá ḟios ag an saol," arsa Máire, "go ḃfuil mo ḋóṫain cúraim orm bun os cionn le ḃeiṫ ag suí síos ag fuáil anois."

"Ná bac san," arsa m'aṫair, "ní fada a ḃeiḋ tú ag cur greim ionntu idir ḋá linn."

Ḃí Máire fásta suas 'na cailín óg san am san. Is uirṫi a ḃí cúram an tí go léir, mar ní raiḃ aon ṁaiṫ im ṁáṫair—ḃí an tsláinte caillte aici sin, agus ní raiḃ sí ábalta ar éinní a ḋéanaṁ. Dá ḃrí sin, ní raiḃ mórán

ama ag Máire ċun an t-éadaċ nua do ḋéanaṁ domsa, aċ ḃí sí an-ċeanúil ormsa, agus níor ṁaiṫ léi gan mo ṫoil do ṫaḃairt dom. Do ṫosnaiġ sí ar mo ġúna a ḋéanaṁ nuair a fuair sí aon caoṫúlaċt air. Nuair a ḃí san déanta aici, do ḋein sí bib dom. Nuair a ḃíodar críoċnaiṫe aici—

“ ’Om ḃriaṫar gur tú an pontaire deas nuair a ḃeiḋ siad so ort,” ar sise.

Ḃí mo ċroí ag sciobarnaiġ le háṫas.

“Ní ċuirfir ort anois iad, a stóirín, go dtí an lá ḃeir ag dul ar scoil.”

“Dia linn, a Ṁáire,” arsa mise, “cad déarfaiḋ mo ṁáṫair nuair ċífiḋ sí é?”

“Beiḋ laoċas an doṁain uirṫi, ṁuise,” arsa Máire, “mar is dóiġ leis an mnaoi ḃoiċt gur as do ċúl a éiríonn an ġrian.”

“Ní loċt san uirṫi,” arsa m’aṫair, ’á freagairt; “is mór an sásaṁ aigne ar an mnaoi ḃoiċt, trína trioblóidí, í seo a ḃeiṫ ag éirí suas ċuiċi tar éis an áil go léir.”

Sea, ṫáinig an Luan agus do ḃíos go glion-daraċ toisc ḃeiṫ ag dul ar scoil. D’ḟéaċas uaim siar agus ċonac uaim Cáit, agus í ’á hullṁú féin go diṫneasaċ i gcoṁair na scoile. Nuair a ċonaic sí mise—

“T’anam ón riaċ, a Ṗeig,” ar sise, “an raġair ar scoil inniu?”

“Raġad, a Ċáitín,” arsa mise.

Seo isteaċ liom, agus fuair Máire mo ċuid éadaiġ nua, agus do ċuir sí orm é. Do niġ sí mo láṁa agus m’aġaiḋ, agus do ṡleaṁnaiġ siar mo ċeann go deas. Nuair a ḃíos socair suas aici ar a toil—

"'Om baisce," ar sise, "go ḃfuil tú ċoṁ déanta suas le haon inín duine uasail agam."

Do ċuas go dtí an leaba mar a raiḃ mo ṁáṫair.

"Féaċ anois mé, a Ṁam, a ċailín," arsa mise.

Do ḋein sí gáire, agus dúirt "Buíoċas mór le Dia atá ad ḟágaintse féin agam!"

"Táim ag dul ar scoil anois, a ċailín," arsa mise. "Tá Cáit Jim ag feiṫeaṁ liom."

Do laḃair sí uaiṫi aníos ón leaba.

"A Ċáitín, a stóir," ar sise, "nuair a ligfear amaċ meánlae siḃ, taḃair aníos í ċun blúirín bíḋ, mar tá sí ró-óg, is ḃeaḋ sí ró-ḟada ina troscaḋ."

"Taḃarfad," arsa Cáit.

"Beannaċt Dé liḃ anois, a ḋalta!" agus d'imíomar an bóṫar síos ag poc-léimniġ.

Nuair a ṡroiċeamar tiġ na scoile ḃí na scoláirí go léir bailiṫe ann roṁainn, aċ ní raiḃ an máistir tagṫa fós. Is gearr go ḃfaca ag teaċt é an bóṫar anoir. Do ḃí falla maiṫ ard ar an dtaoḃ amuiġ de ṫiġ na scoile. Do ḃí a trí nó a ceaṫair do staiġrí ag dul suas ann. Nuair a ṫáinig an Máistir ċoṁ fada leis, pé gleo nó foṫram do ḃí ag na páistí roiṁe sin ḃíodar go ciúin ansan. Do ḃíos féin ag féaċaint air, agus 'á ṫabairt fé ndeara.

Balcaire leaṫan íseal meánaosta ab ea é, gan ċuma ró-ṡláintiúil air. Ḃí sé dian air na staiġrí suas do ċur de, aċ d'éiriġ leis an ḃeart a ḋéanaṁ. Nuair a ċuaiġ sé go dtí an

doras, do ṫarraing sé eoċair as a póca, agus d'oscail sé an doras.

Seo leis na páistí go léir isteaċ, agus do ṡuiġ gaċ rang acu ar a mbinse féin. Ḃí greim an duine ḃáite agam féin ar Ċáit, agus ḋá ḃullán súl agam le heagla is le hionaḋ. Ḋá ṁéid scóip a ḃí orm ar maidin, deirimse leat go raḃas ciúin go leor anois. Ḃí súil sall agus súil aḃus agam, ag taḃairt gaċ aon ní fé ndeara. Do ḃraiṫeas an doras dá oscailt, d'ḟéaċas ina ṫreo, agus is aṁlaiḋ a ḃí brainnse de ṁnaoi óig ċaoil aird ḋuiḃ ann, scáṫ fearṫaine ina láiṁ aici, agus péire d'ḟáinní buí ina cluasa. Níor stad sí gur ċuaiġ sí suas go dtí an bord mar a raiḃ an Máistir ina ṡuí.

"Dia linn, a Ċáitín," arsa mise, "cé hí sin?"

"Sin í an Ṁáistreás, a ċailín," ar sise.

"An í sin Julia?" arsa mise.

"An ḃean ċéanna, a ċailín," arsa Cáit.

"An riaċ pioc aċ go raiḃ an ceart ag Ó Duinnṡléiḃe nuair a ḋein sé an ḃéarsa úd di!"

"Níl an ḃéarsa agamsa," arsa Cáit, "an ḃfuil sé agatsa?"

"Ní raġaḋ oiread díom," arsa mise.

"Abair é," arsa Cáit, "ní ċloisfiḋ éinne sinn."

"Déarfad mar sin," arsa mise.

Do ṫosnaíos ansan:

"An té ċífeaḋ an stuaire, is í ag gluaiseaċt féna parasól.
Péarlaí óir 'na cluasa, agus iad ag bualaḋ mar ḃeaḋ cloig na Róime,

Síoḋaí buí ar a guaille, 's a gruanna mar
 ḃláṫ an róis,
Is breáṫa í ná Niaṁ Nuaċroṫaċ an uair úḋ
 do ṫit Tailc mac Treoin."

D'á óige mise an uair sin ḃí ḃéarsaí ḋen tsórt san ar ḃarr mo ṫeangan agam ó ḃeiṫ ag éisteaċt leis na daoine fásta 'á rá. Ḃíos cabanta, leis, agus ḃíḋís am ċur ag rá na ḃéarsaí mar spórt.

"Ṁuise, ar m'anam," arsa Cáit, "gur ṫug sé clú gan tuilleaṁ di! Ná fuil sí sin ċoṁ caol, ċoṁ duḃ le heascú! Ḃí ciúin anois," ar sise, "mar tá an Rolla dá ġlaoċ."

Do ṫosnaiġ an Máistir ar na hainmneaċa do ġlaoċ os ard. Fé mar ġlaoḋ sé an ainm, d'ḟreagraítí é le "Present, sir!" Nuair a ḃí an méid sin déanta aige, do ġlaoiġ sé ar an tarna rang suas ċun boird. Ḃ'in é an rang go raiḃ Cáit.

"Ní ḟeadar cad a ḋéanfad anois leat," ar sise.

"Raġadsa led ċois," arsa mise, agus greim daingean agam uirti.

Níorḃ aon ṁaiṫ di ḃeiṫ liom; do leanas suas go dtí an bord í, agus mo ċeann fúm le náire.

"Dar fia," arsa an Máistir, "tá scoláire breise inniu againn."

Tagann sé ċugam i leiṫ, agus beireann sé ar láiṁ orm—"Cé leis tusa, a ċailín ḃig?"

"Le Tomás Sayers, a Ṁáistir," arsa mise.

"Cén ainm atá ort?"

"Tá Peig Sayers, a Ṁáistir."

"Tuigim," ar seisean, agus chuir sé m'ainm ar an Rolla. D'iompaigh sé thairis, agus thug sé leabhairín dom go raibh clúdach dearg air.

"Suigh isteach ansan ar an mbinse nó go raghaidh Cáit chugat," ar seisean.

Do bhí an oiread áthais orm san am san is dá mbeadh bó bronnta aige orm. D'fhanas ag féachaint ar mo leabhairín nó gur bhuail sé a dódhéag a chlog. Do hosclaíodh an doras, agus amach leis na páistí.

"Téanam," arsa Cáit, "ní bheimid deich neomataí ag dul suas agus ag teacht arís."

Seo linn agus sinn ag rith ar ár ndícheall. Nuair a chuamar go Baile Bhiocáire d'imigh Cáit siar go dtí n-a tigh féin. Nuair a chuas-sa abhaile bhí mo mháthair ina suí sa chúinne, is rug sí loma-bharróg orm.

"Sea, a stóirín," ar sise, "conas a thaitnigh an lá leat, nó an maith leat bheith ar scoil?"

"Is breá liom é, a Mham," arsa mise. "Fear an-deas is ea an Máistir. Féach an leabhar deas a thug sé dom!"

"Ní haon ionadh é bheith deas leat, a dhalta," ar sí, "mar is gairid é a ghaol leat."

"Ní bheidh aon eagla agam roimhe mar sin," arsa mise.

"Ní gá duit a bheith, a linbh. Ní baol d'éinne Domhnall."

"An b'in í an ainm atá air, a Mham?" arsa mise.

"Domhnall Ó Muircheartaigh is ainm dó, ach Domhnall Máistir a thugaimid air."

Bhí cupán bainne beirithe aici dom, agus smut aráin. Ní fada a bhíos 'á chogaint siar.

Ḃíos ullaṁ díreaċ nuair a ṫáinig Cáit ag glaoċ orm.

D'imíomar linn ag pocléimniġ an bóṫar síos. Níor ṁór dúinn an diṫneas a ḋeineamar mar bí an Máistir ag glaoċ isteaċ ar na scoláirí.

"Is dóċa," arsa Cáit, agus sinn ag déanaṁ soir ar ṫiġ na scoile, "ná fágfar im ṫeannṫasa anois tú. Cuirfiḋ an Ṁáistreás i rang na leanḃ tú."

Ḃí an ceart aici, mar nuair a ċuamar isteaċ do ċuir an Ṁáistreás im ṡuí ar an mbinse ba ṡia síos mise. Do ḃí ċoṁ maiṫ le fiċe páiste dem ċoṁaois féin ar an mbinse sin.

"Sa rang so a ċaiṫfiḋ tú a ḃeiṫ feasta, a ċailín," ar sise.

Do ṡuíos isteaċ go cúṫail. Ní raiḃ gíog asam, aċ ag tabairt gaċ ní fé ndeara. I gceann tamaill do labair an ġearrċaile liom a ḃí taoḃ liom.

"Cad as tusa?" ar sise.

"Ó Ḃaile Ḃiocáire."

"Agus cad é an ainm atá ort?" ar sise.

"Peig Sayers," arsa mise.

"Dia linn! Ón gCom is ea mise. Sioḃán Nic Ċárrṫaiġ m'ainm."

"Agus an ḃfuil an scoil i ḃfad uait?" arsa mise.

"Tá, ṁuise, tamall maiṫ," ar sise.

"An ḃfuil tú i ḃfad ag teaċt ar scoil?" arsa mise.

"Nílim, ṁuise, aċ le trí seaċtaine. Ḃí an-eagla orm ar dtúis, aċ anois níl pioc orm de, agus ná bíoḋ aon eagla ortsa leis. Beadsa id ṗáirtí. Tá Béarla agam, agus

ineosaiḋ mé ḋuit cad a ḃeiḋ ag an Máistreás 'á rá.''

Is mé a ḃí go sásta nuair a ċuala an méid sin aici á rá. Ḃí an ċuid eile den lá san ar mo ṡuaiṁneas agam, ag gliúcaíoċt ṫall is aḃus is ag taḃairt gaċ ní fé ndeara. I gceann tamaill do ṫugas fé ndeara beirt de sna scoláirí a ḃí fásta suas, agus gan aon ċúram orṫu aċ ag imeaċt ṫall is aḃus ar fuaid na scoile. Ḃíodar os cionn sé mbliain déag d'aois. Ḃí ionaḋ an doṁain orm iad do ḃeiṫ ar scoil agus iad ċoṁ mór san.

Ċoṁ luaṫ agus ḃuail an clog a trí, do scaoil an Ṁáistreás aḃaile sinn. Rug Cáit ar láiṁ orm féin—

''Téanam, a ċailín, aḃaile,'' ar sise.

Ón lá san amaċ do ḃí eolas na slí go maiṫ agam.

Nuair a ṫáinig an oíċe, do ḃíos suite cois na tine—tine ḃreá, ḋearg ar m'aġaiḋ amaċ, agus corcán breá prátaí ag fiuċaḋ uirṫi. Ḃí m'aṫair suite ar an gcaṫaoir taoḃ liom, mar ba ġnáṫaċ leis. Do ċuireas ceist air.

''A Ḋaid,'' arsa mise, ''an ḃfuil fios agat cé hiad an dá ġarsún ṁóra atá ag dul ar scoil fós?''

''Tá, a ḋalta,'' ar seisean.

''Seán Ó Dálaiġ is Tom an Ṁáistir iad san. Mac dó is ea Tomás, agus mac deirféar do is ea Seán Ó Dálaiġ. Dileaċtaí is ea Seán. Tá an Máistir an-ċeanúil ar fad air. Tá sé ráite gur leis a ṫitfiḋ an scoil tar éis ḃáis an Ṁáistir, mar gliogaire éaganta is ea

a mhac féin, agus ní féidir leis cothrom ná ceart a bhaint de. Deirtear gur fearr leis imeacht go hAmeiricá ná cloí leis an scoil."

"Ó muise," arsa mise 'á fhreagairt, "dob fhearr liomsa an Máistir atá againn, mar tá sé an-mhacánta."

"Muise, a linbh, ní mar is fearr le duine a bhíonn a scéal go minic," ar seisean.

Do bhí na prátaí beirithe ansan.

II.—CÚRSAÍ TINTEÁIN IS SCOILE.

Pádraig do ṫeaċt abaile. Mar a fuair Seán a leas-ainm. Bean ṁic istiġ. Bás an tsean-Ṁáistir Scoile. Múinteoir nua.

Nuair a ḃí na prátaí ite againn, d'imiġ m'aṫair is Seán ag boṫántaíoċt. Ní raiḃ éinne im ṫeannta féin ansan aċ Máire a ḃí ag cniotáil. Níorḃ fada gur ṫit mo ċodlaḋ orm. Nuair a ṫáinig m'aṫair abaile do ḃíos im ḋúiseaċt. Do ċuala é 'á rá lem ṁáṫair—

"Beiḋ Pádraig ag teaċt abaile i gcoṁair an tSaṫairn," ar seisean.

"Ṁuise, dar fia! Dé a ḃeaṫa!" arsa mo ṁáṫair.

Do ġeit mo ċroí le háṫas, mar b'é mo ḋearṫáir Pádraig a ḃí i gceist acu. Ḃí breis is bliain roiṁe sin ó ḃí sé age baile. Do ḃíoḋ sé in aimsir ó ḃí sé ḋá ḃliain déag d'aois. Dá ḃrí sin cé gur ṁeasa liomsa Seán go mór ná é, toisc é ḃeiṫ timpeall an tí go minic, mar sin féin ḃí fáilte im ċroí agam do Ṗádraig.

D'imiġ cúpla lá agus tráṫnóna Dé Saṫairn buail Pádraig an doras isteaċ. Do riṫeas féin ina ċoinne, agus tóg sé in airde ina baclainn me agus do ṗóg mé go ceanúil. Ċuir sé a láṁ ina ṗóca, agus do ṡín ċugam páipéar

mór misleán. Seo ċugam Máire ag baint coda acu ḋíom. Do roinneas léi, agus ṫugas roinnt eile dom ṁáṫair; is do ṫosnaíos féin ar ḃeiṫ ag cogaint ar mo ḋíċeall.

Do ḃí Pádraig ag eaċtraí ḋóiḃ ar ċúrsaí na bliana. Dúirt sé lem aṫair—

“Tá deireaḋ go Cill Áirne agamsa anois,” ar seisean.

“Cad ’na ṫaoḃ?” arsa m’aṫair.

“Ní ḟéadfainn maireaċtaint leis an uaig-neas ann. Do ḃíos an-ċeanúil ar an máistreás, aċ anois, ó fuair sí bás, ní ċuirfead Barra an Daingin soir go deo arís díom.”

“Tá go maiṫ, a ṁic ó,” arsa m’aṫair. “Tá sé ċoṁ maiṫ agat ḃeiṫ ag déanaṁ rud éigin duit féin,” is d’imiġ leis ag triall ar na ba.

Do ḃí mo ḋearṫáir Seán, fén am so, éiriṫe suas in aois a ṗósta. Do ḃí Máire ina cailín óg, agus é in am aici críoċ éigin do ċur uirṫi féin. Níorḃ ḟéidir léi an tiġ d’ḟágaint nó go mbeaḋ duine éigin a ḋéanfaḋ cúram an tí. Ḃí mo ṁáṫair go lagḃríoċ, agus níorḃ ḟéidir léi faic a ḋéanaṁ. Dá ḃrí sin do ḃí ar Ṡeán pósaḋ.

Dob ḟurasta do ḃuaċaill bean d’ḟáil an uair sin marab ionann is anois. Ní ḃíoḋ ag dul go hAmericá aċ corr-ḋuine agus d’ḟágaḋ san na cailíní flúirseaċ.

Do ḃí mo ḋearṫáir Seán, san am san, ar duine de sna buaċaillí ba ṫreise is ba ċeolṁaire dá raiḃ i gCiarraiġe. Ní raiḃ aon teora leis an neart a ḃí ann. De ḋeascaiḃ é

ḃeiṫ ċoṁ láidir is ea tugaḋ an leasainm, “an Pounder,” air.

Tráṫnóna Doṁnaiġ ab ea é. Do ḃí buaċaillí óga an ṗaróiste go léir bailiṫe ar an gcrosaire, agus iad 'á dtástáil féin le hualaċ mór trom féaċaint cé acu is fearr a ṫógfaḋ é. Do ṫóg cuid acu é.

“T'anam ón riaċ, a Ṡeáin,” arsa an Gaḃa beag, “an ḃfuil aon triail anois ionat?”

Ṫug Seán leis cloċ mór eile is do ċuir anuas ar an ualaċ í. Ansan ṫug sé fúiṫi, agus d'ardaiġ suas go neaṁspleáċ í. Sin rud nárḃ ḟéidir le héinne eile dá raiḃ ann a ḋéanaṁ.

Do riṫ an Gaḃa beag ċuige, agus rug ar láiṁ air. “Mo ċeol do ċuisle, a Ṡeáin,” ar seisean. “Níl aon ḃaol ná go ḃfuil tú ró-ṁaiṫ do Ṗounder Ó Cinnéide an lá ab ḟearr a ḃí sé.”

Do ċuir na daoine uaill-ġáir astu. Do lean an leasainm sin Seán Sayers ón lá san go dtí an lá atá inniu ann. Níor tugaḋ riaṁ air aċ “an Pounder.” Aċ ní loċtóḋ san é.

An ḃliain a ḃí ċugainn ṗós sé cailín ó Ṗaróiste Ḟionntrá, cailín gurḃ ainm di Cáit Ní Ḃeoláin.

Do ḃíos-sa seaċt mbliana d'aois san am san.

Do ṗós mo ḋearṫáir, Ṗádraig, an ḃliain ina ḋiaiḋ sin iníon do Ṡeán Bán ar an mbaile. Cailín mánla ab ea í, fáiḋiúil, glic. Is é an ainm a ṫugaimis uirṫi ná Máire Ṡeáin Ḃáin.

Go gairid ina ḋiaiḋ, do ṗós mo ḋeirfiúr Máire, fear do ṁuintir Ċinnéide i bParóiste Fionntrá.

Do ḃí gaċ duine acu anois ag déanaṁ dó féin, aċ do ḃíos-sa mar ċúram ar m'aṫair fós. Ḃí a ḋóṫain cúraim air, cé gur scláḃaí dian díċeallaċ ab ea é.

Ón lá ṗós mo ḋearṫáir is dóiġ liom naċ mór an suaiṁneas aigne a ḃí ag m'aṫair. Ḃí bean a ṁic teasaí lasánta. Dá gcuireaḋ sé an cnoc ṫall ar an gcnoc aḃus ní ḃeaḋ sí buíoċ de tráṫnóna.

Fear ciúin ciallṁar ab ea m'aṫair, ná raiḃ dúil in aċrainn ná i dtoirmeasc aige. Dá ḃrí sin, is minic a ṫugaḋ sé cluas ḃoḋar do ḃean a ṁic, nuair a ḃíoḋ an ḟearg uirṫi. Is minic a ḃínn ag éisteaċt leo, is do ḃíoḋ trua agam dom aṫair, an íde béil a ġeiḃeaḋ sé.

Is é ṫuigim anois, agus is dóiġ liom gur fíor é, gur ar mo ṡonsa agus ar son mo ṁáṫar a ḃí gan sláinte, d'ḟulaing sé oiread san d'íde béil, mar is minic, dá mbeaḋ croí cloiċe aige, go gcaiṫfeaḋ sé freagra do ṫaḃairt uirṫi, aċ ní ṫugaḋ. Is é an t-aon ḟreagra aṁáin a ṫugaḋ sé uirṫi—"Muise, b'ḟearr duit ciall a ḃeiṫ agat, a 'níon ó!"

Aċ cad ab áil liom ag caint? Is é deir an seanḟocal "Coṁairle do ṁnaoi ḃoirb nó beiṫ ag gaḃáil de ribe ar an iarann fuar."

Ḃíos-sa ag dul i seanċríonnaċt. Ḃíoḋ orm a lán postaireaċt a ḋéanaṁ. Ḃíoḋ orm an ba d'aoireaċt, nuair a ḃíoḋ m'aṫair is mo ḋearṫáir, Seán, go gnóṫaċ.

Ḃínn ag dul ar scoil gaċ lá, is ḃí ag éirí liom. Is annaṁ lá a ḃíoḋ mo ċeaċta in easnaṁ orm, mar ḃímis ag gaḃáil dóiḃ nuair a ṫagaimis lena ċéile istoíċe. I dtiġ Jim a ḃímis bailiṫe. Ḟear deas tí ab ea Jim, agus scoláire maiṫ. Dá ḃrí sin, gaċ ḟocal is gaċ ceist a ḃíoḋ in easnaṁ orainn, do réitíoḋ sé is do ċuireaḋ i dtuiscint dúinn iad. Do ḃí ceaṫrar iníon aige ḟéin agus beirt ṁac—ál deas clainne, cé ná raiḃ éinne acu os cionn a ḃáis, aċ an t-éinne aṁáin: dob í sin Cáit. Ḟuair gaċ éinne eile acu bás i ndiaiḋ a ċéile, slán mar a n-instear é! agus iad ḟásta suas.

Maidin ḃreá sa Ṁeiṫeaṁ, ḃíos ḟéin is Cáit imiṫe an-ṁoċ ċun scoile. Ní ḃíoḋ 'ḟios againn cad é an t-am a ḃíoḋ sé, aċ buille ḟé ṫuairim a ṫaḃairt, toisc gan aon ċlog a ḃeiṫ ag éinne san am san. Dá ḃrí sin ḃíomar tamall maiṫ ag an scoil sarar ṫáinig éinne eile orainn. Aċ i gceann tamaill do ḃí na scoláirí go léir ag bailiú. Ḃíomar ag ḟeiṫeaṁ leis an Máistir ná raiḃ tagṫa fós. I gceann leaṫuair an ċloig nó mar sin, ċonaiceamar ċugainn an bóṫar anoir é. Ḃí sé ag siúl go mall, agus daṫ an-ḃán ar a aġaiḋ.

“Dia linn, a Ċáitín,” arsa mise, “naċ bán an daṫ atá ar an Máistir inniu!”

“Tá, ṁuise,” ar sise; “is dóċa gurb aṁlaiḋ ná fuil sé go maiṫ.”

Ḃí sé, an t-am san, ag bun na staiġrí a ḃí ag dul suas ċun na scoile. Ḃuail sé a láṁ ar an gclaí ċun teannta a ṫaḃairt dó. Ḃí sé ina ṡeasaṁ ar an staiġre uaċtaraċ nuair a

tógaḋ glan ón staiġre é, agus buaileaḋ an duine boċt ar cúl a ċinn ar an mbóṫar cruaiḋ.

Do screaḋ is do liúiġ na páistí go léir. Leis an uaṗás gleoiḋ a ḃí againn, do ċuala fear ó Ḃaile an Ġleanna sinn, is ṫáinig sé. Nuair a ṫáinig sé mar a raiḃ an Máistir sínte ní raiḃ ansúḋ aċ an dé. Ċuir sé beirt de ḃuaċaillí na scoile ag glaoċ ar ċabair. Ṫáinig mórán daoine. D'imiġ teaċtaire ag triall ar an sagart, agus ṫóg an ċuid eile leo é go dtí n-a ṫiġ féin.

Ṫáinig an sagart is do ċuir sé an Ola Ḋéanaċ air—an tAṫair Liam mac Aoḋagáin an sagart paróiste a ḃí againn san am san, Is é an focal déanaċ adúirt Doṁnall Máistir leis.

"A Aṫair," ar seisean, "féaċ i ndiaiḋ ṁic mo ḋeirféar, agus taḃair an scoil dó, ós ruḋ é nár ḟan mo ṁac féin ina bun."

"Tá go maiṫ, a Ḋoṁnaill," arsa an sagart "beannaċt Dé agat anois!"

Ní fada eile a ṁair Doṁnall, agus fuair Máistir Ó Dálaiġ an scoil ina ḋiaiḋ. Fuair sé saol fada ina bun. Go dtuga Dia saol fada dá ṁac ina bun ina ḋiaiḋ! Níl dabt ná gur ṁaiṫ an fear Máistir Ó Dálaiġ, múinteoir cliste agus sás gaċ crua-ḃroid do réiteaċ.

Ḃí an Máistir nua anois againn, aċ, ar ṁ'anam má ḃí, gur ḃagarṫaí go mór é ná sean-Doṁnall. Ḃí sé mear tapaiḋ, óg, misniúil, agus é mallaiṫe go maiṫ nuair a ḃíoḋ ag teip air aon ní cóir ná fónta do ḋaingniú sna plaoisc againn. An riaċ aċ gur minic a

fuaireas féin laingín boise uaiḋ a ċuir speaḃraoiḋí mo ḋóṫain orm!

Is maiṫ is cuiṁin liom an ċéad uair a tosnaíoḋ ar an nGaeilge a ṁúineaḋ sna scoileanna. Do ḃí ár scoilne ar na céad scoileanna i gCiarraiġe go raiḃ sí 'á múineaḋ iontu. Níor ró-ḋeacair í ṁúineaḋ do ṗáistí Ḋúnċaoin mar, ar nḋóiġ, is as an dteangain sin a fuinneaḋ is a fáisceaḋ iad, agus ḃí an Máistir cliste léanta ċun í ṁúineaḋ ḋóiḃ, mín agus garḃ.

Is maiṫ is cuiṁin liom nuair a ṫosnaíos ar í ḟoġlaim ar dtúis. An leaḃairín a ḃí agam, do ḃíoḋ an Ġaeilge i dtaoḃ den leaṫanaċ agus an Béarla ar an dtaoḃ eile. Measaim gur "Bó ḃán, a white cow," "Gaṁain breac, a speckled calf," agus focail mar sin a ḃí ann. Aċ do ḃí an beagán ag dul go dtí an mórán i ḃfaid na haimsire, agus an rud ná bíoḋ sa leaḃar ḃí sé ṫar barr ag an múinteoir. Ní ḟéadfainnse é siúd a ċáineaḋ. Ar ṡon mé ḃeiṫ im ṁnaoi ċríonna anois, bíonn bród orm é ḃeiṫ le rá agam gurḃ é Seán Ó Dálaiġ an múinteoir a ṁúin mé.

I gceann beagáin aimsire ḃí sé ráite go raiḃ an Máistir is an Ṁáistreás ċun dul go Baile Áṫa Cliaṫ ag tarraing céim léinn. B'ḟíor é sin, mar, tráṫnóna Dé hAoine a ḃí ċugainn, agus é ċun sinn a scaoileaḋ aḃaile—

"Táimse ċun imeaċt uaiḃ ar feaḋ tamaill," ar seisean. "Ní ḃeiḋ mé ṫar n-ais go ceann naoi mí, agus dá ġearánaí a ḃíoḃair orm mé ḃeiṫ crosta liḃ, deirimse liḃ gur míle measa

ḋíḃ an bioránaċ atá le teaċt. Sin é a ḃainfiḋ ḋeataċ asaiḃ!”

Ara, a ḋuine na n-árann, do sceiṁliġ sé inár mbeaṫaiḋ sinn. Ní raiḃ de ġeoin againn as san go Luan aċ an Máistir gránna mallaiṫe a ḃí le teaċt ċugainn.

Aċ ’om ḃriaṫar naċ mar síltear bítear.

Ar maidin Dé Luain, nuair a ċuamar ar scoil, ní ag cuiṁneaṁ ar ár gceaċta do ḃíos féin agus Cáit, aċ ag cuiṁneaṁ cad é an sórt duine an Máistir a ḃeaḋ roṁainn.

“Ṁuise an diag, a Ċáit, n’ḟeadar an doṁan an mbeiḋ sé deas linn?”

“M’anam, ṁuise, a ċailín,” adeireaḋ Cáit, “ná beiḋ. Is dóċa naċ ionann éinne agus do ḋuine féinig.”

Do ḃíomar mar sin ag cur an tsaoil trí ċéile nó gur ċuamar isteaċ ar scoil. Ḃí cuid de sna scoláirí roṁainn agus cuid acu ag teaċt inár ndiaiḋ. Ṡuiġ gaċ éinne againn aníos ar a ḃinse féin, mar ní raiḃ cead againn ḃeiṫ ag caint anois. D’ḟéaċas féin suas i dtreo an ḃoird. Do ḃí fear iasaċta ina ṡeasaṁ ann, craiceann buí air, agus folt duḃ casta. Ḃí sé teann téagarṫa láidir, agus deallraṁ air gur beaṫaíoḋ go maiṫ ina ḃunóic é.

“Dia le m’anam, an Máistir nua!” arsa mise im aigne féin.

Ḃí cailín óg suite ar ċaṫaoir in aice leis, gruaig duḃ uirṫi, agus cneas aici ċoṁ geal le sneaċta. Do ḃí an dearg meascṫa tríd an ngile sin ina leicne, agus dá ṡúil ḃeo ṁeiḋreaċa ina ceann. Ní raiḃ sí ard, aċ do ḃí sí

fuinte córaċ. Ní raiḃ aon ċáim le fáil uirṫi aċ aṁáin go raiḃ rian na bolgaí go doiṁin ina ceannaċa.

“Ar ṁ'anam gur tú an Ṁáistreás nua,” arsa mise.

Is í ḃí ann go cinnte, agus b'í sin an múinteoir deas cneasta.

D'éiriġ sí den gcaṫaoir i gceann tamaill, is do ṡuiġ an Máistir ina hionad. Do ṫosnaiġ sé ar na hainmneaċa do ġlaoċ, aċ, a ḋuine na n-árann, do baineaḋ geit asainn. Mara mbeaḋ 'ḟios a ḃeiṫ againn gurḃ é an Rolla a ḃí aige 'á ġlaoċ ní ṫuigfimis é. Ḃí blas ċoṁ gallda ar a ċuid cainte is ḃeaḋ ag piarda Sasanaiġ anall ó ċaṫair Londain. Ní raiḃ smiog Gaeilge ina ṗus. Aċ mara raiḃ féin, ḃí sé ar a ċumas na scoláirí do ṁúineaḋ go dian-ṁaiṫ. Is maiṫ is cuiṁin liom, nuair a ḃímis suite ar na binsí ag scríoḃ páipéir nó ag déanaṁ áiriṁ, go n-éalaíoḋ sé ar an dtaoḃ ṫiar dínn, agus cluas air ag éisteaċt linn, mar ba ġnáṫaċ linne ḃeiṫ ag stealláḋ Gaeilge le ċéile nuair a ġeiḃimis an ċaoi air. Dá ḃrí sin, ḃíoḋ sé go haireaċ ag éisteaċt linn ad iarraiḋ gaċ focal di do ḃailiú leis. Aċ mo ṁairg! Ḃí feiḋm air, mar níor ṁór do tamall fada ċun an crampa millte a ḃí 'na ṫeangain do ḃogaḋ!

Ṫug sé naoi mí ar scoil ár múineaḋ, is caiṫfiḋ mé a rá nár ḃuail sé buille slaite ná boise ar aon ṗáiste a ḃí ar scoil ar feaḋ an ama san. Nuair a ḃíoḋ cúis ar aon ṗáiste aige, is aṁlaiḋ a ḃeireaḋ sé ar ribe dá ċuid gruaige, is do ḃaineaḋ stracaḋ maiṫ as. Buaċaill breá macánta ciallṁar ab ea é. Ḃí

gaċ duine sa ṗaróiste lán de ċion air. Séamas Ó Gliosáin dob ainm dó, ó Oileán Ciarraiġe.

An lá díreaċ sarar imiġ sé aḃaile, dob é sin an lá déanaċ sa scoil aige. Níor ḟág sé páiste beag ná mór ná gur ṫug sé misleáin dóiḃ, is d'ḟág slán is beannaċt Dé ag gaċ duine acu.

Dia Luain a ḃí ċugainn, do ḃí ár Máistir agus ár Máistreás féin tagṫa, agus dar ndóiġ, is orainn a ḃí an ríméad agus an t-áṫas, is go mórṁór ó ḃí an ċraoḃ sciobṫa acu leo.

III.—Mé im Ċúis Aċrainn

Caṫ nár buaileaḋ. Císte milis. Is tréan é an dúil! M'aṫair is bean a ṁic. Tráċt ar mé ċur in aimsir.

GAN am san ḃí Ceist na Talún ag suaṫaḋ na tíre ins gaċ aon ḃall, is ḃí na tiarnaí go bagarṫaċ. Do ċaiṫfidís cíos nó a gcuid féin d'ḟáil. Mara mbeaḋ an cíos le fáil, do ċaiṫfí an tionónta go mítrócaireaċ amaċ. Ḃí na daoine ag éirí ina gcoinne anso agus ansúd aċ ḃí na tiarnaí agus a gcuid airm go ró-ċoṁaċtaċ. Mo ḃrón! Is iomaí baintreaċ dealḃ agus dílleaċtaí a ċaiṫeadar amaċ cois na gclaṫaċ gan taise, gan trua, gan trócaire!

Ċuaiġ ráfla amaċ imeasc na ndaoine san am san go raiḃ Muiris Firtéar sa Ḃaile Uaċtaraċ le cur amaċ as a ċuid talún an tseaċtain a ḃí ċugainn. Anois an t-am ag muintir Ċorca Ḋuiḃne seasaṁ dá gceart. Ḃí Tomás Máirtín ó sna Gorta Duḃa ina Ċaptaen ar an Land League, agus pé ní adéarfaḋ san do ḃí na buaċaillí go léir uṁal dó. Dá ḃrí sin, ḃíodar coṁairliṫe go maiṫ aige cad ba ṁaiṫ dóiḃ a ḋéanaṁ lá an ċruatain.

An lá a ḃí beartaiṫe ag na báillí ċun teaċt ag baint seilḃe den ḃFirtéaraċ, ní dóiġ liom

go raiḃ a leiṫéid de ġeoin ná a leiṫéid de ḋul trí ċéile riaṁ i bParóiste an Ḟirtéaraiġ agus a ḃí ann an lá san. Ní raiḃ fear óg ná aosta a ḃí ábalta ar ḃreiṫ ar aon tsórt airm ná go raiḃ ag triall agus ag taisteal fé ḋéin na háite a ḃí beartaiṫe amaċ ag an gCaptaen Máirtín.

Is cuiṁin liom go maiṫ, timpeall a ḋóḋéag a ċlog an lá san, gur ḋún an Máistir doras na scoile, is aon ċuid againn go raiḃ coinnlíoċt iontu, do ċuamar lena ċois soir go dtí an tArd Rua, san áit go raiḃ raḋarc maiṫ againn ar na sluaite.

Cé ná raḃamar in aice leo, is ná raiḃ a ḟios againn conas a ḃíodar ag obair, ḃí raḋarc uafásaċ againn le feiscint—na céadta fear, óg agus aosta, agus a arm féin ar ġualainn gaċ fir acu. An ċuid acu ná raiḃ na pící acu, do ḃí grafáin agus cleiṫeaċa acu, agus a lán eile arm a ḃí díoḃálaċ go maiṫ.

Ċuala ina ḋiaiḋ sin daoine 'á rá mara mbeaḋ an Sagart Paróiste a ḋéanaṁ réitiġ nárḃ ḟios conas a ṫárlóḋ, mar, nuair a ṫáinig an t-arm gallda, póilíní, siriam, agus báillí, do ċaiṫ duine éigin urċar leo. Ní túisce sin ná ṫug an Captaen a ḃí orṫu ordú droċḟuadair dá ċuid fear.

Má ṫug, ṫug Captaen Máirtín ordú dá ċuid fear féin. "Fix bayonets!" arsa an captaen gallda. "Fix pikes, boys!" arsa an captaen Gaelaċ. Ní túisce san ná ḃí na céadta píce agus cleiṫ san aer, aċ ṫáinig an Sagart Paróiste, agus do ḋein sé réiteaċ i láṫair na huaire sin.

Is é mo ṁórṫuairim ná raġaḋ an t-arm gallda slán abaile, mar do ḃí trinsí doiṁne gearrṫa sna bóiṫre ag cuid d'ḟearaiḃ an Ṁáirtíniġ, aċ, mo ḃrón agus mo ṁilleaḋ! Tá luċt na breibe riaṁ ann agus beid go deo, agus ḃí ailp faċta ag fear éigin a ḋein spiaireaċt agus a ḋ'ḟógair don arm gallda gan dul ṫar n-ais an ḃealaċ a ṫángadar, aċ gaḃáil malairt bóṫair, mar go raiḃ na bóiṫre gearrṫa rompu.

Níor lig na póilíní aon ní orṫu agus ġaḃadar malairt slí. Ba ṁaiṫ an ḃail orṫu gur ġaḃadar, mar is í an tseift a ḃí ceapaiṫe ag na Gaeil, nuair a ġeoḃaidís an t-arm gallda teannṫaiṫe ar an slí go dtiocfaidís i leiṫ a ndroma orṫu, agus is dóiċí go mbeaḋ troid uafásaċ acu. Aċ fé mar ḃí an scéal dob ea ab ḟearr é. Ní raiḃ éinne gortaiṫe ná marḃ ina diaiḋ, pé scéal é.

Nuair a ṫángamar abaile an tráṫnóna san, ní raiḃ d'aḃar cainte ag éinne aċ an dul trí ċéile a ḃí i mBaile an Ḟirtéaraiġ an lá san. Nuair a ṫánga féin abaile, pé scéal é, ḃí ocras mo ḋóṫain orm. Do ḃí lutóg ṗrátaí cois na tine, is iad breá, róstaiṫe, te. Ṫug mo ṁáṫair ċugam blúirín ime agus braon bainne, agus dar mo ḃriaṫar ná fuaireas aon loċt orṫu. Ní raiḃ arán bán ná té ag éinne an uair sin, óg ná críonna.

Ní raiḃ sé aċ iṫe agam nuair a ṫáiniġ Cáit Jim isteaċ. Ḃí gleo agus glisiam againn i dtaoḃ na mbáillí agus na bpóilíní. Ḃí m'aṫair

ina ṡuí ar an gcaṫaoir in aice linn, agus é ag cur tobac ina ṗíp.

"Ḋe, fuaċt agus oiġear oraiḃ!" ar seisean, "marab oraiḃ atá an ġliogaireaċt."

Ċúbamar ċugainn go tapaiḋ. I gceann tamaillín do labair Cáit liomsa.

"An ḃfuil fiaċa do leaḃair agat," ar sise liom, "i gcoṁair an lae amáraiġ?"

"Níl, mara ḃfaiġeaḋ óm aṫair é," arsa mise.

"Ṁuise, a ḋalta, is geall ar an gcat a craiceann! An ḃfuil puinn ag dul air?" arsa m'aṫair.

"Níl, ṁuise, aċ leaṫréal," arsa mise.

"Dia go leo linn, is dealḃ an póca a ṁoṫóḋ é! Aċ cogar! beir leat siar leaṫdosaon uḃ go dtí Sean-Ċáit, is taḃarfaiḋ sí an leaṫréal duit."

"Sin í díreaċ an ceist," arsa mise—"má ġeiḃim na huiḃe."

"Ġeoḃair; cad 'na ṫaoḃ ná faiġfeá?"

Ní raiḃ aon an-ṁuinín agam as bean mo ḋearṫár, aċ ḃeaḋ am go leor ċun iad do lorg uirṫi ar maidin. Ní raiḃ aon ḃuanaíoċt ag m'aṫair sa tiġ, tá 'ḟios agat. D'imiġ Cáit aḃaile ċun a ceaċta d'ḟoġlaim, is do ċaiṫeas féin an ċuid eile den oíċe cois na tine, ag éisteaċt lem aṫair is le Sean-Ṁuiris ag scéaltóireaċt nó go raiḃ sé in am codlata.

Ar maidin, nuair d'éiríos ḃí fiaċa mo leaḃair ag déanaṁ mearḃaill dom. Níorḃ ḟios dom ó Neaṁ anuas conas a loirgeoinn na huiḃe. Aċ ḃí an ṁaidin ag sleaṁnú léi agus páistí an ḃaile ullaṁ ċun scoile. Fé ḋeireaḋ, do ḃris ar an ḃfoiġne agam.

"A Ċáitín, an dtaḃarfá dom sé cinn

d'uiḃe?" arsa mise go bladarṫa le bean mo ḋearṫár.

"Cad dob áil leat díoḃ?" ar sise.

"Teastaíonn leaḃar uaim, is tá leaṫréal air. Taḃarfad na huiḃe go dtí Sean-Ċáit, is ġeoḃad na pingní uaiṫi."

Ṫug sí ḋom iad, is nior ṁó liom saiḃreas san am san. D'imíos trasna na haḃann siar. Ḃí Sean-Ċáit istiġ roiṁam sa ḃoṫán, is í ina suí ar a corragiob, agus an boṫáinín lán de ḋeataċ timpeall uirṫi. Ṡíneas ċuici na huiḃe, agus dúrt léi leaṫréal a ṫaḃairt dom. D'éiriġ sí ina seasaṁ, is ċuaiġ sí go dtí cupard beag a ḃí ṫíos in íoċtar an tí. Ḃuail sí uaiṫi na huiḃe agus ṫarraing sí amaċ sparán mór fada go raiḃ a lán pócaí beaga air. Ḃí na pingni i bpóca, agus na scillingí i bpóca, agus na réalaċa miona i bpóca eile.

Faid a ḃí sí ag méarnáil leis na pingní—mar ní ḟeicfeá méar a ċur id ṡúil leis an ndeataċ—ṫugas féin fé ndeara císte aráin istiġ ar ṡeilp an ċupaird. Císte de ṗlúr ġeal ab ea é agus úlla ina lár agus siúcra ar a uaċtar. Ṫáinig dúil an ċuit agam ann agus do ṫaiḃríos láiṫreaċ ar ċuid de a sciobaḋ. Ní raiḃ mórán ama agam ċun puinn biṫiúntaíoċta a ḋéanaṁ, aċ an méid a ḃí le ḋéanaṁ, do ḋeineas go tapaiḋ é. Ċuireas mo ċrúca sa ċíste, agus Sean-Ċáit ar a corragiob fém bun, ḋeineas ḋá leaṫ de, is ḃuaileas leaṫ acu féin ascaill!

Ṡín Sean-Ċáit ċugam na pingní.

"An ag dul ar scoil ataoi anois, a stóirín?" ar sise.

“Sea, ṁuise,” arsa mise, agus mé an doras amaċ. Aċ ’om baisce ná beaḋ sí ċoṁ bladarṫa san liom dá mbeaḋ ’ḟios aici go raiḃ an císte milis imiṫe ċun siúil ag Peig!

Ḃí Cáit ag feiṫeaṁ liom ag bun an ḃóiṫrín

“Tá an ċuid eile imiṫe fadó,” ar sise.

“Ná bac san ḋíoḃ, sin é mar is fearr an scéal,” arsa mise, agus nuair a ḋruideamar síos ó raḋarc na dtiṫe, ṫarraingeas-sa amaċ óm ascaill mo ḋaṁad aráin.

“Féaċ, a Ċáitín, cad tá agamsa!”

“A Ḋia na ḃfeart, cá ḃfuairis é?” arsa Cáit.

“Ġoideas é ó Ṡean-Ċáit, a ċailín,” arsa mise.

Ba ġeall le hionaḋ blúire aráin ḃáin d’ḟeiscint san am san. Aċ do ḃí sé againne anois—stráiméaḋ de císte plúir, a ḃí ċoṁ milis le mil, déanta d’úlla agus de ṡiúcra agus d’earraí eile.

“’Om briaṫar,” arsa Cáit, “go mbeiḋ an lá fén dtor againn.”

“Aċ cogar, a Ċáit! cad a ḋéanfadsa má ġeiḃeann Sean-Ċáit amaċ gur mé a ṫug an císte uaiṫi?”

“Ní ḃfaiġiḋ go deo! Conas a ġeoḃaiḋ sí amaċ é? Dar ndóiġ, ní raiḃ sí ag féaċaint ort?”

“Ní raiḃ,” arsa mise, agus sórt aiṫreaċais ag teaċt orm mar sin féin. “Aċ do ḃí Duine Éigin ag féaċaint orm. B’fearr liom anois ná bacfainn é. Is é seo an ċéad ċladaireaċt riaṁ gur smaoinios uirṫi, agus féaċ gur ċuireas i ngníoṁ í. Ó, Dia lem anam, beiḋ Sean-Ċáit

ag duḃ-eascainí anuas orm! Aċ is measa dom m'aṫair ná í, má ġeiḃeann sé fios air."

"Bain Fíor na Croise ort féin," arsa Cáit, "agus iarr ar Ḋia tú ċosaint uirṫi!"

"An diag," arsa mise, "gur breá bog atá sé agat!"

Ḃíomar ag doras tí na scoile san am so.

"A Ḋia móir!" arsa mise le Cáit, "tá an Rolla dá ġlaoċ! An raġam isteaċ?"

"Ṁuise ní ḃeiḋ ann aċ cúpla ḃinse," arsa Cáit. "Ní ḃraiṫfeam é, ó tá ár mbolg lán."

Seo isteaċ linn, aċ má ċuamar, is feargaċ an ḟéaċaint a ṫug an Máistir orainn.

"Aníos anso go dtí an bord!" ar seisean.

Do ḃuaileamar ċuige suas, corp ar aġaiḋ. Mé féin ba ġiorra dó.

"Sin amaċ do láṁ!" ar seisean.

Do ṡíneas amaċ mo láṁ go leisciúil. Fuaireas léas agus dá léas. Fuair Cáit ḃoċt an toṁas céanna. D'iompaíomar ón mbord, agus do ṡuíomar isteaċ ar ár mbinse.

Do ċeannaíos an leaḃar a ḃí uaim. Is maiṫ is cuiṁin liom gurḃ é an ċéad scéal Gaeilge a léas é. Ní raiḃ aon ċuiṁne agam ar an smísteáil a fuaireas ón Máistir, nuair a ḃí mo leaḃairín nua agam ag dul abaile.

Tráṫnóna, is mé ag déanaṁ ar an ndoras tar éis teaċt ó scoil, do ċuala an ġeoin agus an foṫraṁ istiġ.

"Tá go breá," arsa mise liom féin, "siḋ í Sean-Ċáit atá am ġearán, is tá an ṗraiseaċ ar fuaiḋ na mias agam anois."

Ṫit an lúg ar an lag agam is do ḋeineas fén doras go leisciúil. Aċ ní hí ḃí istiġ in aon ċor aċ cuid den tsean-aċrann a ḃí ar siúl acu, mar do ċuala m'aṫair ag rá na ḃfocal so, le linn dom dul isteaċ—

“Is dáine bean ná muc, agus is dáine an muc ná an diaḃal!” le bean an ṁic is ea ḃí sé ag caint.

“Cad tá oraiḃ, a Ḋaid?” arsa mise.

“Ṁuise, is cuma ḋuit, a ḋalta,” ar seisean. “Aċ iṫ do ḃlúire ḃiḋ an ḟaid a ġeoḃair é.”

D'imiġ sé uaim, agus a píp dearg aige, is níor ḟill sé ar an dtiġ nó go raiḃ an oíċe tiṫiṫe.

Ní raiḃ gíog as éinne ar fuaid an tí an ċuid eile den tráṫnóna.

Ba ḃéas le Sean-Ṁuiris teaċt ag boṫántaíoċt ċugainn gaċ oíċe.

“Naċ fada go ḃfuil Muiris ag teaċt anoċt!” arsa mise; agus lena linn sin ḃuail Muiris an doras isteaċ. Do ṡuiġ sé ar ċaṫaoir cois na tine, is ḃí sé féin agus m'aṫair ag cur síos ar ċúrsaí an tsaoil. Ní raiḃ éinne iasaċta aċ Muiris istiġ san am so. Ḃí Seán is a ḃean imiṫe ar an dtaoḃ ṫall d'aḃainn. Ḃí mo ṁáṫair ina codlaḋ sa ċúinne. Ḃíos féin suiṫe ar stóilín cois na tine is mo leaḃar nua agam, aċ ní ag taḃairt aire don leaḃar is mó a ḃíos aċ ag éisteaċt lem aṫair a ḃí ag gearán a ċúrsaí le Muiris.

“Is cad tá le déanaṁ agat?” arsa Muiris.

“Is é an rud atá beartaiṫe agam,” arsa m'aṫair, “dá ḃfaiġinn aon áit oiriúnaċ go

gcuirfinn an créatúir ġearrċaile sin in aimsir."

"An ea?" arsa Muiris.

"Sea, cad eile?" arsa m'aṫair. "Táim deiṁniṫeaċ dá mbeaḋ sí fágṫa an tiġ go mbeaḋ níos mó suaiṁnis agam ná mar atá. Ní beag leo an tsean-ḃean san sa ċúinne mar ċostas orṫu, is gan ḃeiṫ ag titim léi seo ḃeiḋ bia agus balcais éadaiġ aici, pé scéal é, is ní ḃeiḋ sí mar ċuid tormais ag éinne."

Nuair a ċuala féin an ċaint sin do ṫosnaíos ag gol.

"Stop suas!" arsa m'aṫair. "Ní ṫéann an scéal so ċoṁ fada leat in aon ċor an turas so. Ná labair focal as do ḃéal le héinne."

"Ní laḃarfad," arsa mise, agus do ḃuaileas mo ċeann fúm.

Ṫarraingeadar seanċas éigin eile ċucu an ċuid eile den oíċe.

Ḃí sé ag déanaṁ ar aimsir ċodlata ansan.

"Sea, oíċe ṁaiṫ agaiḃ!" arsa Sean-Ṁuiris.

"Slán leat," arsa m'aṫair.

Ċoṁ luaṫ is ḃí sé imiṫe, do ċuaiġ gaċ éinne ar a ġlúine agus dúirt sé a ṗaidir. Do ċuas-sa a ċodlaḋ, aċ má ċuas, ní raiḃ aon ċodlaḋ ag titim orm. Ḃíos ag cuiṁneaṁ ar an gcaint adúirt m'aṫair le Muiris. Cad a ḋéanfainn nuair imeoinn óm ṫiġ féin, cá raġainn, nó cé ḃeaḋ ċun éinní a ḋéanaṁ dom ṁáṫair ḃoiċt? Ḃí sí gan sláinte fé mar adúirt ċeana. Cé ṫaḃarfaḋ deoċ ċuici, nuair a ḃeaḋ sí ina gátar? Ní ḃeaḋ m'aṫair ag baile i gcónaí. Ní ḃeaḋ éinne ċun scéal ná duain a ċur i dtuiscint di, mar, mar ḋonas ar an scéal, ḃí

beagán allaíre uirti. Ḃeaḋ sí feasta gan sólás gan compord mar is mise an t-aon-tsólás aṁáin a ḃí aici. Aċ ḃeinnse imiṫe, agus níorḃ ḟéidir liom aon ḟóiriṫin a ḋéanaṁ uirti. Do ḃí a mac Seán, go cneasta léi, aċ is cuma san—nuair a ḃeaḋ an cat amuiġ do ḃeaḋ an luċ ag rince.

Ḃí na smaointe sin go léir ag dul trí n-a ċéile sa tslí go raiḃ fuar-allus ag teaċt tríom amac, aċ sa deireaḋ ṫiar ṫall do ṫit mo ċodlaḋ orm. Nuair a ḋúisíos ar maidin, ḃí an ġrian ag taitneaṁ go soillseaċ. D'éiríos amaċ agus do ċuireas orm mo ċuid éadaiġ.

"Ṁuise, go gcuire Dia ar mo leas mé?" arsa mise. "Ḃeiḋ am go leor agam ċun cuiṁniṁ. Níl agam aċ an donas do ċur ar an méir ḟada."

IV.—"An Sean-ṗort céanna go deo, deo!"

Lá agam amuiġ i mbun tí mo ḋeartár. Míṡásaṁ dá ċionn san ar ḋuine eile. "Bíoḋ tiġ éigin eile aici!" Cuiṁne m'aṫar ar an nGorta. An corp a ṫit tríd an gcoṁrainn!

Seanḟocal is ea é 'naċ i gcónaí ḃíonn Doṁnall Buí á ṗósaḋ ná cóir aige ċuige.' B'é an scéal céanna agamsa é. Arna ṁáraḋ—dob é an Saṫarn é—d'éiríos go moċ mar do ḃí an ṁaidean an-ḃreá, is nuair a ḃí an bia caite agam, dúirt Cáit liom dul síos i ḃfeiġil na mbó agus Seán do ligint aḃaile ċun an ḃíḋ.

Ḃí an ṁaidean go breá grianṁar, is ḃí sé timpeall a naoi a ċlog nuair a ġlaoiġ sí orm na ba a ṫaḃairt aḃaile. Do ṫiomáineas liom iad nó gur ṫánga go bun an ċlaí ḃig. Ċualas Máire Ḃán, bean Ṗádraig, ag glaoċ orm ón dtiġ eile. D'imíos sall ċuici.

"Cad dob áil leat díom?" arsa mise.

"Go dtaḃarfá aire do Ḃríde nó go dtiocfad aḃaile."

"Cá raġair?" arsa mise.

"Táimid ag dul don Daingean. Ní beiḋ mórán agat le déanaṁ. Déanfaiḋ m'aṫair na prátaí a ḃeiriú do sna muca," ar sise.

Do ḃíos trí bliana déag go leiṫ san am so. Ḃíos ábalta ar a lán cúraimí beaga a ḋéanaṁ ar fuaid an tí.

Nuair a ḃíodar ullaṁ d'imíodar leo ċun an Daingin, is ḃí sé déanaċ go maiṫ sa tráṫnóna nuair a ṫángadar.

Ḃí tine ḃreá ḋearg sa tinteán againn. Ba ġeall le scéal nua braon té d'ḟeiscint san am san aċ ṫug Máire roinnt té léi ón nDaingean, agus do ḋein sí an té. Ṫug sí daṁad aráin báin agus cupán té dom. Dar ndóiġ, is mé a ḃí go sásta nuair a ḃí mo ḃolg lán agus roinnt milseán agam!

Nuair a ḃí gaċ ní i leataoiḃ, ḃogas liom abaile, aċ mo ṁairg! nuair a ḃíos ag déanaṁ ar an ndoras do ċuala an argóint istiġ.

"An sean-ṗort céanna go deo, deo!" arsa mise im aigne.

Do ḃí Cáit, bean mo ḋearṫár, istiġ agus faoḃar uirti ag caint.

"Bíoḋ tiġ éigin eile aici bun os cionn leis an dtiġ seo," ar sise. "Ní ḃeadsa ag beiriú bíḋ di agus í ag obair do ḋaoine eile."

Ḃí fios agam ón méid sin gur mé féin a ḃí ar siúl acu, is do ṡleaṁnaíos isteaċ go trom-ċroíoċ. Ṡuíos sa ċúinne agus do ṫarraingeas ċugam mo ṁáilín leabar. Ḃí gaċ re focal ar faoḃar aici féin agus ag m'aṫair, aċ níor ligeas orm gur ċuala iad, cé ná raḃas ag léaṁ, mar ní hair a ḃíos ag smaoineaṁ aċ ag cuiṁneaṁ a ḃíos ar an saol a ḃí roṁam. Aċ ṫáinig Muiris isteaċ, agus do ċuir san deireaḋ leis an ngiobaireaċt.

Níor ḋóiġ leat go raiḃ aon ṁíṡásaṁ riam eatarṫu ansan, mar do ṫosnaíodar ar ḃeiṫ ag cur an tsaoil trí ċéile. Ḃíodar ag tráċt ar an ndroċṡaol, agus is mór go léir an t-ionaḋ na heaċtruiṫe a ḃí ag m'aṫair air mar ḋroċ-ṡaol. Ba ċuiṁin leis gaċ aon ṗioc de.

"Do ḃíos in aois mo ṡé mblian déag, a Ṁuiris," ar seisean, "nuair a fuair m'uncal bás den ngorta. Ḃí triúr clainne aige, is iad fásta suas, is b'ḟearr leis pé greim a ḃíoḋ ar siúl a ṫaḃairt don gclainn d'ḟonn is go ḃféadfaḋ sé iad do ċoimeád ina mbeaṫaiḋ, aċ go ḃfóire Dia orainn! do ṫeip air. Do ḃí an saol ró-ċruaiḋ. É féin an ċéad duine acu a fuair bás. Fear garḃ láidir dob ea é aċ níor ḃeo gan bia é. Fuair an t-ocras an fear maiṫ air, agus do cailleaḋ é.

"Ní raiḃ coṁra ná braitlín le cur ar ḋaoine boċta san am san ná éinne i mbun iad a ṫaḃairt go dtí an teampall, aċ fuair m'aṫair sean-ċláraċa éigin, é féin agus beirt ḟear ón mbaile agus do ċuireadar le ċéile iad gur ḋeineadar sórt coṁrann díoḃ. Ḃuaileadar an corpán boċt inti. Mise an ceaṫrú duine a ḃí ina dteannta, agus is mé ḃí ċun tosaiġ. Ḃí páile ṁór ard ann is, pé mí-áḋ a ḃí orm, do ḃuail sála mo ċos i gcoinne cloiċe a ḃí roṁam, mar is i leiṫ mo ḋroma a ḃíos ag gaḃáil taoḃ an tí síos. Ní raiḃ slí ár ndóṫain ann, is tógaḋ liom is tugaḋ mo ċosa os mo ċionn ṫíos sa ḃuaile—an coṁra agus an corpán im ḋiaiḋ. Aḋmaím don tsaol, a Ṁuiris," ar seisean, "gurḃ ṡin é an lá is mó a rug scanraḋ riaṁ ó ṡin orm. Nuair a ṫógas mo ċeann, do ḃí

an ċoṁra tiṫiṫe as a ċéile, agus cosa an duine ṁairḃ ċugam amaċ!"

"B'uafásaċ an radarc é," arsa Muiris.

"B'uafásaċ, a ṁic ó! Nár liġe Dia a leiṫéid do ṡaol i measc na gCríostaiṫe go deo arís!"

"Amen," arsa Muiris.

"Dob éigean dúinn cúpla téadán a ḋ'ḟáil agus iad a ċasaḋ ar an gcoṁrainn féaċaint arḃ ḟéidir linn é ṫaḃairt go dtí an Teampall ar aon ċuma.

"Ní fada ina ḋiaiḋ a ṁair a ḃean agus a clann. Is aṁlaiḋ a leagaḋ an botán anuas orṫu, agus is cuiṁin liom," ar seisean, "gur deineaḋ an cleas céanna le ċeiṫre tiṫe a ḃí ar an mbaile againn san am san."

"Ba ṁór an trua éinne a ḃí ina ḃeaṫaiḋ san am úd," arsa Muiris.

"Fágaim le huaċt go gcriṫeann mo ċuid fola nuair a ċuiṁním air," arsa m'aṫair. "D'ḟág an saol san talaṁ bán is gan éinne ċun é áitreaḃ."

"Ó, a duine," arsa Muiris, "naċ ṡin é an ċuma gur ṡroiċ na feirmeoirí móra an talaṁ go léir atá acu fé láṫair!"

"Dob ḟurasta dóiḃ é ḋ'ḟáil san am san," arsa m'aṫair.

"Tá sé in am dul aḃaile," arsa Muiris. "Oiċe ṁaiṫ agaiḃ!" Agus d'imiġ sé.

V.—SLÁN LE M'ÓIGE.

Turas m'aṫar don Ḋaingean. Ionad aimsire sa Ḋaingean dom. An ṁaidean déanaċ ar scoil.

Ḃí an Ḋoṁnaċ arna ṁáraċ againn, is ḃí gaċ éinne go ḋíċeallaċ ag ullṁú ċun an Aifrinn, aċ nuair d'éiríos féin ní raiḃ m'aṫair le feiscint agam. Tar éis teaċt ón Aifreann ḋúinn, ḃí an ḋinnéar ullaṁ, aċ ní raiḃ m'aṫair le fáil, ná ní raiḃ ḟios ag éinne cá raiḃ sé imiṫe. Timpeall a sé a ċlog tráṫnóna is ea ḃuail sé an doras isteaċ.

"Ṁuise, ciaċ maiḋne ort!" arsa mo ṁáṫair, "Cá raḃais ó ṁaiḋin?"

"Ḃíos insa Ḋaingean," ar seisean.

"Ṁuise, cad a ḃí uait ann?" ar sise.

"Go ḃfaiġinn áit éigin oiriúnaċ don ḃpluspa gearrċaile sin."

"Agus an ḃfuairis?" arsa mo ṁáṫair.

"Tá ionad aici le fáil i dtiġ Ṡéamais Uí Ċorráin. Déanfaiḋ Neil ionad máṫar di, ná bíoḋ eagla ort."

"Ṁuise, Dia liomsa!" arsa mo ṁáṫair go cráite. "Cad a ḋéanfad?"

"Mar is fearr a ḟéadfair, a 'níon ó," arsa m'aṫair. "Má ḃíonn an réiteaċ ina diaiḋ againn, is fusaiḋe ḋúinn é."

Níor laḃair sise a tuilleaḋ aċ a ceann a ḃualaḋ fúiti, agus gol go duḃaċ.

Dá óige ḃíos-sa, ní mór ná gur ḃris sí mo ċroí nuair a ċuiṁníos ar cad a ḃí le fulang aici agus mé féin i ḃfad uaiṫi. D'éalaíos amaċ is ċuas soir don ġarraí. Ṡuíos síos agus do ġoileas mo ḋóṫain. Ní ag cuiṁneaṁ ar spórt ná ar ṡúgraḋ a ḃíos ins an am san, aċ ag cuiṁneaṁ ar an saol a ḃí roṁam. Is agam a ḃí an formad le Cáit Jim agus le sna gearrċailí eile a ḃí go gealġáireaċ ag súgraḋ ḋóiḃ féin. Do smaoineas gurḃ ait iad cúrsaí an tsaoil—daoine brónaċ agus daoine eile lúċáireaċ. Ḃíos féin san am san agus mo ċroí briste istiġ ionam le buairt agus le míṡásaṁ. Is é deirinn im aigne, má ḃí gaċ éinne go raiḃ bean ḋearṫár aici ċoṁ briste-ċroíoċ liom féin gur ṁór an trua iad. Do ḃí mo ḋearṫáir, Seán, go maiṫ, aċ ní raiḃ air aċ taoḃ den mbríste.

Do ḃí an ḋéanaí ag teaċt orm, is ṫánga isteaċ. Ḃí an bia ar an mbord, aċ má ḃí, ní mór a ċaiṫeas-sa ḋe. Ní raiḃ focal as éinne. Ḃíodar go léir ciúin aċ nuair a ṫáinig an t-am gur ḃéas le Muiris teaċt, ḃuail sé an doras isteaċ, agus Jim lena ċois. Ḃíodar ag caint is ag coṁrá ar feaḋ tamaill, aċ ní mór an ṁoill a ḋeineadar mar ḃí an slaġdán ar Ṁuiris

Nuair a fuair m'aṫair an tinteán ċuige féin, agus an ċuid eile ina gcodlaḋ—

“Téiriġse ar scoil ar maidin, a ḋalta,” ar seisean, “mar caiṫfeadsa labairt leis an Máistir mar ġeall ort.”

Níor labras focal aċ osna a ṫarraing, dúirt mo ṗaidir, agus do ċuas a ċodlaḋ. Aċ

mo ṁairg! níor ṁór an codlaḋ a ḋeineas, aċ ag cur is ag cúiteaṁ liom féin riṫ na hoíċe.

Aċ is dealraiṫeaċ gur ṫit mo ċodlaḋ orm am éigin, is ḃí an lá geal ar maidin ann nuair a ḋúisíos. Ṫógas an t-éadaċ dem ċeann agus d'ḟéaċas amaċ uaim. Do ḃí gaṫ ón ngréin ag teaċt isteaċ tríd an ḃfuinneoig is na mílte cuileog ag eiteall ṫall is abus. Ḃíos ag féaċaint orṫu, agus is gearr go ḃfaca daṁán alla agus a ṫéad de ṡíoda ċaol aige dá ṡníoṁ amaċ as a ċorp, agus é 'á scaoileaḋ féin anuas ón maide snaḋmṫa. Ḃí na héin ḃeaga ag cantain go ceolṁar ar na toir lasmuiġ. Do ċuala an coileaċ ag glaoċ go ceolṁar. Do ċuir sé i gcuiṁne dom scéilín do ḃí ag mo ṁáṫair 'á insint dom uair éigin roiṁe sin. D'ḟiafraiġ sí ḋíoṁ "Cad deir an coileaċ nuair a ġlaonn sé?"

"M'anam ná fuil 'fios agam," arsa mise.

Seo mar adúirt sí:

"Nuair a ḃí Íosa curṫa san uaiġ ḋúirt na Giúdaiġ le ċéile go ndúirt Mac an tSiúinéara, nuair a ḃí Sé ina ḃeaṫaiḋ, go n-éireoḋ Sé an treas lá. 'B'ḟéidir,' ar siad le ċéile, 'go ngoidfeaḋ a ṁuintir leo É, is go ndéarfaidís gur aiséiriġ Sé.' 'Imiġ',' arsa an tUaċtarán, 'agus daingniġ' an leac le béal na huaġa.' Nuair a ḃí an leac feistiṫe go maiṫ acu d'ḟilleadar ṫar n-ais. Do ḃí fleaḋ agus féasta acu ansan. Ḃí pota a ḃí lán de ċoiliġ óga ag fiuċaiḋ ar an dtine. Do labair an tUaċtarán. 'An ḃfuil ḃur ngnó déanta cruinn

aġaiḋ?’ ar seisean. Laḃair duine acu agus d’ḟreagair ‘Ní éireoiḋ Sé anois nó go n-éireoiḋ an t-éan atá ag fiuċaiḋ in íoċtar an ċoire.’ Ní túisce sin ná d’éiriġ an coileaċ ar ḃruaċ an ċoire, do ġread a ḋá sciatán agus do ġlaoiġ ar Ṁac Ṁuire. ‘Mac na hÓiġe slán! Mac na hÓiġe slán!’ ar seisean. Sin é an ḃrí atá leis an nglaoċ a ḋeineann an coileaċ,” ar sise.

Aċ do ċuiṁníos ar an scéilín nuair a ḃíos ag éisteaċt leis an gcoileaċ ag glaoċ.

“Ṁuise molaḋ agus buíoċas le hArdrí an Doṁain, a ċeap a ṡlí ḃeaṫa féin do gaċ créatúir do réir nádúra! Agus pé ní atá ceapaiṫe ag Dia ḋomsa ġeoḃad é,” agus do ṗreabas amaċ as an leaba.

Nuair a ḃí mo ċuid éadaiġ orm, do níos mo láṁa agus m’aġaiḋ. Ní raiḃ aon ḃia ite agam, aċ ba ċuma san. Níorḃ é sin an ċéad uair agam ag dul ar scoil im ṫroscaḋ. Nuair a ḃíos ullaṁ rugas ar mo ṁáilín leaḃar, agus ḃuaileas an bóṫar síos. Ḃíos in am agus ní raiḃ ann aċ san, mar ḃí an Rolla ’á ġlaoċ. Ṫug an Máistir straċḟéaċaint orm aċ níor laḃair sé focal.

I gceann uair an ċloig ina ḋiaiḋ sin do baineaḋ an laiste den ndoras, is cé ḃuailfeaḋ isteaċ aċ m’aṫair. Ḃí fios agam go maiṫ anois go raiḃ an t-am tagṫa is d’ḟáisc fuarallas tríom amaċ. Ḃí deireaḋ le scoil feasta agam.

Ċuaiġ sé ċun cainte leis an Máistir. Tar éis tamaill ṫáinig an Máiġistir ċugam i leiṫ.

“Tá t’aṫair ag glaoċ ort,” ar seisean go cneasta. “Slán leat, a ċailín!”

Ní ḟéadfainn focal a rá. Ḃí an iomad uaignis orm. Do ḃuail m'aṫair amaċ agus do leanas é. Ní bréag a rá ná go raiḃ cnap im scornaiġ ag dul aḃaile.

Ċoṁ luaṫ is ċuas isteaċ—"Cuir ort do ḃalcaisí anois," arsa m'aṫair.

"Fan go n-íosfaiḋ mé blúire aċ go háiriṫe," arsa mise.

D'iṫeas beagán bíḋ is ansan do ċuireas orm mo ḃalcaisí glana. Rugas ar mo ḃrat is d'ḟéaċas suas i dtreo an ċúinne ar mo ṁáṫair. Ḃí sí ina cnóisín suite cois na tine, agus í ag sileaḋ na ndeor go bog. Do riṫeas ċuici agus ċuireas mo ḋá láiṁ timpeall ar a muineál. B'éigean dom aṫair teaċt agus mé ardú leis.

VI.—An Saol Nua.

Ag siúl don Daingean. Raḋarcanna nár ṡíleas. Neil. Cairde nua agam. An scuab. "Beimíd araon buíoċ dá ċéile ar ball." Fear an óil.

Do ḃuaileamar an coṁgar ṫar cnoc soir, is an Clasaċ síos, an bóṫar san nár ġaḃas-sa riaṁ roiṁe sin. Nuair a ċuas ċoṁ fada le Ceann Trá taiḃsíoḋ dom go raiḃ gaċ ní agus gaċ áit ċoṁ hait, ċoṁ greannṁar san. Ḃí a lán ceisteanna agam 'á gcur ar m'aṫair i riṫ na slí. Aċ fé deireaḋ do ṡroiċeamar an Daingean.

Aċ mo ṁíle mairg! sin é an áit gur ṫáinig an t-ionaḋ ormsa. Tiṫe móra arda ar gaċ taoḃ díom! Daoine ag imeaċt ṫar a ċéile sall 's anall, is gan aon tuiscint agamsa ar a gcaint. Ḃí an dá ṡúil ag dul amaċ as mo ċeann le scanraḋ. "A Ḋia na bḟeart," arsa mise, im aigne féin, "ní ṁairfeadsa aon lá aṁáin anso!"

Ḃí an tiġ a ḃí uainn bainte amaċ fén am so againn. Seo isteaċ lem aṫair roṁam agus mise ina ḋiaiḋ.

"Dé ḃur mbeaṫa!" arsa bean an tí. "Tá siḃ tagṫa."

"Táimíd, a Neil," arsa m'aṫair.

"Seo liḃ isteaċ 'on ċistin," ar sise.

Ḃuail sí féin isteaċ roṁainn.

"Ná bíoḋ aon támáilt ort, a ċailín," ar sise liomsa. "Ní ḃeiḋ aon ċeal anso ort."

Ḋein sí an té, is do buaileaḋ ċugainn arán bán agus suḃ. Mise 'á rá leat gur ḃaineas cnagarnaċ as, mar ḃí ocras mo ḋóṫain orm.

"Glansa na cupáin agus na foċupáin anois, a Ṁáiġréad," ar sise liomsa.

Nuair a ḃíodar croċta ar an nḋriosúr agam—"Beir ar an scuaib agus scuab an ċistin," ar sise.

A ḋuine na n-árann ní facasa a leiṫéid sin de scuaib roiṁe sin riaṁ, mar is aṁlaiḋ a ḃíoḋ scoṫán fada craoiḃe nó fraoiġ go mbíoḋ gad casta air mar scuaib againn sa ḃaile. Aċ do ḋeineas mo ḋíċeall.

"Tá go maiṫ, a ċailín," ar sise. "Beimíd araon buíoċ dá ċéile ar ball."

Do ḃí an ceart aici, mar do ḃí oiread ceana agam uirṫi is ḃí agam ar mo ṁáṫair féin. Bean fial fáilteaċ ṁánla ab ea í, agus do ḃí Séamas, a fearċéile, gaċ aon ṗioc ċoṁ maiṫ léi. Do ḋein sé ionad aṫar dom ar feaḋ ceiṫre mbliana móra fada ina ḋiaiḋ sin.

Ceaṫrar clainne a ḃí acu, beirt ṁac agus beirt inion. Is iad san an ċlann go raiḃ stiúrú Dé orṫu! Do ḃí an mac críonna aon ḃliain déag d'aois, agus is dóiġ liom ná faca garsún ċoṁ mánla leis riaṁ ó ṡin.

Ḃí bean ċríonna sa tiġ, leis, máṫair fir an tí. 'Nain' a tugaimis uirṫi. Ḃí gaol ag m'aṫair léi. Dá ḃrí sin, ḃí sí an-ċáirdiúil liomsa.

Do ḃí siopa mór gnóṫa acu agus tarraing na dúṫai air. Is beag rud ná raiḃ 'á ḋíol ann

idir niṫe ḃain le gnó feirme agus curaḋóireaċta agus gléiseanna iascaiġ, leis, de gaċ saġas; té is siúcra, plúr, min, muiceoil agus a lán eile. Agus ina ṫeannta san ḃí gaċ aon tsaġas dí le fáil ann. Do ḃí sé ar na siopaí ba ṁó tráċt sa Daingean.

Tar éis tamaill den tráṫnóna a ḃeiṫ caite, d'éiriġ m'aṫair ina ṡeasaṁ.

“Tá sé ċoṁ maiṫ agamsa ḃeiṫ ag giorrú an ḃóṫair siar,” ar seisean. “Bíse id ċailín ṁaiṫ anois,” ag iompó ḋó orm féin, “agus ná bíoḋ aon ṁilleán ag do ṁáistreás ort.”

“Ní ḃeiḋ,” arsa Neil, á freagairt. “Ná bíoḋ aon eagla ort ina taoḃ.”

“Sea, beannaċt Dé agaiḃ!” ar seisean, agus do ḃailiġ sé leis.

Sin é an uair a ḃíos-sa im aonar i dtiġ iasaċta agus gan aiṫne agam ar éinne, agus, rud ba ṁeasa ná san, ní raiḃ aon Ḃéarla agam aċ focal gan éifeaċt.

Aċ do ḃí an t-áḋ liom, mar ní raiḃ aon Ḃéarla ag Nain. Gaeilge a ḃíoḋ d'á laḃairt i gcónaí ag muintir an tí, aċ aṁáin leis an gclainn.

Nuair a ṫáinig an oíċe, ḃíodar bailiṫe i dteannta ċéile sa ċistin. Is mise a ḃí go támáilte ina measc; aċ ní fada gur ḋeineas muintearas le Seáinín, an mac críonna, agus Anna an iníon. Ní fada go raḃamar báiḋiúil go leor le ċéile, agus do ḃíos ar ṁuin na muice ansan.

Ar a deiċ a ċlog ḃíomar ag dul a ċodlaḋ. Ṫug bean an tí léi suas an staigre mé go seomra mar a raiḃ ḋá leaba.

"Sín í do leaba-sa anois," ar sise. "Leaba Nain an ceann eile. Ní ḃeiḋ aon uaigneas ort, mar beiḋ sí ċun cuideaċta a ḋéanaṁ duit."

"Tá go maiṫ," arsa mise.

Ċuas ar mo ġlúine, agus dúrt mo ṗaidir, agus ní codlaḋ ná suan a ḃí 'á ṫaibreaṁ dom, aċ ag cuiṁneaṁ ar mo ṁáṫair ḃoiċt a ḃí go huaigneaċ im ḋiaiḋ. Ṫáinig toċt bróin orm agus do ċromas ar ġol. Aċ sa deireaḋ ṫiar ṫall do ṫit mo ċodlaḋ orm, mar do ḃíos corṫa ag an mbóṫar, is níor ḋúisíos nó gur ġlaoiġ fear an tí ar maidin orm.

Deirim-se leat, a léiṫeoir, nár ṫugas aon ċluas ḃoḋar an uair seo don ġlaoċ. Ḃíos fé smaċt anois, agus do ċaiṫfinn ḃeiṫ ullaṁ. Do ḃí an ciotal ag fiuċaḋ agam nuair d'éiriġ Neil. Ní hé cuma an tormais a ḃí uirṫi—is í a ḃí go gealġáireaċ. Ċaiṫeamar an bricfeast is do ḃíos go cúramaċ ag réiteaċ gaċ ní do sna páistí a ḃí ag dul ar scoil.

Níorḃ ḟada go raiḃ eolas maiṫ agam, mar do ḃíoḋ Seáinín lem ċois, agus ṫugaḋ sé aiṫne ḋom ar gaċ gnó. Ḃíos ag cur an tsaoil díom, lá bog agus lá cruaiḋ, agus níor ṁoṫaíos an aimsir ag sleaṁnú ṫarm.

Lá Aoine tar éis aimsir dinnéir ní raiḃ éinne sa tsiopa. Do ḃí fear an tí i ḃfeiġil beiṫioċ. Ḃíos-sa agus Neil sa ċistin. Ḃí sí ag iarnáil nuair a buaileaḋ cnag amuiġ.

"Téiriġ amaċ a Ṁáiġréad, a stóir, féaċaint an éinne atá amuiġ!"

Nuair a ċuas amaċ go dtí an siopa ní raiḃ éinne le feiscint agam. Ṫugas súilféaċaint

síos sa tseomra. Ḃí fear ina ṡeasaṁ ar an dtaoḃ ṫíos den ndoras agus go deiṁin féin níor ṁaiṫ an crot a ḃí air.

"Cad tá uait, a ḟir ṁaiṫ?" arsa mise.

D'ḟéaċ sé orm, agus do ḃí seasaṁ mí-nádúrṫa ina radarc.

"Taḃair ċugam gloine ṫoistiúin!" ar seisean.

Seo liom isteaċ.

"Tá fear críonna mí-scéiṁiúil amuiġ ag doras an tseomra, agus dúirt sé liom gloine ṫoistiúin a ṫaḃairt ċuige."

"Téanam ort amaċ," ar sise.

Ċuaiġ sí isteaċ sa tsiopa, agus do líon sí an ġloine. Ṫug sí stracṡúil síos ar ḋoras an tseomra is do ċonaic an fear ṫíos go maiṫ. Ṡín sí ċugam an ġloine.

"Ná taḃair do í nó go ḃfaiġir an t-airgead," ar sise.

B'ionaḋ liom í laḃairt mar sin liom, mar bean ċarṫannúil ḟial dob ea í.

Do ṡeasaíos ar a aġaiḋ amaċ, agus an ġloine im láiṁ.

"Tá ordú agam, a ḟir ṁaiṫ, gan í ṫaḃairt duit nó go ḃfaiġead an t-airgead," arsa mise.

D'ḟéaċ sé ar an ngloine, agus d'ḟéaċ sé ormsa, is ar m'ḟocal go ḃfuil an ḟéaċaint sin im ċroí agus im aigne fós. Ċuir sé a láṁ i bpóca a ṡeanḃríste, is ḃí tamall ag cuardaċ. Fuair sé an toistiún, agus do ṡín ċugam é.

Ṫugas dó an ġloine ansan. A Ḋia go saorair sinn! Do ḃí a láṁ ar criṫ agus a ḃéal ar leaṫaḋ! Sara raiḃ sí buailte lena ḃéal in aon

ċor aige, ḃí a raiḃ sa ġloine slogṫa siar agus foṫram aige ag dul síos ina ċliaḃ. Ċuimil sé bos dá ṗus agus d'imiġ an doras amaċ. Ṫánga go dtí Neil, agus an toistiún is an ġloine ḟolaṁ agam. Ḃí sí sa tsiopa fós.

"Do ċuir an fear amaċ scanraḋ orm," arsa mise. "A leiṫéid d'ḟear ní ḟaca an ḟaid atáim sa tiġ. Ó an slogaḋ a ṫug sé don ngloine!"

Do ċonac na deora ag titim anuas léi.

"Muise, go bḟóire Dia orainn!" ar sise, "Is é an deoċ ċéanna a ċuir mar atá sé é. Ḃí san ar an bḟear ba neaṁ-spleáí a ḃí i mbaile an Daingin. Ní raiḃ i mbéal na ndaoine aċ Tomás Beag, a aṫair. Ní raiḃ de ċlainn sa tsaol aige aċ é sin. Is mór an t-aḋnó a deineaḋ dó an lá a ṗós sé iníon ċeannaí i mbaile mór Ṫráiġlí. Do ḃí cloig an dá ḃaile ṁór ag bualaḋ dó an lá a ṗós sé, agus féaċ air anois," ar sise, "naċ ainnis é a ċrot!"

"Muise, Dia linn! a Neil," arsa mise, "naċ olc é an t-ól!"

"Is olc, a ḋalta, an té a luiġfeaḋ ró-ṁór leis."

Ċuir Neil an toistiún an tráṫnóna san uaiṫi go duine de ṁuintir an ainniseora úd. Ní ḃainfeaḋ sí féin leis.

Is minic ina ḋiaiḋ sin i riṫ na bliana a ċonac é go hainnis. Do caiṫeaḋ as a ṫiġ é féin agus a ṫriúr clainne. Ní feadar cad a ṫarla don gclainn, aċ fuair sé féin bás fé scairt éigin ṫuas i mbarr Ṡráid Eoin.

Nuair a ṫagaḋ Séamas—fear an tí—abaile do ḃíoḋ a lán eaċtruiṫe aige le hinsint, aċ

ní bhínnse ag éisteacht leo mar do bhíodh obair le déanamh agam ar fuaid an tí.

Bhí an aimsir ag sleamhnú tharm, tamall sásta agus tamall míshásta. Nuair a thagadh an oíche ní bhíodh aon cheal cuideachtan orm. Bhí muintir an tí go suáilceach gan aon dabht, ach i dtaobh Nain dó, is aisti is mó bhaininn féin agus Seáinín greann. Bhíodh sí ag insint scéalta beaga grinn dúinn. Do thugainn tamall eile den oíche ag múineadh ceachta don mbeirt ghearrchaile. Is gairid go raibh roinnt Ghaeilge acu. Bhínn ag múineadh na Gaeilge dóibh agus iad san ag múineadh an Bhéarla domsa. Bhíodh páipéar nuachta ag fear an tí agus is minic adeireadh sé liomsa—

"Bí ag léamh na bpáipéar i gcónaí, a Mháighréad, is ní dhéanfaidh tú dearmad ar do chuid scoláireachta."

Chaithimis an oíche mar sin go mbíodh sé in am codlata.

VII.—An Nollaig.

An ċéad Nollaig i ḃfad ó ḃaile agam. Clann óg an tí. Suáilce Ċríostúil. Scéal Nain ar an Uan Beannaiṫe. Mé a ġabáil "Fáilte an Linḃ Íosa" ḋóiḃ.

NÍORḂ fada uainn an Nollaig ansan. Sin é an t-am is mó fuirse agus tarrac-tríd a ṫagann ar ṁuintir an ḃaile ṁóir. An Saṫarn roiṁ Nollaig ḃí daṫ duḃ ar an sráid le daoine. Ḃa ḋóiġ leat gur cuileanna fóṁair iad ag dul trí ċéile, ag bailiú giúrléidí ó ṫiġ go tiġ—a lán de sna fir is a hataí ar a leaṫċeann acu de ḋeascaiḃ an ḃraoinín a ḃeiṫ caite acu. Ṡíleas féin ná raiḃ oiread san daoine beo is ḃí cruinniṫe istiġ sa tiġ an t-am san den ló. Agallaṁ agus geoin agus caibidil acu. Ḃí seomra an ólaċáin lán de ḋaoine, bord mór fada i lár an tseomra, suioċáin ar gaċ taoḃ de, is ní ḃfaiġeaḋ dreoilín slí eatartu, ḃí na daoine coṁ brúite sin ar a ċéile. Ḃí fear ag aṁrán agus fear ag caint, aċ ní raḃas ag éisteaċt le héinne aċ le Micil Ṫomáisín agus é ag rá "Bó na bPúcaí," do ċeap an file Ó Duinnṡléiḃe. Aṁrán magaiḋ a deineaḋ fé sna pilears ab ea é.

"Captaen na luaiṫe ó Ḃaile an Ġóilín
Ċuir dís de sna pílears le tréada,
D'orduiġ sé dóiḃ an gnó déanaṁ cruinn
Is na ba ċur go Duiṁċ an Ḟirtéaraiġ;
Do ḋeineadar comairle ar an mbóṫar aníos
Go raiḃ tiġ an Nóraiġ rompu ar an slí;
Nuair a ġeoḃaidís an treo ann go dtógfaidís spraoi
Is go ḃfanfaḋ na ba ar an mbóṫar."

Fé mar adeireaḋ sé an rann i gcónaí do tógaḋ an ċuid eile liú suas a ḃaineaḋ macalla as an loċta. I gceann tamaill do ṡáiġ fear anuas a ċeann.

"'Om baiste, a Ṁicil," ar seisean, "go mb'ḟéidir nárḃ ḟearr bia ná ciall. Tá luċt na gcnaipí lasmuiġ."

"Ḃíoḋ an diaḃal acu, a ṁic ó," arsa Micil, is do ṫóg sé suas ḃéarsa eile:

"Nuair ċuadar isteaċ ċun bean an tí díol,
D'arduiġ na fairies an ḃó leo
D'aṫraíodar a daṫ de ḃarr cleasa le draíoċt
Is ní aiṫneoḋ aon pílear ḟén gCoróin í!
D'ardaíodar leo í, mar ḃeaḋ ceo ag imeaċt le gaoiṫ.
Mór-timpeall Ċruaċ Mártain is Mám Clasaċ síos.
Tá sí i bpáirc leasa ag tál ḃainne ar ṁná sí,
Sa ḃaile atá in íoċtar Ó dTórna."

Níorḃ ḟada gur ṫáinig Ḃeit, a ḃean, isteaċ. "A Rí na ḃḟeart!" ar sise, "an ḃfaca éinne agaiḃ Micil seo againne?"

"Táim anso, a ċailín; tar anuas," arsa Micil.

Cuireaḋ fáilte roimpi, is do ṡuiġ sí ar ċeann an ḃinse.

"Ólfaiḋ tú braon anois," arsa Micil, "is beam ag dul abaile ansan."

"Muise," arsa Beit, "ní beag duine againn as a ṁeaḃair is gan ḟeirt againn a ḃeiṫ aṁlaiḋ."

Ḃí na piléirí go gnóṫaċ lasmuiġ, mar ḃí an saol corraiṫe i measc na ndaoine san am san. Ḃí Ceist na Talún ar siúl fós agus na daoine boċta d'á ndallaḋ amaċ ag na tiarnaí talún. Do cuireaḋ an Land League ar bun sa Daingean ar nós gaċ áite. Ḃí mórán ag luí isteaċ fén Plan of Campaign. Do ḃí boycott 'á ḋéanaṁ ar ḋuine ṫall is aḃus. Dá ḃrí sin, do ḃíoḋ na piléirí go gnóṫaċ agus go mórṁór san áit go mbíoḋ luċt óil agus cainte. Ḃíoḋ aṁras acu, pé rún nó discréid a ḃeaḋ ag luċt an óil, go mb'ḟéidir go ligfidís amaċ sa ċaint é, nuair a ḃeaḋ an mearḃall orṫu. Aċ 'om ḃriaṫar go dtugaḋ na daoine toġa na haire dóiḃ féin, agus ná tugaidís aon ċaoi do luċt na gcnaipí aċ mar is lú d'ḟéadfaidís.

Pé scéal é, do ḃí Micil sa tiomáint, aċ sa rann déanaċ den aṁrán, do ṗreab beirt ṗóilíní an doras isteaċ agus do ġreamaíodar Micil boċt is d'ardaíodar leo é go dtí an barraic. Dob é sin an ċéad duine riaṁ a ċonac 'á ṫógaint ag luċt an airm.

Do ḃí an tiġ ansan ar nós na huaġa, gan gíog ná míog as éinne. Ḃí gaċ éinne ag bailiú leis go ciúin. Ní raiḃ éinne is mó gur ġoill

an scéal air ná Beit, mar ní raiḃ éinne aici anois a ṫaḃarfaḋ an capall aḃaile, is ḃí sí go buarṫa miṡásta.

"Croiṫ suas tú féin!" arsa Séamas, fear an tí, léi. "Beiḋ an oíċe breá geal, is dá mbéarfaḋ an riaċ iad leis ní féidir leo é ċoimeád istiġ aċ go dtí a deiċ a ċlog. Raġadsa agus Muiris Bán go dtí an barraic, agus ġeoḃam uaṫu ar a deiċ a ċlog é."

Ċuaiġ an ḃean ḃoċt ċun suaiṁnis ansan.

Timpeall a deiċ d'imiġ Séamas agus Muiris, agus ṫugadar leo Micil, agus is é ḃí go ciúin. Nuair a ḃuail sé an doras isteaċ ċugainn agus é ag leaṁ-ġáirí—

"Ṁuise," arsa Beit, "b'ḟurasta d'aiṫint go gcuirfeaḋ do scórnaċ greim ort, a ḃuaċaill."

"Stop suas anois!" arsa Micil. "Ná fuil sé le rá agam gur cuireaḋ don ḃarraic mé, agus gan de ċúis orm aċ mé ḃeiṫ ag aṁrán! Faiġ tú féin ullaṁ anois, agus creid mé leis naċ fada ḃeiḋ an láir ḋuḃ ag cur an ḃóṫair ó ṫuaiḋ di."

D'ḟágadar slán againn, agus is dóċa ná raḃadar díoṁaoin nó gur ḃaineadar an tiġ amaċ.

Ar an Máirt a ḃí oíċe na Nollag, is do ḃí gaċ éinne go cúramaċ ag ullṁú féna coṁair. Do ḃuail Seáinín isteaċ, agus beart eidneáin agus cuilinn aige.

"Caḃraiġ liom, a Ṁaiġréad," ar seisean, "go ndaingneom é seo ar an ḃfuinneoig."

"Níl aon eolas agamsa air, mar ní ḟaca riaṁ é," arsa mise.

"Ċífir anois é, a ċailín. Nuair a ḃeiḋ sé socair beiḋ sé an-ḋeas."

Ḃí Anna agus Eiḃlín go gnóṫaċ ag déanaṁ bláṫanna de ṗáipéir go raiḃ gaċ aon daṫ orṫu, is fé mar ḃíoḋ an ceann déanta acu do ċuireaḋ Seáinín i measc an eiḋneáin iad.

"Taḃair ċugam an ċoinneal anois," ar seisean liomsa.

Fuaireas coinneal ṁór ḋearg agus coinnleoir. Do ḃuail sé ar ḃonn na fuinneoige í.

"Deinse an té," ar seisean liomsa "an ḟaiḋ a ḃeaḋsa ag socrú na coda eile."

Ċroċas an ciotal ar an dtine, is faiḋ a ḃí sé ag beiriú do ṡocraíos an bord i lár na cistine. Dúirt Seáinín liom coinneal ġorm d'ḟáil agus í lasaḋ ar an mbord. Nuair a ḃí sí lasta agam, ċuireas na háraistí ar an mbord fé réir an té. Ansan d'éiriġ Neil agus ṫug sí léi trí sóirt aráin is do ġearr amaċ é ar ṁéis. Do ḃí suḃ agus im go flúirseaċ ar an mbord. Nuair a ḃí na soilse go léir lasta agus an ċistin déanta suas tuigeaḋ domsa go raḃas ar neaṁ, mar a leiṫéiḋ sin de raḋarc ní ḟaca roiṁe sin riaṁ. Do scaoil Neil amaċ an té is do ṡuiġ gaċ éinne ċun an ḃoird. Ḃíodar go léir go pléisiúrṫa agus go gealġáireaċ, is go mórṁór Neil. Níl aon ċor a ċuireaḋ an ċlann díoḃ ná go gcuireaḋ sé lúċáir uirṫi.

Ḃíos féin ag féaċaint orṫu agus 'á dtaḃairt fé ndeara is mé ag ól mo ċuid té. Do riṫ smaointe isteaċ im aigne; ar mo ṁáṫair boiċt a smaoiníos san am san. Ḃí fios agam conas mar ḃí an oiċe aici ina hainniseoir

ḋorċa uaigneaċ gan sólás gan suáilceas, mar is mise an t-aon tsólás aṁáin a ḃí aici ar an saol so. Ḃíos i ḃfad uaiṫi anois, agus níorḃ ḟéidir liom aon tógaint ċroí ná meidir a ċur uirṫi.

“Is ait é toisc an tsaoil,” arsa mise liom féin. “Féaċ Neil agus an compord atá aici dá ḃaint as a clainn, agus máiṫreaċa boċta eile, agus gan aon ṗioc de ṡólás an tsaoil acu. Ṫáinig na deora lem ṡúile dá ṁéid compord a ḃí timpeall orm. Ṫug Seáinín fé ndeara mé.

“Ó, tá uaigneas ar Ṁáiġréad,” ar seisean. Ṫáinig sé ċugam anall ón dtaoḃ eile den mbord agus ṫosnuiġ sé ar ḃeiṫ ag bladaireaċt liom, is ag baint an uaignis díom.

“Ó a Ṡeáinín,” arsa mise, “níl aon uaigneas mar sin orm, aċ ag cuiṁneaṁ ar mo ṁátair a bíos. Téiriġ sall is ól do ċuid té,” is do ṫosnaíos féin ar ḃeiṫ ag iṫe ċoṁ maiṫ leis.

Ḃí an suipéar caite againn agus gaċ ní i leataoiḃ.

Ḃí Séamaisín agus Eiblín ṫall ag bonn na fuinneoige agus iad ag féaċaint ar na pictiúirí beaga deasa a ḃí curṫa ṫall is aḃus ag Seáinín. Ṫóg Eiblín ceann acu ina láiṁ agus do ċuaiġ anonn mar a raiḃ Nain.

“Ó, a Nain,” ar sise, “féaċ an tUainín deas agus a ċosa ceangailte.”

“Tá, a stóirín,” arsa Nain. “Sin é an Leanḃ Beannaiṫe atá againn go léir ’á aḋraḋ anoċt.”

“Agus cad n-a ṫaoḃ Dó a ḃeiṫ ina uan, a Nain?” ar sise.

"Suiġ' ansan síos go cneasta," arsa Nain, "agus ineosad díḃ cad é an fáṫ."

Do ṡuíodar.

"An uair sin do ḃí Rí ardċéimeaċ, gurḃ ainm do Héróid, ag rialú na dúṫaí mar a raiḃ Muire agus an Leanḃ. D'airiġ sé scéal mar ġeall ar an Leanḃ Íosa, agus is é an tseift a ċeap sé ná gaċ leanḃ mic a ḃí fé ḃun trí ṁí d'aois a ċur ċun báis. Ṫug sé ordú dá luċt ċoimeádta agus dá ṡaiġdiúirí caṫair ṁór Ḃeiṫil d'ḟaire, agus gan éinne a ligint inti ná éinne do ligint aisti gan fios fáṫ in aġaiḋ an scéil d'ḟáil. Ċoṁ luaṫ agus do ḃí an t-ordú faċta acu, ní raiḃ sráid ná cúinne, bóṫar ná bealaċ ná go raiḃ luċt faire agus coimeádta ann. Ḃí cara dílis ag Muire gurḃ ainm di Bríde, is nuair a ċuala sí an scéal ċuaiġ sí go dtí Muire, is nuair a ċonaic Muire ċuici í d'ḟáiltiġ sí roimpi go croíúil. 'A Ṁuire,' arsa Bríde, 'ní ham cainte anois é aċ am ċun gníoṁ fónta a ḋéanaṁ.' 'Cad scéal anois é, a Ḃríde?' arsa Muire. 'An é nár airís an fógra uafásaċ atá amuiġ ó Héróid? Ṫánga ċugat féaċaint arḃ ḟéidir linn aon tseift a ċeapaḋ a ṫaḃarfaḋ cúnaṁ duit ċun Íosagán do ṡaoraḋ ón nguais.' 'Caḃróiḋ Dia linn, a Ḃríde,' arsa Muire. 'Ullṁaiġ tú féin mar sin,' arsa Bríde, 'agus ná bíoḋ aon ṁiogarnaċ ort. Roiṁ lá ar maidin clúdódsa mé féin i gculaiṫ ómsí agus taḃarfad fé n-a leiṫéid seo de ṡráid. B'ḟéidir go leanfaḋ an luċt faire mé. Má leanann taḃairse t'aġaiḋ ar an mbóṫar a ġaḃann ó

ḋeas ón gcaṫair, agus b'ḟéidir go n-éireoḋ leat Droiċead na hAḃann Móire a ċur díot sara dtiocfaiḋ éinne trasna ort. Slán leat anois agus raġadsa i bḟeiġil mo ġnóṫa féin.'

"Nuair a ṫáinig Seosaṁ isteaċ, d'inis Muire an scéal tríd síos dó. Ar maidin arna ṁáraċ, is an lá ag breacaḋ, do ḃí geoin le clos lasmuiġ. Ḃí óinseaċ déanta suas i dtuí, crios trasna a coma lán de ṡoilse agus fáinne ar a ceann go raiḃ dá ċeann déag de ċoinnle ar lasaḋ ann. Ċuaiġ sí go dtí an áit ba ċoiúla do Ṁuire ċun éaló. Ḃí sórt feadáin aici, go raiḃ glór éigin greannṁar aige. Do ṡéid sí an feadán san is do baineaḋ geit as an luċt ċoimeádta. Nuair a ṫógadar a gceann do ċonaiceadar an ḃean gan ċiall agus í ar lasaḋ. Seo leo fé n-a déin, aċ mo léir! ḃí sí sin ag imeaċt rompu mar a ḃeaḋ feoṫan gaoiṫe.

"Nuair a fuair Muire as an slí iad ṫug sí aġaiḋ ar a bealaċ a ḋéanaṁ amaċ ón gcaṫair. D'éiriġ léi nó gur ṫáinig sí gu dtí an droiċead a ḃí ar an Aḃainn Ṁóir. Ḃí beirt ṡaiġdiúirí den luċt faire ansan. Ṡeasaíodar i lár an ḃóṫair roimpi.

"'Cá ḃfuil tú ag dul ċoṁ moċ so, a ḃean ṁaiṫ?'' arsa duine acu.

"'Táim le seaċtain sa ċaṫair,' ar sise. 'Tá an baile tamall fada uaim. Is sin é an fáṫ go ḃfuilim ar an mbóṫar ċoṁ moċ so!'

"'Cad é an t-ualaċ é sin ar do droim agat?' arsa an saiġdiúir arís.

"'Uan beag,' ar sise, 'a fuaireas ċun é ṫógaint ina ṗeata.'

"'B'ḟéidir gur leaṫscéal é,' arsa an saiġdiúir eile, 'á greamú isteaċ agus ag tógaint an ḃrait di. Ní raiḃ le feiscint aige aċ uan agus a ċeiṫre cosa ceangailte le corda caol.

"'Féaċ anois,' arsa an saiġdiúir eile 'go ḃfuil an ceart aici. Is mór an náire dúinn moill do ċur uirṫi.'

"Ḃí sí ag siúl agus ag síorṡiúl nó go raiḃ sí glan ó ḃaol. Do ṡuiġ sí síos i lúibín fé scairt ġlais is do leag sí Íosa 'dá droim. Nuair a ḃí a scíṫ ligṫe aici, ḃuail sí ċuici arís é is do ḃain sí amaċ an áit a ḃí uaiṫi. Ḃí an leanḃ ó ḃaol anois aici, is i gceann beagán laeṫeanta ina ḋiaiḋ sin ba ṁór an méala agus an t-uafás an dunṁarú a deineaḋ ar leanaí óga na caṫraċ. Ní raiḃ le clos aċ gol brónaċ na máiṫreaċ go raiḃ a leanaí curṫa ċun báis ag an scriosadóir, Héróid. Nuair a ḃí an sciúirse millte ar leaṫaoiḃ ċuaiġ Bríde amaċ mar a raiḃ Muire. Is ar an mbeirt ban a ḃí an lúċáir bualaḋ le ċéile arís. Do ċuadar ar a nglúine agus do ġuíodar Dia go dúraċtaċ fé go dtug Sé saor iad. Ní raiḃ aon urraim ag Muire le taispeáint do Ḃríde aċ an lá a ḃronnaḋ uirṫi. Seo mar adúirt.

"'Bíoḋ do lá-sa roiṁ mo lá-sa, a Ḃríde, go deireaḋ an doṁain.'

"Tá san aṁlaiḋ ó ṡin anuas. Tá Lá 'le Bríde roiṁ Lá 'le Muire, agus de ḋeascaiḃ na gcoinnle a ḃeiṫ sa tseift a ċeap Bríde, tá coinnle dá mbeannú ins gaċ Eaglais ar fuaid an doṁain. 'Lá 'le Muire na gCoinneal sa Teampall,' a glaotar air."

"Ó, an grá atá agam don Uainín!" arsa Eibhlín.

Do lean an grá ina croí riamh ina dhiaidh sin, mar thug sí suas í féin don Uan Trócaireach, agus do deineadh Bean Rialta dhi.

Dúrt féin le Neil go raghainn féin agus Séamaisín agus Eibhlín don tSéipéal ag féachaint ar an gCrib.

"Ná fanaig' i bhfad ann!" ar sise.

Rugas ar láimh orthu. Bhuaileamar siar. Do bhí an oíche dorcha, ach má bhí féin do chífeá frí ar an sráid ag lóchrann na gcoinneal go léir sna fuinneoga. Nuair a chuamar don tséipéal, moladh le Rí na Naomh! dob álainn an radharc é, lampaí solais ar lasadh agus an altóir déanta suas fé bhrat choinneal ar deargLasadh. Do bhí an crib ag taobh den altóir, agus do chuirfeadh sé Flaitheas Dé i gcuimhne don té is daille dár mhair riamh. Bhí na Mná Rialta ag seinnt duanta binne diaga. Is ar mo chroí a bhí an glionndar agus an t-aoibhneas beith ag éisteacht leis an gceol san, mar nár chuala riamh roimhe sin a leithéid.

Ní raibh éinní timpeall orm nár bhreathnaíos go maith, agus níor bhraitheas an t-am ag imeacht. Do baineadh geit asam nuair a chuala an cnag a baineadh as ceann Shéamaisín i gcoinne na rálach. Is amhlaidh a bhí an fear bocht ag titim dá chodladh.

"Téanam abhaile, a stóirín," arsa mise. "Tá codladh ort."

Nuair a thángamar tar n-ais, bhí sé a deich a chlog.

"Suíg' anso anois," arsa Neil, "tá bainne beiriṫe agus arán milis anso agam díḃ."

Níor ċuir sí mise ar leataoiḃ; do ḃí mo ċuid agam ċoṁ maiṫ le duine. Sara raḃamar ullaṁ ṫáinig Seáinín agus a aṫair isteaċ ó ḃeiṫ ag siúl.

"Sea, téimis ar ár nglúine in ainm Dé," arsa Nain, "agus abraimis an Ċoróin Ṗáirteaċ."

Nuair a ḃí críoċnaiṫe againn—

"Téig'-se a ċodlaḋ, a ċlann ó!" arsa Séamas.

Ní raiḃ an tarna focal air. Ċuadar in airde a ċodlaḋ, agus d'ḟanas-sa i dteannta Neil agus Ṡéamais sa ċistin nó go raiḃ sé a dóḋéag a ċlog, is do ḃí a lán cainte agus cuideaċtan againn. Dúrt féin "Fáilte an Linḃ Íosa" dóiḃ. Do ṫosnaíos mar seo leis—

"Seaċt gcéad déag míle fáilte
  Naoi n-uaire is fiċe
Roiṁ Mac Dé na Glóire
  Is na Maiġdine Muire,
A ṫuirling 'na broinn ġlórṁair
  'Na Dia is 'na Duine,
Is gurb í Oíċe Nollag Móire
  Rugaḋ Rí ceart na Ríṫe.

Is oċt lá 'na ḋéiḋ sin—
  Sea glaotar Lá Coille air—
I dTeampall na Tríonóide
  Sea doirteaḋ an Ḟuil Ṁilis,
Dá ċur in iúl dóiḃ siúd
  Gur scéal é a ḃí Ċuige,
Ḃeiṫ ag fulang na daorṗáise,
  Is ag iompar na Croise.

Mo ġrá-sa an Ṁaiġdean Ġlórṁar
Sí Banríon Ḟlaiṫis Dé,
A rugad 'na hAingeal
Is do baisteaḋ 'na Naoṁ!
Níor ḋein sí riaṁ peacaḋ,
Ná ní ḟeadair cad é,
Is gur ṫuirling 'na broinn cuici
Mac dílis Dé.

Mo ġrá-sa an Ṁaiġdean Ġlórṁar,
Sí an Ṁaiġdean ċuṁaċtaċ ró-ḋil
A ḋá bais aici d'á bpléascaḋ
Is a deora 'na bḟuil;
Nuair a ḋorċaiġ na spéarṫa,
Is an ġrian ġeal gur ḋuiḃ,
Do ḃí Mac Dé na Glóire
Sa Ċrann gan aon ċoir!

'Sé Mac Dé na Glóire
Mo stórsa gan dabt,
Lem ċroí is lem anam
Is níl ionaḋ orm ann,
Mar do ṡil Sé an Ḟuil ċéasta
Dár saoraḋ ar an gcrann
An tslea niṁe trí na ċroí
'S an ċoróin spíon ar a ċeann.

Nuair d'ardaiġ an dream cíorduḃ
An Leanḃ Íosa ċun leapa
Clár coṁrann ní raiḃ 'na ṫimpeall
Síodaí ná brata;
Sa ċré ḃuí nuair a síneaḋ
Mínċneas Rí na nAingeal
Gur éiriġ an ṁóir-líog úd
Suas díreaċ 'na seasaṁ.

Is go ḃfana sa ċló ċéanna
Go nḋéanfaiḋ an spéir lasaḋ,
Go n-osclóiḋ na tuamaí,
Is go n-éireoiḋ na mairḃ;
Go seinnfear an ceol trúmpa
Go dianṁoċ ar maidin,
'S go mbeiḋ an Rí ceart dár n-éisteaċt,
Ar ṫaoḃ ċnoic, Lá an Ċaṫa.

A Ċríostaiṫe an tsaoil seo
Déinig' ḃur n-anam!
Goilig' go cruaiḋ
Agus buailig' ḃur mbasa
Ná díolaig' ḃur dTiarna
Ar ór ḃuí ná ar raċmas,
Mar níl san tsaol so aċ sceo beag
Seaċas Glóire na ḃFlaiṫeas."

Nuair a ḃí sé críoċnaiṫe ċuir Séamas láṁ ina ṗóca, agus ṫug dom leaṫċoróin.

"Seo," ar seisean, "bronntanas beag Nollag duit."

Do ṫógas í, agus áṫas orm, ní naċ ionaḋ.

"Caiṫfiḋ tú an duan ḃeannaiṫe sin do ṁúineaḋ domsa a Ṁaiġréad," ar seisean.

"Beag an baol ná go nḋéanfad, a ṁáistir," arsa mise, agus fonn ceart orm.

"Tá sé in am againn dul a ċodlaḋ anois, in ainm Dé," arsa Neil, "mar beimid ag éirí moċ ar maidin ċun an Aifrinn," is ansan ċuamar a ċodlaḋ.

VIII.—SCÉALTA MÓRA SA DAINGEAN.

Scéal Ṁuiris Uí Ṡéaġḋa agus bulláin an tiarna.
An ḟáilte a cuireaḋ roiṁ Ḃrídín Ṡráid Eoin.

TÁ sé ráite gur ḟearr súil le glas ná súil le huaiġ. Is dóċa gur ḟíor é an seanḟocal, mar níl teaċt ón uaiġ ag éinne nuair a raġaiḋ sé inti. Is minic a ḃínn ag cuiṁneaṁ nuair a ḃínn corṫa tnáite ag an saol gurḃ ḟearr a ḃeiṫ marḃ féin ná ḃeiṫ beo, aċ dar ndóiġ ní mar is ḟearr le duine a ḃíonn an scéal.

Is iomaí uair adúirt le Nain gur breá an saol a ḃí aici. Is é an freagra a ṫugaḋ sí orm "Ḃíoḋ foiġne agat, a ċailín, is pé ní atá geallta duit, ġeoḃaiḋ tú é!"

"Ṁuise níl éinní i ndán dom, a Nain, aċ boċtaineaċt agus briseaḋ croí go deo!"

"Is dóiġ leat, a ċailín, go mbíonn an saol ar a dtoil féin ag daoine nuair a ċíonn tú strus acu. Ná bíoḋ aon ḟormad agat leo. Níl siadsan gan a gcion féin de ṫrioblóid an tsaoil."

"Is dóċa, a Nain," arsa mise arís léi, "ná fuil fios agatsa cad a ḃaineas le ḃeiṫ mar atáimse?"

"Ar m'ḟalaing go ḃfuil 'fios agam go maiṫ é," arsa Nain, "mar nuair a ḃíos-sa mar tusa anois ní raiḃ greim le n-iṫe ná bolgam le n-ól

agam. Sin é an uair, a ċailín," ar sise, "a ḃí an gátar agus an t-ocras ar na daoine boċta! Is maiṫ is cuiṁin liom gur mó lá fada a ṫugas ag obair do ḋaoine eile agus gan le fáil agam aċ blúire beag bíḋ. Ní raiḃ leiġeas acu orm. Ḃí an droċṡaol ann, agus ní raiḃ sé ag na daoine féin."

"An cuiṁin leat Muiris Ó Séaġḋa, a Nain?" arsa mise.

"Ḋe ṁuise, is cuiṁin go maiṫ!" ar sise. "Ḃíos im ṗontaire maiṫ gearrċaile san am san. Is mó guí ṁaiṫ a fuair an fear boċt ó sna daoine, mar is mó duine a fuair goblaċ dá ḃarr."

"Is dóċa go raiḃ sé ciontaċ?" arsa mise.

"Ḋe, is dóċa go raiḃ sé imeasc na ḃfear," ar sise. "Do riṫfeaḋ leis mara mbeaḋ an ropaire do ṗreab isteaċ ar ṫaoḃ na dlí agus do scéiġ air, agus é féin ċoṁ ciontaċ le héinne.

"Do ḃí a raiḃ de stoc ag an sean-tiarna titiṫe ar a dtóin tar éis na hoiċe, mar ḃí na speireaċa gearrṫa ar gaċ ceann riaṁ acu."

"Ní ḟeadar cad 'na ṫaoḃ gur deineaḋ é sin, a Nain?" arsa mise.

"Is aṁlaiḋ a ṫeastaiġ ó sna buaċaillí díoltas a ḋéanaṁ ar an dtiarna talún mar ḃí cúigear tionóntaí go raiḃ gaol gairiḋ acu leo, caite amaċ ar an mbán go míṫrócaireaċ aige, agus ba ṁaiṫ leo sásaṁ éigin a ḃaint de, agus sin é an fáṫ gur ġearradar na speireaċa ar an stoc go léir."

"Ḃí feoil go flúirseaċ san am san agaiḃ, a Nain!" arsa mise.

"Deirim leat gur mó créatúir ocraċ gur ḃain sí an t-ocras de! Ní raiḃ mo ṫigse san am san aċ céad slat ó ṫiġ Ṁuiris, agus is maiṫ is cuiṁin liom nuair éalaiġ sé ó Ḋroiċead Bun an tSruṫáin go dtí an Rinn Ḃeag le taoḃ an ċuain amaċ. Is aṁlaiḋ a gaḃaḋ an fear boċt ar a leaba is do ḃíṫeas dá ṫabairt go Baile an Ġóilín. Duine de sna fir a ḃí greamaiṫe as, ḃí sé ar leaṫṡúil. Do lig Muiris air gur ṫeastaiġ uaiḋ moill a ḃeiṫ air is nuair a fuair sé é féin réiḋ ċun siúil do ṫarraing sé speaċ de ḋorn sa tsúil ṁaiṫ ar an ngarda is do leag ar a cúl é. As go bráċ leis, is nuair a ċuaiġ sé ar an Rinn mBig, ṫug sé fé ṡnáṁ trasna béal an ċuain. D'éiriġ leis an trá ṫall a ḃaint amaċ. As go bráċ leis, is ní ḃfuarṫas aon tuairisc air riaṁ ná ċoiċe nó go raiḃ sean-Tiarna Ḃaile an Ġóilín agus a ḃainċéile curṫa, agus lá arna ṁáraċ tar éis an ḃaintiarna a ḃeiṫ sa talaṁ ḃí Muiris Ó Séaġda sa Daingean. An faid a ḃí sé as baile is ea do ċum sé na ranna."

"Is dóċa a Nain, gurḃ aṁlaiḋ a ḃí uaigneas air a ḃeiṫ óna ḃean agus óna ḃaile?"

"Is dóċa é, a ḋalta, mar sin béas a ḃíoḋ ag na daoine an uair sin, nuair a ḃuaileaḋ uaigneas iad—cromaḋ ar ḟilíoċt éigin ċun an t-uaigneas do ċur as a gcroí."

"An ḃfuil na ranna san agat, a Nain?" arsa mise.

"Ṁuise mo stór tú, níl siad ró-ċruinn agam. An aṁlaiḋ gur ṁaiṫ leat iad a ċlos?"

"Ba ṁaiṫ go deiṁin, a Nain," arsa mise. Ansan do ṫosnaiġ sí ar iad a rá—

"Maidean ċiúin aoiḃinn
Is mé im luí ar mo leaba,
Do ḃailíodar im ṫimpeall,
Seoirse Ḃuí 's a ċuid arm;
D'ardaíodar leo mé
Fé ċordaí cruaḋa daingean',
Go Baile an Ġóilín
Ag ól fíona go maidean.

Ar maidin amáraċ
'S an lá ċugam ag breacaḋ,
D'ḟéaċas go géar
Ar an bpíléir a ḃí im ḟaire.
Do ḃuaileas Fuarṫan Caoċ
Sa tsúil ċlé, is do leagas,
'S gur don Rinn Ḃig do stríocas
Gan briste cois faille.

Tá 'fios ag Íosa
'S ag Rí ċeart na nAingeal,
Naċ le ḋúil 'na gcuid méiṫris,
A ḋeineas féin iad do leagaḋ,
Aċ mar ċeannas do Ġaeil boċt'
A ḃí dá léirscrios le fada,
Is gur mise do ḋíol as
Tá ar ḋíbirt ón mbaile.

Táimse go cráite
Ó ḟágas an baile,
Mo leanaí ar an bḟár
Is a máṫair fé ṁairg.
Aċ tiocfaiḋ mé féin ċugaiḃ
Nuair a ḃeiḋ an Lady agaiḃ marḃ;
Is beiḋ Muiris Ó Séaġḋa
An lá 'na ḋéiḋ sin sa Daingean."

"Is dóċa, a Nain, go raiḃ brón ar a ṁnaoi ina ḋiaiḋ?"

"Ḃí, a ḋalta, aċ cad a ḃí aici le déanaṁ?" arsa Nain. "Ḃfuil éinní eile agat le déanaṁ anois an t-am so de ló?"

"Tá, ṁuise, a Nain, agus cuid ṁaiṫ, aċ tá suim ṁór agam i scéalta mar sin."

Lena linn sin, riṫeann Seáinín isteaċ is imníoṁ an doṁain air.

"Tóg bog é, a ġarsúin!" arsa mise. "Cad tá ort?"

"Brídín Ṡráid Eoin atá ag teaċt aḃaile anoċt!" ar seisean, agus sceitimíní air.

"An ḃfuil sí ag teaċt anoċt?" arsa Séamas.

"Tá, agus beiḋ tinte cnáṁ ar an nDroiċead Beag agus coinnle lasta ar gaċ fuinneoig ċun taispeántas a ḋéanaṁ di. Beiḋ siad ar lasaḋ againne, leis, a Ṁáiġréad," is d'imiġ uainn agus gaċ aon ṗocléim aige le gliondar.

"Cé hí Brídín, a Ṡéamais?" arsa mise, mar ní raiḃ ḟios agam éinní mar ġeall uirṫi.

"Brídín Ní Ċinnéide, cailín boċt ó Ḃarr Ṡráid Eoin. Tá sí sa ṗriosún le sé ṁí, aċ tá a téarma istiġ anois."

"Dia linn go deo! cad a dein sí as an slí a ċuir sa ṗriosún í?"

"Níor dein sí pioc as an slí," arsa Séamas. "Is trua ċráite gan gaċ éinne ċoṁ dílis léi. Ḃí rún aici ar an muintir a ḋ'ḟuadaiġ capall na bpeelers as an mbarraic anso sa Daingean oiċe. Do ṫeastaiġ an rún san go mór ó sna Galla, is do ċeap na póilíní gaċ seift a ḃí ar

a gcumas ċun an rún san 'ḟáil uaiṫi, aċ do ṫeip orṫu an rún 'ḟáil. Do ġealladar trí ċéad punt di ar é insint ḋóiḃ, aċ is é freagra ṫug sí ḋóiḃ gur léi féin a rún is gurḃ ḟearr léi bás d'ḟáil ná é ḃeiṫ le rá léi go raiḃ sí meata, is go ligfeaḋ sí an rún san leo. Ḃuaileaḋ isteaċ sa ṗríosún an cailín boċt, mar a ḃfuil sé mí caite aici fé obair ċruaiḋ. Sin é agat é, a ċailín!'' arsa Séamas, ''agus ní hionaḋ go mbeiḋ na fáiltí geala roimpi anoċt.''

Ḃí sé in am suipéir ansan. Do ḃí gaċ duine ar a ḋíċeall ċun an té a ḃeiṫ ólta go mbeifí ullaṁ i gcoṁair na banna nuair a ġeoḃaḋ sí amaċ. Ḃí sé scaoilte siar againn díreaċ san am gur ċualamar an ḃanna sa tiomáint ṫuas. Seo amaċ le gaċ éinne. D'iompaíos féin ar Neil, agus laḃras léi go bog.

''An ligfiḋ tú i ndiaiḋ na banna mé?'' arsa mise.

Ní raiḃ aon iontaoiḃ agam aisti, mar níor ġnáṫaċ léi mé ligint amaċ san oíċe.

''Tóg leat Eiḃlín agus Séamaisín,'' ar sise. ''Tá an uain go breá, aċ taḃair toġa na haire ḋóiḃ.''

''Taḃarfad, le cúnaṁ Dé,'' arsa mise, is ar m'anam nárḃ ḟearr liom ḃeiṫ ag dul ar Neaṁ san am san.

Nuair a ḃíomar ar an dtaoḃ amuiġ de ḋoras do ḃuail an ḃanna ċugainn anuas. Do ḃí gasra de ḃuaċaillí ceolṁara ag leanúint na banna san am san. ''Ó Doṁnaill Abú,'' a ḃí ḋá ṡeinnt acu. Nuair a ḃuaileadar an tsráid síos ḃí tine ċnáṁ ar lasaḋ ar an nDroiċead Beag

agus in áiteanna eile, leis. Ṫugadar turas an ḃaile ṁóir fé ḋó. Ní raiḃ fuinneog gurḃ ḟéidir coinneal a lasaḋ ná go raiḃ go soilseaċ le coinnle aċ aṁáin tiṫe na nGall. Ḃíodar san duḃ dorċa. Dá ḟeaḃas a ḃí na póilíní ag faire, ḃí na fuinneoga san ina mbrúscar ar maidin.

Nuair a ċuaiġ an ḃanna aḃaile do ṫángasa agus mo ḃeirt ḃeaga féin aḃaile slán, is do ḃí an ċuid eile den oíċe againn ċun ḃeiṫ ag cur cúrsaí an lae trí ċéile nó go raiḃ sé in am codlata.

IX.—Tuilleaḋ Eaċtraiṫe.

"Baby" Gray. Caṫ sráide leis na póilíní. Conas d'óbair dúinn an beiṫíoċ a ḃáiṫeaḋ sa ḃféiṫ ṗortaiġ.

Mar sin dom sa tiġ suairc sin. D'imiġ bliain agus dá ḃliain agus an tríú bliain ṫarm 'na ḃfoċair go sásta. I ndeireaḋ na haimsire ḃraiṫeas rud beag éigin ar mo ṡláinte. Ní raḃas ċoṁ maiṫ is ba ṁaiṫ liom ná ċoṁ láidir is ba ġá dom ċun mo ċuid oibre a ḋéanaṁ. Do ċeapas ó ló go ló go n-imeoḋ san díom, agus nár ġá ḋom dul ar suaiṁneas. Aċ ní mar a síltear a bítear.

Maidin ṁoċ i dtosaċ na Bealtaine do ḃíos im ċodlaḋ go sáṁ nuair a ġlaoiġ Séamas orm. Maidin aonaiġ ab ea í is do ḃí beiṫíġ aige ċun iad do ṫaḃairt go dtí an t-aonaċ. Dá ḃrí sin ḃí ormsa éirí an-ṁoċ ċun an bricfeasta d'ullmú. Do ṗreabas amaċ as an leabaiḋ, cé go raiḃ speaḃraoidí an ċodlata fós orm, aċ níorḃ aon am righnis anois é. D'adaios an tine. Do ḃí an ṁóin go tirim—ní raiḃ aon ġual againn dá úsáid. Do ḃí an té ullaṁ sara raiḃ Séamas ullaṁ. D'imiġ sé féin agus Seáinín uaim agus na beiṫíġ acu.

Ḃí sé an-ṁoċ fós is ní raiḃ mórán le déanaṁ agam. Ḃíos im ṡeasaṁ i ndoras na sráide.

Ḃ'aoiḃinn an uain í. Ní raiḃ leoiṫne gaoiṫe as an spéir. Do ḃí an ġrian ag éirí aníos os cionn an ḃaile ṁóir. Ní raiḃ glór ar biṫ le clos agam aċ aṁáin glór na rúcaċ a ḃí ṫarm siar imeasc na gcrann. Ní raiḃ le feiscint agam san am san aċ sráid ṁór fada ó Ṡráid Eoin go dtí an Holy Stone. Do ḃí an ġrian ag taitneaṁ ar na fuinneoga, is ba dóiġ leat gur lasair ṫine a ḃí aici dá ḃaint as pánaí na bfuinneog. Ní raiḃ mórán ar an sráid fós. Ní raiḃ foṫram ná geoin ann, aċ aṁáin anois agus arís go ngaḃaḋ fear nó beirt fear agus scata beiṫíoċ acu dá ṫiomáint go dtí an t-aonaċ.

Ḃíos im ṡeasaṁ sa doras fós. Ḃí mo smaointe ag dul in aiṁréiḋ orm. "Muise," arsa mise im aigne féin, "is ait an mac a' saol so! Seo luċt na siopaí ċoṁ dian ċun scillinge a ṗiocaḋ, agus luċt na tuaiṫe go bfuil a gcroí agus a sláinte briste d'iarraiḋ na scillinge sin a ḋéanaṁ, agus 'á ċaiṫeaṁ ċun fear an tsiopa trátnóna!"

Ḃíos ag smaoineaṁ, leis, ar cad a ḃí i ndán dom féin. Ṫánga don tiġ im ṗáiste. Bíos anois im ċailín óg. Ḃíos seaċt mbliana déag, agus ḃí laeṫeanta mo leanḃaíoċta imiṫe, agus saol nua roṁam amaċ. Ḃí trí bliana go leiṫ ann ó ḟágas mo ṫiġ féin. Ní faca é, ná mo ṁáṫair boċt duḃaċ, ó ṡin. Ḃ'fada an aga é gan dabt, aċ mar sin féin ní rabas aċ im ṗáiste beag nuair a ḟágas í. Anois táim im bambairne de ċailín óg. Naċ uirṫi beaḋ an t-áṫas dá mbuailfinn an doras isteaċ ċuici! Aċ dob é an ceann ba ṁeasa den scéal, a beiṫ orm

ḟilleaḋ ċuici is gan mo ṡláinte ró-ṁaiṫ agam. Ní raḃas ag braṫ mo ṁisniġ ró-ṁaiṫ, agus ḃíos cinnte go gcaiṫfinn an obair do ṫaḃairt suas. Do ḃí mo smaointe ag imeaċt agus ag síor-imeaċt ar conas d'ḟillfinn aḃaile gan mo ṡláinte—an baile sin dob éigean domsa a ḟágaint agus mé go hóg, de ḋeascaiḃ doiċill a ḃí roṁam ann. Ní raiḃ leiġeas air anois, ḃí gaċ aon dealraṁ go mbeaḋ orm filleaḋ go dtí an baile. Do ṫarraingíos osna, agus níor ḃraiṫeas éinní in Éirinn nó gur ġlaoiġ Neil orm. D'iompaíos go hobann.

"Ba ḋóiġ le duine," ar sise, "gur ag taiḃreaṁ ataoi!"

"'Om briaṫar gur geall leis dom," arsa mise.

"Taḃair leat aníos canna uisce, mar ní ḃeiḋ am agat go lá arís."

Ḃuaileas ċugam an canna, agus ċuas ag triall ar an uisce. Ḃí luċt na tuaiṫe go líonṁar ar an sráid um an dtaca san, gaċ éinne is a ċúram féin air—fear an stoic, fear na gcaoraċ, agus fear na bprátaí agus gaċ uile ḋuine acu is a ċúram féin air. Ní raiḃ an tsráid ciúin um an dtaca san. Ḃí fuirse agus fotrom agus dul-trí-céile ann. Ní fada gur ṫáinig Séamas agus scata beiṫíoċ aige. Tiomáineaḋ siar don ċúlġarraí iad. Ḃí a dinnéar le fáil dó. Ḃí ocras an domain ar Ṡeáinín, is b'ḟada leis aon neomat aṁáin, mar ḃí a ġoile aige tar éis na maidne.

"An raiḃ aonaċ maiṫ ann inniu?" arsa Neil. "Ar ḋíolais na beiṫíġ?"

"Ḋíolas cuid acu, agus do ċeannaíos cuid eile acu," arsa Séamas. "Caiṫfear iad d'ḟágaint mar a ḃfuil siad go tráṫnóna nó go scaipfiḋ na daoine. Tá oiread daoine sa ḃaile ṁór inniu agus a ċuirfeaḋ cogaḋ ar an gCoróin."

Nuair a ḃí sé ullaṁ do ṡuiġ sé féin agus Seáinín ċun dinnéir.

D'ḟágas féin ansan iad, agus ḃuaileas amaċ. Ba ḃéas liom geáḃ a ṫaḃairt go dtí an doras i gcónaí nuair a ḃíoḋ caoi agam air. Ní fada a ḃíos im ṡeasaṁ ann nuair a ċonac na daoine go léir ag dul trí-ċéile, is iad ag riṫ suas i dtreo tí Ṁuirisín Ḃáin. Ḃí geoin agus aċrann éigin ar siúl ann. Ḃí oiread daoine bailiṫe ann anois, dá dtitfeaḋ biorán as an aer gur ar ċeann duine ṫitfeaḋ sé. Is gairid go ḃfaca beirt ṗóilíní an tsráid aníos, fuinneaṁ siúil fúṫu, iad gafa ina gculaiṫ airm, is clogaid de ċaipín ar a gceann go raiḃ faid beann tlú de ḃior as a ṁullaċ. Ḃí a bpus iata, is a n-anál ag teaċt anuas trí ṗollaí a srón le raċt siúil. Ḃí beirt eile ina ndiaiḋ, agus beirt eile, agus ḃí an siúl céanna fúṫu.

Do ṡáiġ an ċéad ḃeirt iad féin tríd an slua, aċ mo léir! ba ḃeag an ṁaiṫ dóiḃ é. Do ḃí luċt na bruíne go fíoċṁar is caint ṁallaiṫe láidir ar siúl acu. Do ḃí na póilíní d'iarraiḋ a slí a ḋéanaṁ trí sna daoine, aċ do ḃí ag teip orṫu.

"Cad tá ort?" arsa Séamas.

"Ó, a ḋuine," arsa mise, "a leiṫéid de ḃruín ní raiḃ ann ó Ṁarú an Daingin is atá

ṫuas ag tiġ Ṁuirisín Ḃáin. Tá a ḃfuil de ṗóilíní ó Ṫráiġlí anoir ann, is tá ag teip orṫu aon réiteaċ a ḋéanaṁ."

"Tá an ceart agat," arsa Séamas, "mar níl sa ḃruín sin aċ 'iarraim cúis' d'ḟonn na piléirí a ṫarraing ar an ḃfóḋ. Tá cuiḋ de luċt na tuaiṫe is níl siaḋ geal do sna póilíní; is ní ceart go mbeiḋís mar is mí-ṫrócaireaċ a ċaiteaḋar amaċ an ḃaintreaċ ḃoċt dealḃ agus a cúigear dílleaċtaí an lá fé ḋeireaḋ. Ċuala gur ṁóidiġ a deartáir an lá san go raiḃ súil le Dia aige go ḃfaiġeaḋ sé caoi ar ṡásaṁ a ḃaint díoḃ i ḃfios nó gan ḟios, agus," ar seisean, "mo ṫrua éinne acu a ġeoḃaiḋ sé fé luí an ḃuille. Fear fiáin is ea é, agus tá an t-olc ina ċroí ċucu."

"Ar ṁ'anam ṁuise," arsa mise, "go ḃfuil bloc reaṁar buí láidir de ṗilear d'iarraiḋ a ṡlí a ḋéanaiṁ tri sna daoine, aċ tá ag teip air."

"Sin é an diaḃal is measa a ṫáinig ón Daingean riaṁ," arsa Séamas. "Tá gaċ éinne mí-ḃuíoċ de."

Ċoṁ luaṫ is ḃí a dinnéar caite aige ḃuail sé an doras amaċ, is seo liom féin suas an staiġre, is do ṡáiteas mo ċeann amaċ trí ḟuinneoig, in áit go raiḃ radarc álainn agam orṫu. Ḃíodar sa tiomáint fós, agus liúireaċ agus dul-trí-ċéile acu. Do ċonac na póilíní ag brú isteaċ agus ag breiṫ ar láiṁ ar an ḃfear mór. Ní túisce san ná ḃí fear eile acu, is tarraingṫe aige le cnap doirn i nDroiċeaḋ na sróna ar an ḃfear mór.

"Bog díom, a ḋiaḃail," arsa an fear mór leis an bpilear, "nó brisfeaḋ do ṗus!"

Ní túisce san ná ḃí tarraingṫe aige le buille ḋorn leis an láiṁ ċlé isteaċ sna fiacla ar an bpóilín, is ṫóg sé glan ó ṫalaṁ é, agus do ḃuail ar ṡlait a ḋroma sa tséilṫeán é. Má tá, ḃí greim an duine ḃáite ag an bpóilín air, agus do ṫarraing sé an fear mór leis. B'in é an áit go raiḃ an gíotam agus an dul-trí-ċéile. Ḃí an fear mór anuas ina ṁullaċ láiṫreaċ agus creid mé leis nár spárail sé é—gur imir sé neart na feirge air. Do ḃrúiġ a ṫuilleaḋ de sna póilíní isteaċ, aċ más ea, do ḃíoḋ buille ṫall agus súnc aḃus acu dá ḟáil. Ċuireaḋ fear cos rompu; nuair a ġeiḃtí fear díoḃ ar a ċromaruaṫar buailtí flíp i gcúl an ċinn air a ċuireaḋ an caipín ag rince ar an sráid. Do ḃíodar brúite bascaiṫe san am gur ċuaiġ scéala go dtí an barraic go raiḃ bruíon uafásaċ ar siúl. Ní mór an ṁoill a ḃí ar an D.I. é féin d'ullmú. Ḃuail sé an Droiċeaḋ Beag aniar ar ċairiún duḃ go raiḃ gead bán ina éadan. Ċoiṁ luaṫ is ṫáinig sé go dtí an Droiċeaḋ Beag, do ṡéid sé adarc, aċ má ṡéid, sin é an uair d'éiriġ an liúireaċ go léir ón slua ṫuas. D'ḟéaċas féin i dtreo an Ḋroiċid Ḃig, is do ḃí sé an tsráid aníos san am san—fear óg misniúil, déanta suas ina ċuid arm, ag marcaíoċt ar an gcairiún duḃ. Ḃí fuinneaṁ agus fiántas ina raḋarc, is níor ṁaiṫ an dóiċín don ṁuintir ṫuas é. Ḃí slea fada niṁe ar ṫosaċ an ċapaill aige is ba ḋóiġ leat gurḃ é an sean-ḃuaċaill féin a ḃí ann ar an gceol agus ar an ḃfoṫram a ḃí ag na cloigíní a ḃí ar an gcapall san 'á ḋéanaṁ. Do ġaiḃ sé ṫarm an tsráid suas, is go deiṁin ní raiḃ aon

ḟuadar fónta fé. Ṡéid sé an adharc arís, is a Ḋia na bḟeart! sin é an uair a ḃí scaipeaḋ na mion-éan orṫu. I gceann cúig neomataí ní raiḃ Críostaí ṁic an Luain le feiscint ar an sráid, aċ aṁáin triúr de luċt na bruíne a ḃí gafa ag na póilíní. Do ġaiḃ an marcaċ síos suas an tsráid fé ḋó, agus is maiṫ an té ná cuirfeaḋ sé sceon air. Do ḃí an capall san ċoṁ múinte leis an marcaċ féin. Mara mbeaḋ agat aċ aon ġáire aṁáin do ḋéanfá an lá úd é. Ḃí póilín agus caipín ar iarraiḋ uaiḋ. Ḃí fear eile agus a easnaíoċa briste; agus dar ndóiġ an fear buí, ḃí sé gearrṫa, loitiṫe. Is iad ná raiḃ buíoċ dá margaḋ an lá úd.

Nuair a ḃí gaċ ní ċun suaiṁnis d'ḟiafraíos féin de Ṡéamas cérḃ é fear an ċapaill.

"Sin é 'Baby' Gray, an D.I.", ar seisean.

Is minic ina ḋiaiḋ sin a ċonac é. Ḃí aiṫne ṁaiṫ agam air, is naċ mé a ċuiṁniġ ar lá na bruíne nuair a ċuala ina ḋiaiḋ sin gur ṫit "Baby" Gray is a luċt leanúna le láiṁ Ṫomáis Áġas ag Ashbourne.

Ó ḃí gaċ éinní ciúin um an taca san, is an tsráid glan ó sna daoine, dúirt Séamas gurḃ ḟearr na beiṫíġ a ċur go Cill Ḟionntain, mar is ann a ḃídís ar féaraċ aige. Dar ndóiġ is ormsa agus ar Ṡeáinín a ḃí an scóp. Tiomáineaḋ amaċ na beiṫíġ. Suas linn Sráid na nGaḃar, is na beiṫíġ roṁainn amaċ. Ḃí ag riṫ linn go hálainn nó gur ċuamar i ngoireaċt céad slat den ngeata go ligfí isteaċ iad nuair a ṗrioc an ḃeaċ ceann acu is ṫug sí aon léim aṁáin ceaṫair-ċosaċ trasna an ċlaí. Aċ

má ṫug, níor éiriġ léi. Ḃí scóinse doiṁin uisce ar an dtaoḃ istiġ d'en gclaí, is seo síos í. Ní raiḃ le fáil againn aċ aṁáin a ceann agus rúmpa a heireaball. A Ḋia ṁóir! sin é an uair a ḃí an ṗraiseaċ ar fuaid na mias againn, an beiṫíoċ báite agus gan éinne i ngoireaċt míle dúinn a ḋéanfaḋ aon tsaoraḋ uirṫi.

"Tá sí báite?" arsa Seáinín.

"Tá, a ḋalta," arsa mise, "agus báiṫeaḋ agus bascaḋ uirṫi! Tá sé ráite riaṁ 'go sáiṫir tú féin i bpoll go ḃfanfair ann.' Do ṡáiġ sí seo, leis, í féin i bpoll go ḃfanfaiḋ sí ann."

Ḃíomar ansan in airde ar ṁullaċ an ċlaí, is gan 'ḟios againn cad ba ṁaiṫ dúinn a ḋéanaṁ.

"Maróiḋ m'aṫair sinn, a Ṁáiġréad."

"Maróiḋ is dóċa," arsa mise, "is b'annaṁ leis an mbóṫar so ḃeiṫ ċoṁ haonaraċ is tá sé."

"Ċuir an ḃruion sceon iontu," arsa Seáinín. "Tá siad go léir bailiṫe leo aḃaile."

Ḃí sé ansan ag pusaíl ġoil.

"Ná bíoḋ aon eagla ort, a ḃuaċaill," arsa mise. "Is goire caḃair Dé ná an doras."

Súil dár ṫugas ṫarm cad a ċífinn ċugam anuas Ard Ḃaile an Ṁuilinn aċ capall agus cairt.

"Tá capall ċugainn, a Ṡeáinín," arsa mise, "agus cá ḃfios ná beaḋ duine éigin sa ċairt do ṡaorfaḋ an beiṫíoċ dúinn."

"Tá sí caillte anois, is dóċa," arsa Seáinín.

"Níl, a ḃuaċaill! tá sí ag croṫaḋ a cluas fós," arsa mise.

Ḃí an capall ag déanaṁ orainn um an dtaca san, agus luas siúil fé.

“Caḃair Dé ċugainn!” arsa mise, agus ṫáinig gliondar orm. “Capall Ḋonnċa Ṁiċíl is é é, is tá triúr fear sa ċairt!”

Nuair a ṫángadar ċoṁ fada linn, do laḃair Míċeál Óg—is é a ḃí ag tiomáint an ċapaill.

“M'anam ón riaċ! cad a ṫug ansan siḃse?” ar seisean.

“Pé rud a ṫug ann sinn,” arsa mise, “nílmíd sásta, mar do léim ceann de sna beitíġ trasna an ċlaí, is tá sí báite, is dóċa.”

Do léim triúr acu amaċ as an gcairt go tapaiḋ, is do ḃain Míċeál Óg an ceanraċ den gcapall. Ṫug sé baoṫléim de ṁullaċ an ċlaí, is fuair a ḃoinn ar ṫortóig ġlais ar an dtaoḃ eile den scóinse. Ċuir sé ceann den téadán ar a hadarca is do ġreamaiġ an ceann eile ḋe ar rúmpa a heireaḃaill. Do ḃí greim ag an mbeirt eile ar a lár. Ṫarraingeadar aníos í. Is orṫu ba ġairid an ṁoill! Do ċuireadar a gcosa i ḃfeac i gcoinne an ċlaí, is ṫugadar aon stracaḋ aṁáin di, agus ṫugadar leo glan de ḋroim an ċlaí den iarraċt san í.

“Ṁuise, nár ḃaine Dia an lúṫ as ḃur gcuisleanna go deo!” arsa mise, nuair a ċonac an beiṫíoċ ar an mbóṫar acu. Aċ, a ḋuine, ḃí sí ina luiċín ṁaol ḃáite! Is ar éigean a ḃí inti seasaṁ.

“'Om baiste, a ḃuaċaill,” arsa mise le Ciotóg, duine den triúr, “má ḃí teaspaċ ó ċianaiḃ uirṫi, go ḃfuil sí ar ḃeagán anois de!”

Ṫosnaiodar ar ḃeiṫ 'á cimilt agus 'á cur ag

siúl is is gairid go raiḃ sí ábalta ar ṡiúl go maiṫ. Ḃagraíomar linn í i dtreo na mbeiṫíoċ eile. D'oscail Míċeál Óg an geata, agus scaoileamar isteaċ iad. Níorḃ ḟada gur ṫosnaiġ sí ar ḃeiṫ ag inior.

"Tá sí ceart go leor anois," arsa Ciotóg. "Ná bíoḋ aon eagla oraiḃ ina taoḃ."

"Buíoċas le Dia," arsa mise, "do ṡeol ċugainn siḃ! Ní fios conas a ḃeaḋ an scéal againn. Ḃíomar scanraiṫe in ár mbeaṫaiḋ le heagla roiṁ Séamas. Anois ní 'neosaimid focal dó agus, in ainm Dé, ná hinseaḋ éinne agaiḃse aċ ċoṁ beag!"

"Ná bíoḋ eagla ort," arsa Ciotóg.

"Ḃíġ' ag imeaċt abaile anois, agus go n-éirí bur mbóṫar liḃ!" arsa sinne leo.

Ba ġairid an ṁoill ar an dtriúr fear san an lá úd ualaċ ba ṫroime ná an beiṫíoċ do ṫógaint, mar ní raiḃ triúr mar iad i bParóiste an Ḟirtéaraiġ san am san.

Ṗreabadar isteaċ sa ċairt, is as go bráċ leo an bóṫar ó ṫuaiḋ, agus ṫugas féin agus Seáinín ár n-aġaiḋ ar an nDaingean. Nuair a ṫángamar abaile, deirimse leat ná raiḃ gíog as éinne againn. Aċ cad deirir le duine de sna mná a ḃí sa ċairt ná gur ṫáinig Dé Saṫairn a ḃí ċugainn ag cur a hionracais in iúl do Neil, is ná raiḃ focal dá ndúrt féin an tráṫnóna san i dtaoḃ an beiṫíġ ná raiḃ ar barr a teangan aici! Níl aon teora le mná—tá an diaḃal féin orṫu ċun toirmisc!

X.—FILLEAḊ AR MO ṀUINTIR.

An tsláinte teipiṫe orm. Mé do ḋul abaile arís. Áille na dúṫaí is na mara. Mar a dóḋ tiġ Ṫaiḋġ Óig.

DO ḋúisíos go moċ maidin lae. Do ḃaineas searraḋ ḃreá asam féin. D'ḟéaċas im ṫimpeall. Ḃí sé moċ fós, is ḃí am go leor agam. Do smaoiníos gurḃ ait an mac an saol agus gur mó cor agus iompó a ḃaineann sé as duine ó ḃaois go bás. "Is í seo an ṁaidean déanaċ agamsa sa tseomra so," arsa mise im aigne féin. "Ḃeiḋ duine éigin eile ag codlaḋ inti amáraċ. Aċ go ḃfóire Dia ormsa! Níl ḟios agam cad tá i ndán dom."

D'ḟéaċas anonn i dtreo Nain. Ḃí sí ina codlaḋ go sáṁ, gan cíos, cás, ná caṫú uirṫi san am san. "Ar ṁ'anam go ḃfuil deireaḋ do ṡaoil go maiṫ agat," arsa mise, "pé cuma go raiḃ an tosaċ agat. Is dóċa go raiḃ sé anacair go leor, ar mo ċuma féin. B'ḟéidir go mbeaḋ deireaḋ mo ṡaoil go maiṫ agamsa, leis, le cúnaṁ Dé!"

Lena linn ṡin do ċuala an clog ag bualaḋ a seaċt. "Ní haon am é ḃeiṫ ag cuiṁneaṁ ar niṫe mar seo anois," arsa mise. "Aċ beiḋ uaigneas orm ḃeiṫ ag fágaint an tí."

Ḃí m'aigne socair agam an uair sin ċun turas a ṫaḃairt aḃaile de ḋeascaiḃ ná raḃas ag braṫ ró-ṁaiṫ. D'ḟáisceas orm mo ḃalcaisí agus anuas liom don ċistin. Ní raḃas i ḃfad ann nuair a ḃí Séamas anuas im ḋiaiḋ.

“Beiḋ tú ag dul aḃaile inniu, a Ṁáiġréad, do ċuala,” ar seisean.

“Bead,” arsa mise. “Is é sin, má ṫagann m'aṫair don Daingean inniu.”

“Tá sé ċoṁ maiṫ agat,” arsa Séamas. “Is ag baile is fearr a ġeoḃair misneaċ. Is deacair obair a ḋéanaṁ nuair ná beiḋ duine láidir a ḋóṫain.”

Do ḃí an breicfeast ullaṁ um an dtaca san, is ḃíomar go léir suite ċun boird. Ḃí gaċ éinne ag iṫe, is ní raiḃ gíogs as éinne ag an mbord.

“Táimid go léir ciúin, a Ṁáiġréad,” arsa Neil. “Beiḋ uaigneas orainn id ḋiaiḋ, mar taoi sa tiġ le fada.”

“Beiḋ uaigneas ormsa, leis,” arsa mise á freagairt, agus ṫáinig fonn goil orm. “Dá mbeinn ag dul aḃaile im ṁisneaċ,” arsa mise, “ní ḃeaḋ aon ḃuairt orm, aċ is é an ceann is measa den scéal ná fuilim, agus ná feadar an mbead go deo.”

“Uċ, ná habair é sin,” arsa Neil, “beiḋ tú ceart go leor i gceann tamaillín.”

D'imiġ sí uaim amaċ don tsiopa, is do ḃíos féin ag réiteaċ an ḃoird, agus ag cur na n-árṫaċ i gcoṁair. Baineaḋ geit asam nuair a ċuala m'aṫair amuiġ ag caint le Neil. Cé go raiḃ uaigneas orm ar dtúis, ḃí sórt áṫais orm nuair a ċonac é.

Do laḃair Neil uaiṫi isteaċ.

"Faiġ cupán té dod aṫair. Tá sé anso."

An ḟaid a ḃí m'aṫair ag iṫe ḃí a lán giúrléidí feistiṫe suas ag Neil le taḃairt dom.

"Tá sé ċoṁ maiṫ agat, a ḋalta, tú féin d'ullṁú anois," ar sise.

"Dá ḟaid lá tagann oíċe!" arsa mise im aigne féin. "Tá mo lá-sa, leis, tagṫa."

Ċuas mar a raiḃ mo ḃalcaisí. Go deiṁin ní mór a ḃí agam acu; ba ró-ḟurast dom iad d'ḟáscaḋ le ċéile!

Ḃí sé ag druidim le déanaí an lae ansan, is ó ḃí bóṫar mór fada roṁainn, do ḃí sé ċoṁ maiṫ againn ḃeiṫ ag bogaḋ linn. Ní raiḃ carr ná gluaisteán againn, agus dá ḃrí sin b'éigean domsa na spága a ṫaḃairt don mbóṫar.

Ḃí Séamas agus Neil sa tsiopa nuair a ġaḃas amaċ agus mo ḃrat orm. Ṫáinig pian im ċroí le huaigneas. Do riṫeas ċucu isteaċ, is do ċuireas mo ḋá láiṁ timpeall a muiníl, is níor ṗóg iníon máṫair riaṁ mar ṗógas-sa Neil an lá úd. Níorḃ aon ionaḋ é, mar do dein sí ionad máṫar dom agus mé go hóg, agus do ḃí sí ina cara ḋílis agam go lá a báis. Go dtuga Dia an ḃeaṫa ṡíorraí dá hanam!

D'ḟágas slán ag Séamas agus dar ndóiġ, ag Seáinín agus Eiblín. Do ḃíodar ag briseaḋ a gcroí ag gol. Ansan, fé mar adúirt Oisín fadó, ṫugas mo ċúl don dtír is m'aġaiḋ go díreaċ glan siar.

Ḃíos féin agus m'aṫair ag giorrú an ḃóṫair linn, is é ag taḃairt eolais agus aiṫne dom ar a lán áiteanna, is níor ḃraiṫeamar an bóṫar nó gur ṫángamar go Carraiġ an Ṗréaċáin—

sin é an ċéad áit go ḃfuaireas raḋarc ar Dúnċaoin. Ḃí an tráṫnóna go haoiḃinn, is ṡuíomar síos ar ġrua an ḃóṫair ar feaḋ tamaillín. Ḃíos féin ag breaṫnú im ṫimpeall. Is iomaí rud a ḃí le feiscint agam a ḃí suimiúil go leor. Ḃí an ḟarraige faid a riṫfeaḋ mo raḋarc siar mar a ḃeaḋ pána gloine. Ní raiḃ leoiṫne gaoiṫe as an spéir, aċ lag-ṁiam beag de ġaoiṫ aniar a ḃí ag taḃairt bolaḋ ḟolláin na farraige ċugam. An ġrian féin, do ḃí sí ina fáinne buí ag dul i ḃfolaċ di féin ar scáṫ Ḃarra Liaṫ. Ḃí gaṫ ag teaċt uaiṫi san am so trasna na bá lomdíreaċ aniar, is ba ċosúil le cáiṫníní airgid an glioscarnaċ a ḃí ag an ngaṫ san 'á ḃaint as an ḃfarraige.

"Is fíor san," arsa mise lem aṫair, "ná fuil áit ar biṫ is fearr ná an baile!"

"Is fíor san, a ḋalta," ar seisean. "Níl aon áit go n-oiltear duine ná gurḃ ann is fearr leis a ḃeiṫ."

Ḃí an ceart aige. Ar ṡon gurḃ é Baile Ḃiocáire an baile is sia siar in Éirinn agus is iargúlta, is ann ab ḟearr liomsa ḃeiṫ an oíċe sin. Mara raiḃ geoin ná foṫram ná dul-trí-ċéile féin ann, ḃí ciúnas agus cuid-eaċta agus grásta, mar nuair a ḃailíoḋ na daoine san oíċe tar éis a lae oibre, ba ḃreá le duine ḃeiṫ ag éisteaċt leo; cuid acu ag scéalaíoċt, cuid acu ag aṁrán agus cuid acu ag seanċaíoċt ar an saol a ḃí imiṫe. Is dóiġ liom, an té go mbeaḋ suim sa tsórt san cuideaċtan aige, gur ṁaiṫ leis tamall a taḃairt ina measc.

Ḃí sé déanaċ go maiṫ sa tráṫnóna nuair a ḃuaileamar isteaċ. Naċ ar mo ṁáṫair a ḃí an gliondar! Seo ċugam í, agus a dá láiṁ ar leaṫaḋ aici is cad é ḟáiltí a ḃí aici roṁam! Ḃí Cáit ag crú na mbó, aċ nuair a ṫáinig sí isteaċ ḃí na ḟáiltí geala aici roṁam. "Sea," arsa mise im aigne féin, "ní mar síltear a ḃíonn go minic! Do ċeapas gur doiċeall a ḃeaḋ agat roṁam aċ ní hea."

Ḃí sí go gealġáireaċ, is ba ġairid an ṁoill uirṫi béile na hoíċe d'ḟáil dúinn.

Ḃí arán milis agam féin a ḃí curṫa ag Neil ċugam. Ba ṁaiṫ lem ṁáṫair an t-arán milis. Níor ḟéadas féin gan gáire a ḋéanaṁ mar do smaoinios ar an gcíste milis do ġoideas ó Ṡean-Ċáit na blianta roiṁe sin. Aċ 'om baisce nár ṫugas fios d'éinne cad fé go raḃas ag gáirí.

Sara raiḃ an bia ite againn do ḃí an tiġ lán isteaċ, beag is mór. Béas é sin a ḃíonn ag luċt na tuaiṫe, teaċt ag fáiltiú roiṁ an stróinséir. Dar ndóiġ, ḃíos-sa im stróinséir an oíċe úd, mar ní raiḃ éinní go ligfinn mo ṡúil air ná go dtaiḃsíoḋ greannṁar dom. Creid mé go raiḃ gáirí agus magaḋ acu fúm. Aċ ba ċuma san; do ḃíos-sa ċoṁ sásta is dá mba i ngrianán do ḃeinn. Ḃí caint is cuideaċta agus geoin acu an ċuid eile den oíċe.

I dtaoḃ na seandaoine, do ḃí a gcaint féin acusan cois na tine, is dob ḟearr liomsa ḃeiṫ ag éisteaċt leo ná le dá ḟeaḃas ceol, mar do ḃí suim mór agam i gcónaí sna scéalta breáṫa fiannaíoċta do ḃíoḋ ar siúl acu.

Ḃí smut maiṫ 'den ṁaidin caite nuair d'éiríos. Ní raiḃ aon imníoṁ orm anois. Dar ndóiġ ḃí beagán saoirse agam, agus ḃí fonn orm suáilceas a ḃaint as an méid sin; aċ do ḃí sé cruaiḋ don té ná raiḃ ar fónaṁ.

"Tá sé ċoṁ maiṫ agam éirí im ṡuí," arsa mise im aigne féin, "agus bualaḋ amaċ fén aer. Is amuiġ is fearr a ġeoḃaḋ mo ṁisneaċ."

Ṫógas liom stoca a ḃí ar an ḃfuinneoig, ṡuíos amuiġ ar an gclaí, agus ṫosnaíos ar ḃeiṫ ag cniotáil. Ḃí an uain go haoiḃinn is an ġrian ag taitneaṁ, agus compord ar gaċ uile ní. Ḃí na héiníní ag cantain go meidreaċ os mo ċionn. Ḃí fuaim na haḃann ag imeaċt agus ag síor-imeaċt go glóraċ le fánaiḋ, agus a ceol binn féin aici dá ḋéanaṁ do réir mar ṡleaṁnaíoḋ sí le fánaiḋ de ḋroim grin agus mionċloċ. Uaim sall ḃí beann ard gualann Sliaḃ an Iolair, ansúd go breá taitneaṁaċ, cuma uasal air, is gaoṫ ġlan ċuṁra na mara ag cíoraḋ a ḋlaoi órta. Ḃíos ag éisteaċt le ceol na haḃann, agus ag féaċaint ar an ḃfataċ mór so a ḃí os mo ċoinne sall, agus is ar mo ċroí a ḃí an t-aoiḃneas mar is suaraċ an raḋarc dá ṡórt do ċonacsa le ċeiṫre bliana roiṁe sin.

Súil dár ṫugas, do ċonac long ṁór ag teaċt orm aduaiḋ. Ḃí an ciúnas ṫar barr ann, agus gan corraí ar an ḃfarraige, mar ḃí sé ċoṁ ciúin is go raiḃ scáil na loinge le feiscint go soiléir agam. Ḃí sí ag treaḃaḋ na mara roimpi go maorga agus ag scaoileaḋ an tsáile siar lena dá cliaṫán, do réir mar ḃí sí ag gearraḋ roimpi. "Molaḋ go deo le Dia!"

arsa mise im aigne féin. "Is cuṁaċtaċ í an ḟarraige ṁór, is a rá gur féidir léi ualaċ ċoṁ trom leis an loing ṁóir sin d'iompar ar a droim!" Ċoinníos raḋarc uirṫi nó gur ċuir sí Bealaċ an Oileáin ó ḋeas di. Níor ḃraiṫeas éinní nó gur laḃair mo ṁáṫair ar an dtaoḃ ṫiar díom.

"Tá grian ansan agat, a ċailín!" ar sise, is do ṡuiġ sí ar an gclaí im ṫeannta.

Ḃí a lán ceisteanna aici 'á ċur orm, is ḃíos ag insint di ċoṁ maiṫ is d'ḟéadas. Ḃí sé ag druidim isteaċ le haimsir dinnéir um an dtaca san, is do ḃí buiṫre deataiġ ag éirí suas as na tiṫe.

"Naċ mór an deataċ atá ag éirí as tiġ Ċéitinn!" arsa mise, "b'ḟéidir gur ag dó atá sé."

"Ó nár lige Dia san!" arsa mo ṁáṫair. "Is cuiṁin liom go maiṫ, a ċailín," ar sise, "deataċ agus dóiteán do ḃeiṫ ann nuair a dóḋ tiġ Ṫaiḋg Óig, slán mar a n-instear é!"

"Dia linn! conas a dóḋ é?" arsa mise, "nó ar dóḋ na daoine?"

"Dóḋ, a ṁaoiniġ," ar sise. "Dóḋ seaċtar clainne a ḃí insa tiġ, agus lánú pósta nár ḃain leis an dtiġ in aon ċor. Do ḃí a ṫuilleaḋ dóite, aċ nár cailleaḋ iad," ar sise.

"Dia linn! cad a ḋein a máṫair, nó ar ṁair sí?"

"Do ṁair, a dalta, aċ ni raiḃ ciall ná meaḃair aici, is níorḃ aon ionaḋ é. An tAṫair Ó Mainnín a ḃí ar an mBuailtín san am san," ar sise, "do cuireaḋ fios air, is nuair a

ṫáinig sé ar an ḃfóḋ is mór an t-uafás a ḃí air. Ḃí Cáit Ṁistéal—b'in í máṫair na clainne—is nárḃ ḟéidir le héinne dul ina goire. Aċ nuair a ṫáinig an sagart do ḃí sé ag tláiṫínteaċt léi féaċaint an dtiocfaḋ sí ċun cainte leis. Ba ró-ḋeacair léi aon toraḋ a ṫaḃairt air, aċ í ag stracaḋ a cinn agus 'á ṡíor-rá 'Cad tá anois agam aċ crúnca boċt seanduine!' Ṫáinig trua agus taise ina ċroí di, is d'imiġ sé féna braid. 'Tar ċugam agus taḃair dom do láṁ,' ar seisean. Le grásta Dé ṫáinig sí, agus do ṡín a láṁ go dtí an sagart. 'Beannaċt Dé ort, a ḃean boċt, agus grásta na foiġne ċugat!' ar seisean.

" 'Ó, 'Aṫair, ná bac foiġne anois! Níor fágaḋ éinne agam,' ar sise.

" 'Tá do ḋóṫain fós agat, le cúnaṁ Dé,' arsa an sagart. 'Geall dom go mbeiḋ foiġne agat, agus go n-iompróir do ċros, agus geallaimse duitse go mbeiḋ tú compordaċ go deireaḋ do ṡaoil. Tá t'iníon in Ameiricá, agus cuirfiḋ mé fios uirti. Déarfaiḋ mé léi teaċt aḃaile ċugat, agus déanfaiḋ mé mo ḋíċeall duit ar gaċ slí gur féidir liom é, aċ geall dom ná beiḋ tú ag déanaṁ buarta!'

" 'Geallaim duit, 'Aṫair, amaċ óm ċroí agus óm béal go ndéanfad mo ḋíċeall.'

"Ansan dúirt sé le cuid de sna mná í tógaint leo agus féaċaint ina diaiḋ."

"Is ar ṫáinig a hiníon aḃaile?" arsa mise.

"Ṫáinig, a stóir," ar sise. "Sin í ṫíos i mBaile Uicín i pósta ag Tomás Ó Muirċeartaiġ, agus sin í Cáit Ṁistéal, a

máṫair, an tseanḃean go ḃfuil saol maiṫ anois aici, agus clann a hiníne timpeall uirṫi fé mar ġeall an sagart di. Aċ i dtaoḃ na lánún ṗósta a dóḋ,” ar sise, “ba ṁór an scrios iad.”

“Is naċ uafásaċ an scéal é,” arsa mise, “gur dóḋ beirt acu san! Nó conas a ṫarla dóiḃ? Nó cad a ċuir fé ṫine an tiġ in aon ċor?”

“Ḃí na daoine dall, a ḋalta, san am san, is ní raiḃ aon ċur amaċ acu ar ṗaraifín ná ar íle. Is aṁlaiḋ a ḃuail baraille ṗaraifín i gcladaċ éigin le Taḋg Óg agus le fear eile, is ṫugadar leo é go tiġ Ṫaiḋg Óig, mar b'é tiġ Ṫaiḋg ba ġoire don ḃfaill. Tiġ beag ab ea é, ná raiḃ air aċ aon doras amáin. An lá a ḃíodar 'á roinnt, ṫáinig a lán daoine agus crúscaí acu ċun braon a ḋ'ḟáil de. Fé mar ḃí sé 'á ċur sna hárṫaí, ḃíoḋ sé ag sileaḋ san easair. Aċ, fé ḋeireaḋ, do las duine éigin broḃ luaċra féaċaint an raiḃ puinn sa tsoiṫeaċ fós. Aċ mo ḃrón! nuair a ċait sé uaiḋ an broḃ ba ċosúil le splanc ṫóirní an blaḋm a ḋein an easair agus an soiṫeaċ in éineaċt. An ċuid acu a ḃí láidir agus in aice an dorais do ḋeineadar a slí amaċ ar ċuma éigin. Do ḃí an fear amuiġ agus an ḃean istiġ, is í 'á greadaḋ ina beaṫaiḋ, is gaċ aon scread aici ar Ṡéamas. Nuair a ċuala seisean í, ba ċuma leis a ḃeo nó a ṁarḃ—an ḃean ba ḋeise a ḃí i nDúnċaoin, agus máṫair a ḃeirt leanḃ. Ṫug sé iarraċt ar ṡáiteaḋ tríd an lasair ad iarraiḋ í fuascailt. Aċ mo ṁairg! níor ḟill sé féin ná an ḃean ná a tuilleaḋ naċ iad. Is minic

i dtosaċ an tsaṁraiḋ ina ḋiaiḋ sin a ḃíoḋ an ḃeirt leanḃ ag a máṫair ċríona, agus í ag duanaireaċt dóiḃ. Is é deireaḋ sí:

'Mo ġrá siḃ agus mo ṫaisce,
Mo ḋís gan teiṁeal ba ċneasta,
Anois ar ṫeaċt don tSaṁraḋ aḃaile,
Agus bláṫ gaċ súirt ar leaṫaḋ,
Is ḃur mbláṫsa féin ag casaḋ.'"

"Dia linn, nár ṁór an scrios é!" arsa mise.

"Ó, bíonn an ċinniúint ann, a ḋalta," arsa mo ṁáṫair.

Ḃí deireaḋ leis an gcursíos aici mar do glaoḋ isteaċ ċun an ḃíḋ orainn.

XI.— Cóisir is Tionlacan is Slán go Deo.

Líontí coṁarsan ag dul go hAmeiricá. Cóisir scarúna. An tionlacan. "Ní fada go gcuirfead ċugatsa an costas."

An rud is annaṁ is iontaċ. B'é sin an dálta céanna ag muintir Ḋúnċaoin é. Ní mór acu a ċonaic ceaint riaṁ, is ní raiḃ i mbéal ná i mbráid éinne acu aċ lá na ceainte. Ḃí talaṁ Ṁuiris le ḃeiṫ ar ceaint Dé Máirt, is ḃeaḋ an-lá spóirt againn.

Ar maidin Dé Máirt ṫáinig an reiceadóir, is ní raiḃ fear ná garsún sa ṗaróiste ná raiḃ bailiṫe ann. Ḃí a lán daoine ag cur isteaċ ar an dtalaṁ aċ, de ḃeascaiḃ gur baile an-iargúlta é, ní raiḃ éinne ṫar paróiste ag cur isteaċ air. Do ṫóg Pádraig Ó Scannláin, dearṫáir Ṁuiris, é mar ráinig an t-airgead aige, rud ná raiḃ ag a lán eile acu san am san.

Is é Muiris a ḃí go sásta tar éis an lae. Ḃí a aigne déanta suas aige ċun dul go hAmeiricá i gcónaí aċ níor éiriġ leis go dtí seo. Nuair a ṫáinig an oíċe ḃí cuireaḋ taḃarṫa ag Muiris do sna sean-ċoṁarsain go léir ċun oíċe cuideaċtan a ḃeiṫ acu i ḃfoċair a ċéile. Ḃí baraille leanna agus galún uiscebeaṫa aige, agus deirimse leat go raiḃ pósaḋ beag againn maidir le hamrán agus le cuideaċta. Ḃí

rince ag na daoine óga, leis, tamall den oiċe.

Ní ḃeaḋ Muiris sásta gan glaoċ ar mo ṁáṫair. Coṁarsain béaldorais ab ea iad, is ní raiḃ focal searḃ eatarṫu riaṁ, is dá ḃrí sin is mór an léan a ḃí ar mo ṁáṫair ina ḋiaiḋ.

“Imiġ,” ar seisean, “agus glaoiġ isteaċ ar do ṁáṫair. Ḃeiḋ cuideaċta na hoiċe anoċt againn aċ go háiriṫe.”

Seo liom amaċ, agus dar ndóiġ, is uirṫi a ḃí na sceitimíní, an ḃean ḃoċt. Ḃean an-ċuideaċtúil ab ea í féin, beannaċt Dé lena hanam is le hanamna na marḃ!

Nuair a ṫáinig sí, d'ḟáiltiġ Muiris roimpi, agus do ċuir sé na suí cois na tine ar ċaṫaoir í, is ṫug sé leis an crúsca uiscebeaṫa, agus do líon sé suas gloine ċuici.

“Seo,” ar seisean, “ól mo ṡláinte! Is í an ġloine ḋéanaċ go deo arís ar an dtaoḃ so í.”

Rug sí ar an ngloine.

“Sid í ḃur sláinte go léir,” ar sise, “agus go mórṁór sláinte Ṁuiris, mo ṡean-ċoṁarsa ṁín ṁacánta, nár ċuir leanḃ a ċoṁarsan riaṁ ag gol, is ní lú ná ṫáinig go dtí an doras riaṁ le feirg ċugam!”

Nuair a ġaiḃ Muiris timpeall arís, agus an crúsca ina láiṁ, níor dearmad sé an tsean-ḃean. Aċ om baisce naċ fada go raiḃ a caint ag teaċt di, is gur ró-ġearr gur tóg sí suas “Na Ḃearṫa Cruaḋa,” is do ḃí fuaim aici 'á ḃaint as ḃuaic an tí. Is mó duine adeireaḋ ná raiḃ a sárú d'aṁránaí i gCiarraiġe lena linn.

“Ar ṁ'anam, a Ṁuiris,” arsa mise, “go raiḃ an ceart ag an ḃfile nuair a dúirt sé—

'An tseanḃean a ḃeaḋ gafa ag an ngúta,
Is í caite sa ċúinne le péin,
Nuair ólfaḋ sí gloine ṫoistiúin de,
Go rincfeaḋ gaċ úll léi go réiḋ.'

Féaċ mo ṁátair anois, is gur ḋóiġ le duine ná fuil mágáine sa tsaol uirti!"

"Ó, sin mar a ḃíonn, a ċailín," arsa Muiris. "Do ḃí croí mór aici mara mbeaḋ ceal na sláinte."

Ansan do ṫosnaiġ an rince fé íoċtar an tí, is ḃí rí-rá agus bualaḋ bos againn gur ġeal sé anoir ar maidin. Ḃí sé in am ag gaċ éinne beiṫ ag baint a tí féin amaċ an uair sin. Rugas féin ar láiṁ ar mo ṁátair, agus ṫógas liom í, agus do ḃí smut maiṫ den lá caite san am gur ḋúisiġ sí lá arna ṁáraċ.

Fé ḋeireaḋ ṫáinig an lá go raiḃ Muiris agus a ṁuintir ċun an slán déanaċ a ḟágaint ag muintir an ḃaile. Ḃ'é nós a ḃí ann san am san, gaċ duine beag agus mór de ṁuintir an ṗaróiste ar fad do ḋul ag tionlacan an té a ḃeaḋ ag imeaċt go dtí Ameiricá. Is é an ġeoin agus an fotram a ḋúisiġ mé ar maidin. Do ḃí dul-trí-ċéile agus fuirse ar gaċ éinne. Ḃí a lán daoine muintearta ag teaċt go tiġ Ṁuiris an ṁaidin san ċun slán a ligint leis.

D'éiríos go tapaiḋ, mar ḃí a lán niṫe deaga agam féin le cur i ḃfearas. Ḃí m'aigne déanta suas agam anois, ón uair go raiḃ mo ṡláinte casta orm, dul in aimsir arís, dá ḃfaiġinn aon áit oiriúnaċ. Ní raiḃ éinní le fáil age baile. Dá ḟaid a ḟanfainn ann ní raiḃ

le fáil agam sa ḋeireaḋ aċ an bóṫar. Dá ḃrí sin do tuigeaḋ dom gurḃ ḟearr dom ḃeiṫ ag tuilleaṁ dom féin ná ḃeiṫ ag braṫ ar éinne eile; agus rud eile a ḃí sa treis, do ḃí Cáit Jim ag dul go hAmeiricá le cois Ṁuiris, agus do ḃí geallta aici dom go gcuirfeaḋ sí an costas ċugam ċoṁ luaṫ agus ab ḟéidir léi é; is ba ṁaiṫ an rud dom féin ḃeiṫ ag tuilleaṁ ċun cúnaṁ an ċostais a ḃeiṫ agam nuair a tiocfaḋ an lá.

Níor ṫugas fios d'éinne cad a ḃí ar m'aigne, aċ do ḃíos ullaṁ ċun ḃeiṫ le cois Ṁuiris don Daingean. Ḃí gleo an doṁain ar siúl acu i riṫ na maidne, duine ag gol agus duine ag gáirí. Is brónaċ an rud é duine ḃeiṫ ag dul go dtí Ameiricá! Is cosúil le bás é, mar is duine as an míle a ḟilleann ar an dtír seo go deo. Dá ḃrí sin, ní haon ionaḋ buairt agus míṡásaṁ a ḃeiṫ ar a muintir ina ndiaiḋ.

Ní raiḃ capall ná cóiste againn aċ aṁáin capall agus cairt a ḃí ag Jim, is do ḃí sí sin lán de ġiúirléidí, aċ go raiḃ slí ag Muiris, pé scéal é. Is ag siúl a ḃí an ċuid eile go léir.

San am go rabamar Bóṫar an Tobair suas ba ḋóiġ le duine gur soċraid a ḃí ann. Nós é sin a ḃí ag muintir Ḋúnċaoin san am san—pé duine a ḃeaḋ ag dul go dtí Ameiricá, do téidís 'á tionlacan go dtí an Leaċt. Ḃogamar linn an bóṫar, cuid againn brónaċ agus cuid againn suáilceaċ, nó gur ṡroiċeamar Mullaċ an Ċlasaiġ. Ansan a ḃí an cibeal acu! Ba ḃrónaċ an radarc é scarúint na gcarad le ċéile. Ḃíodar ċoṁ scarta le ċéile feasta is dá mba in uaiġ a ḃeidís curta. mar níor tarla

éinne acu ar a ċéile riaṁ ina ḋiaiḋ sin. An ċuid acu ná raiḃ ag dul don Daingean, d'ḟágadar slán ag an muintir a ḃí ag imeaċt, is ṫugadar a ndrom le ċéile. Ṫug dream acu a n-aġaiḋ ar an dtiġ agus dream eile a n-aġaiḋ ar ḃóṫar an Daingin.

Do ḃí siúl fada le déanaṁ againn, aċ má ḃí féin do ḃí gasra againn le cois a ċéile is níor ḃraiṫeamar ḃeit ag cur an ḃóṫair ḋinn, riaṁ is ċoiċe nó gur ṡroiċeamar an Daingean. Níor ḋeineamar aon stad nó gur ṫángamar go dtí tiġ an Ġealḃánaiġ, mar is é a ḃí ina ḟear ionaid loingis tráċtála go hAmeiricá san am san ann. Do ḃí mórán le déanaṁ acu—boscaí bóṫair is gaċ gleoṫáil le cur i dtreo acu fé ċoṁair an lae amáiriġ.

D'ḟanas féin ina dtreo i gcónaí, is nuair a ṫáiniġ an oiċe ḃí a lán daoine bailiṫe sa tiġ. Is ann a ḃíodar ċun fanúint go maidin. Deirimse leat go raiḃ cuideaċta sa tiġ an oiċe sin. Fear deas tí dob ea an Gealḃánaċ, is do ḃí ceol agus rince agus aṁráin ar siúl ann go dtí meánoiċe, is níor ḃraiṫeamar an t-am ag imeaċt, aċ sa deireaḋ dúirt fear an tí go raiḃ sé in am dul a ċodlaḋ, mar go mbeidís ag éirí go moċ ar maidin. Ansan do stopaḋ an ceol, agus do ċuaiġ gaċ éinne i bḟeiġil suain.

Ar a seaċt a ċlog ar maidin arna ṁáraċ do ḃí fotram ag an gcloigín. Ḃí gaċ éinne ar a ḋíċeall 'á ḃfáscaḋ féin suas ċun ḃeit ullaṁ do ḃéile na maidne; aċ go deiṁin ní mór a ḃí ar a gcumas d'iṫe ná d'ól, mar ḃíodar ró-ḃrónaċ.

Timpeall a deic a clog bíodar ullam cun bótair, is d'fágamar slán ag a céile. Bí uaigneas mór orm i ndiaid Cáit Jim. Cad 'na taob ná bead?—mo páirtí dílis ó bíos im leanb! Bíos ag gol gan dabt, ac dúirt sí liom:

"Ná bíod eagla ort, a cailín," ar sise, "má fágann Dia mo sláinte agamsa, ní fada go gcuirfeadsa cugatsa an costas. Slán leat anois!" ar sise, agus do crom sí féin ar gol.

Sar a raib am agam na deora a glanad óm súile, bíodar sciobta cun siúil as mo radarc. Dob é sin an radarc déanac a fuaireamar ar a céile!

XII—IN AIMSIR ARÍS.

Turas ar mo ṡean-ṁáistreás. Máistreás nua faċta agam. Saol cruaiḋ is croí cruaiḋ mná. An ḃó nár ċeanglaíos. Mé féin is an buaċaill aimsire.

A SCÉAL féin scéal gaċ éinne! Dob é an ḋálta céanna agamsa é. Fé mar adúrt ċeana, ḃí sé socair agam, dá ḃfaiġinn aon ionad aimsire, gan filleaḋ aḃaile. Mar sin do ḃuaileas an tsráid suas is ċuas isteaċ go dtí Neil. Ċoṁ luat agus ċonaic sí mé do ċuir sí fáilte roṁam. Ní raiḃ éinne istiġ san am san aċ í féin agus bean eile do ḃí ag caint léi. Do ḃí a brollaċ buailte anuas ar an gcúntar aici, agus caint éigin ar siúl acu nuair a ċuas isteaċ.

"Ṫug cúram éigin don Daingean inniu tú, a Ṁaiġréad?" arsa Neil.

"Ṫug, ṁuise," arsa mise. "Ar ċualais riaṁ 'Máistir ag lorg buaċalla, agus buaċaill ag lorg máistir'?"

"Is minic a ċuala," arsa Neil.

"Is aṁlaiḋ a ṫánga féaċaint a' mbeaḋ aon ċuntas agat cá ḃfaiġinn ionad aimsire?"

Ḋein sí smiota gáire.

"An diag," ar sise, "go mb'ḟéidir go ndéanfá féin agus Ḃríḋín margaḋ."

Dob ṡin í an ḃean a ḃí ina seasaṁ ag an gcúntar. D'iompaiġ sí orm agus laḃair.

"Is fearr duit teaċt liomsa," ar sise. "Teastaíonn do leiṫéid go maiṫ uaim. Taḃarfaiḋ mé oċt bpúint duit go ceann bliana."

Do ḃí sórt aiṫne agam uirṫi roiṁe sin is do tuigeaḋ dom gur ḃean an-deas ab ea í; aċ tá sé ráite riaṁ gur 'in ite na putóige a ḃíonn a tástáil.' Aċ pé scéal é, do ḋeineamar an margaḋ, agus ní ḣinstear scéal air nó go raḃas i mbéal a dorais. Do ḃí capall agus cairt aici féin agus ag a fear sa Daingean, is do ḃuaileadar mise ċucu sa ċairt, agus ní raḃamar i bfad ag dul go dtí an tiġ.

Ar ḋul isteaċ don tiġ dom féin ṫáinig doirċeaċt an doṁain orm, mar do ḃí ḟios agam go raḃas fé ḋaoirse aṫuair. Aċ má ḃíos féin do ḃí orm é ḃrú ar m'aigne. D'ulliṁaiġ bean an tí an bia go tapaiḋ, agus do ṡuíomar ċun an ḃoird i dteannta a ċéile. Ḃí a lán ceistiúċáin aici 'á ḋéanaṁ orm i dtaoḃ cúraimí an tí, aċ dúrt léi ná raiḃ einní is daille a ṫiocfaḋ orm ná na ba do ċrú, mar ní raiḃ taiṫí agamsa ar aon ḃó a ċrú.

"Ní ḋéanfaiḋ san puinn difríoċta," ar sise. "Beiḋ tú maiṫ go leor i gceann mí."

Ċaiṫeas díom mo ḃrat, agus is mé a ḃí go cruaiḋ láidir ag déanaṁ mo ġnóṫa ar fuaid an tí sin feasta. Ní fada go raḃas ábalta ar na ba do ċrú, agus ar a lán cúraimí eile, leis. Do ḃí breis agus mo ḋóṫain le déanaṁ toisc ná raiḃ buaċaill aimsire sa tiġ. Dá ḃrí sin, ḃí orm ḃeiṫ ag obair istiġ agus amuiġ.

Ní fada a ḃíos ann nuair a ḃí 'ḟios agam naċ 'catair mar a tuairisc' Ḃrídín. Is minic

a ḃíoḋ geonaíl im ġoile leis an ocras, agus gan aon ḋul agam ar aon ġreim bíḋ nó go mbíoḋ sé in am go maiṫ agam. Is minic a ḋeirinn im aigne gur bladar agus beag-ṁaiṫeas a ḃí aici. Ní raiḃ croí luiċe sa ṁnaoi sin. Níorḃ ionann a croí agus croí Neil. Sin í an ḃean go raiḃ an croí mór aici!

Aċ níorḃ aon ṁaiṫ ḃeiṫ ag cuiṁneaṁ air sin anois. Ḃí an ḋóċas am ċoimeáḋ suas. Dá mb'ḟéidir liom oibriú ann go ceann bliana, go mbeaḋ sé ar ċumas Ċáit Jim an costas do ċur ċugam, agus go mbeaḋ oireaḋ pingní tuillte agam agus do ḋéanfaḋ cúnaṁ maiṫ dom. . . Dá ḃrí sin, ḃíos ag brú gaċ ní ar m'aigne agus mé ag obair liom.

Fear an-ṁaiṫ ab ea fear an tí, aċ ar nós céad duine naċ é, ní air a ḃí an bríste. Toisc gur mise a ḃíoḋ timpeall na mbó, ní ḃíoḋ de ḃagairt aige orm aċ gan a ḃeiṫ den riaċ orm gan iad do ċeangal i gceart, mar do ḃí sé an-ċontúrtaċ dá scaoileaḋ aon ċeann acu. Is aṁlaiḋ a ḃí sail ḟada aḋmaid ó ḃinn go binn i dtiġ na mbó, is lúb agus slabra sáite isteaċ tríd i dtómas gaċ bó. Ḃí deiċ gcinn de ḃuaiḃ sa ċró agus dá ḋoras air sin. Is annaṁ a ḃíoḋ na dóirse iata, mara mbeaḋ droċaimsir ann.

Lá Satairn ḃí fear an tí sa Daingean, is do ḃí ormsa an stoc d'ionramáil an tráṫnóna san. Toisc go raiḃ mórán le déanaṁ agam is dóċa gurḃ aṁlaiḋ nár ḋeineas mo ġnó i gceart. Mar deireann an seanḟocal 'An té ná beireann ar an ngnó, beireann an gnó air,' agus is fíor é. Ḃí an oíċe tiṫiṫe nuair a ṫáinig fear an

tí abaile, agus a hata ar a leaṫċeann aige fé mar ba ġnáṫaċ leis, agus is beag an tinneas a ḃí ag bó ná ag gaṁain 'á ċur air. Nuair a ḃí blúire bíḋ ite aige, do ċuaiġ sé a ċodlaḋ dó féin.

D'éiríos féin go moċ ar maidin lae arna ṁáraċ. Ċuireas mo ċeann don doras, is a Ḋia Ṁóir! cad a ċífinn ṫuas aċ ceann de sna ba, agus í amuiġ ar an mbuaile ag cogaint a cíoraċ di féin. Ní ḟéadfainn insint ar an léim a ṫug mo ċroí le scanraḋ. D'óbair nár ṫit an t-anam asam. Do ḃíos ar baille-ċrit. Do ḃí eagla orm roiṁ fear an tí. Cad 'na ṫaoḃ ná beaḋ? Is é an t-orḋú a ḃíoḋ aige 'á ċur orm i gcónaí gan aon ḟaillí a ṫabairt sna ba, nuair a ḃeinn 'á gceangal. Ḃíos deiṁniṫeaċ de go raiḃ díoḃáil déanta ag an mbó. Cén leaṫscéal a ṫabarfainn dó? Ḃí milleán tuillte agam. Mo ċionta féin do ṫuill an milleán san dom! Ḃeaḋ náire orm filleaḋ abaile lena leiṫéid d'óinsiúlaċt, agus ina ṫeannta san an díoḃáil a ḃí déanta agam dó trím liobarnaċt!

Aċ níorḃ aon ṁaiṫ ḃeiṫ ag seanċas nuair a ḃí an anaċain déanta. Ḃuaileas suas ċun tí na mbó is mo ċosa ag lúbarnaiġ fúm. Nuair a ċuireas mo ċeann isteaċ ag breaṫnú ar cad a ḃí déanta ag an mbó, ḃíodar ar fad ina luí fós, agus iad ag cogaint a gcíoraċ, aċ aṁáin an ḃó ba ġoire don ndoras. Do ḃí fuil ag sileaḋ léi sin, agus gúnga an ḃáis uirti. "Tá do ġnósa déanta, a ċailín, aċ go háiriṫe?" arsa mise.

Sin é an uair a ḃíos i gcruaċás, agus gan fios agam cad ba ṁaiṫ ḋom a ḋéanaṁ.

Is é an smaoineaṁ a ṫáinig im ċroí dá mbeaḋ an lúb tarraingṫe agam as an tsail aḋmaid go ḃféaḋfainn an téadán a ċur ar ċeann na bó is ná beaḋ 'ḟios ag éinne ná gurḃ aṁlaiḋ a ṫarraing sí féin é.

Ansan ṫáinig sórt misniġ orm is rugas ar an dtéadán, aċ, a Ḋia na nGrást! do ḃí san coṁ daingean leis an gcois insa tuairgín! Ní ṫarraingeoḋ Taḋg Ḋiarmada é an lá ab ḟearr a ḃí sé.

Do ċeanglas an téadán ar mo ċorp, is do ċuireas mo ḋá rúta coise i bḟeac. Aċ, mo ṁeaṫ! ní raiḃ an lúb ag bogaḋ. Do leanas ar ḃeiṫ ag luascaḋ sall 's anall, agus is gairid gur ḃraiṫeas ag bogaḋ í. Sin é an uair a ṫáinig an scóp orm! Ċuireas mo neart go léir ag obair, aċ an riaċ mé gurḃ ionaḋ nár baineaḋ an inċinn asam i gcoinne an ḟalla nuair a ṫáinig an lúb liom. Ar m'ḟocal nárḃ ḟearr liom an paróiste do ḃronnaḋ orm san am san! "Buíoċas mór le Dia," arsa mise, "a ḟuasclann gaċ cruatan!"

Seo liom amaċ mar a raiḃ an bó. Do ċeanglas an téadán ar a ceann, agus deirimse leat nárḃ ḟéidir le héinne a ḋéanaṁ amaċ caḋ do ṫarla.

Nuair a ḃí san déanta agam, ḋúnas an doras ar eagla go raġaḋ sí isteaċ ṫar n-ais, is go nḋéanfaḋ sí tuilleaḋ díoḃála. Do ḃuaileas anuas agus misneaċ níos fearr orm. Ċuas go dtí doras an tseomra, agus do ġlaos ar ḟear an tí.

"Cad tá ort?" ar seisean go míċéataċ, mar ḃí dríodar na meisce fós air.

"Ceann de sna ba atá scaoilte," arsa mise.

"Ó Dia linn!" ar seisean, "is dóċa go ḃfuil díoḃáil déanta aici?"

"Is dóiġ liom go ḃfuil an ḃó ḃuí gortaiṫe, pé scéal é," arsa mise.

Seo anuas é agus fuadar fé, is ní ḃrisfeaḋ sé uḃ féna ċois. Níor ḟan sé le bróig ná le stoca. Ḃí an fear boċt scanraiṫe. Níorḃ aon ionaḋ é sin, mar do ḃí a ḋóṫain cúraim air is gan díoḃáil dá ṡórt do ṫeaċt trasna air.

Seo linn suas go dtí tiġ na mbó, é sin roṁamsa amaċ, agus for-ḋroinn air. Ċuaiġ sé go dtí an ḃó a ḃí gortaiṫe agus do scrúdaiġ í. Ḃí sí pollta sa ċeaṫrúin, aċ dúirt sé ná beaḋ seoiḋ uirṫi. Ċuaiġ sé go dtí an ḃó a ḃí ar an mbuaile, agus d'ḟéaċ ar an gceangal a ḃí ar a ceann. Ḃí sí ansan ag cogaint a cíoraċ, an slaḃra agus an lúb ar sileaḋ léi.

"N'ḟeadar ó neaṁ anuas," ar seisean, "conas a ṫarraing sí é! Déarḟainn go raiḃ sé ċoṁ daingean is ná tarraingeoḋ an Great Eastern é."

Aċ ní déarfaḋ sé an ċaint sin dá mbeaḋ ḟios aige cad é an saoṫar a ḃí ormsa d'iarraiḋ a ṫarraingṫe!

Fear teasaí mallaiṫe ab ea an Máistir, agus níorḃ ḟios cad a déanfaḋ sé liomsa; aċ an uair sin ní raiḃ éinní le rá aige. Do ḃíos ar an dtaoḃ ċaoċ de, is níorḃ ḟéidir leis aon ṁilleán a ċur orm! Aċ creid mise leis

ná rabas i nguais dá ṡórt an ḟaid a ḃíos sa tiġ; gur ṫugas toga na haire do gaċ ní a ḃíoḋ agam 'á ḋéanaṁ.

Maidin Saṫairn i dtosaċ an Earraiġ ḃí fuirse agus fuadar an domain fé ḟear an tí. Do ḃí ḟios agam go maiṫ gur ag dul don Daingean a ḃí sé. Fear ab ea é go dtaḃarfaḋ súgán sneaċta ann é. Timpeall a deiċ a ċlog do ġaiḃ sé an capall.

"Cá ḃfuil tú ag dul inniu?" arsa mise.

"Féaċ an mbuailfeaḋ aon tsórt buaċalla liom," ar seisean. "Tá mórán le déanaṁ an tráṫ so don mbliain, is dá ḃfaiġinn éinne a leanfaḋ an capall féin—aċ is deacair iad d'ḟáil mar tá stracaḋ orṫu. Agus rud eile, ba ṁaiṫ liom cuid den ualaċ a ṫógaint díotsa."

"Go gcuire Dia i gceann na maiṫeasa ḋuit i gcónaí!" arsa mise, ag bualaḋ liom suas cosán caol a ḃí idir an tiġ agus an cúlġarraí.

Ḃí bean an tí ullaṁ san am so ċun ḃeiṫ lena ċois, mar níor ṁaiṫ léi é ḃeiṫ ina aonar nuair a ḃeaḋ an capall aige, mar ba ġnáṫaċ leis an inċinn ḃeiṫ sa leaṫċeann go minic aige ag teaċt ón nDaingean, is dá ḃrí sin, ḃíoḋ sí an-imníoṁaċ ina ṫaoḃ. Nuair a ḃíodar ullaṁ ṫarraing sé stráiméad den ḃfuip ar an gcapall, agus as go bráċ leo. Dar ndóiġ, níorḃ ḟearr liomsa rud de, mar ní ḃíoḋ mórán suaiṁnis agam an ḟaid a ḃíoḋ Brídín os mo ċomair. Ní i gcónaí a ḃíoḋ sí sásta. Ḃí sí cruinn ciapánta, agus go deiṁin, is dóċa gur minic a ḃíoḋ smut den gceart aici ċugamsa.

Aċ pé scéal é, do ḃí an tráṫnóna acu san

am gur filleadar, agus balcaire buachalla lena scois. Nuair a tháinig fear an tí isteach:

"An dóigh leat ná go bhfuaireas é?" ar seisean, agus sórt laochais air.

"M'anam go bhfuil sé agat," arsa mise—"balcaire teann láidir!"

"Tá, agus ní bheidh oiread oibre ortsa anois, le cúnamh Dé."

Sea! nuair a bhí an suipéar ullamh, do shuíomar síos, agus do bhíomar ag ithe agus ag ól go suáilceach i dteannta céile. Do bhí sórt urraim don mbuachaill, tá 'fhios agat. Sean-focal is ea é, 'gach nuaíocht i dtigh is é is mó a gheibheann cion.'

Ní raibh leath na hoibre ormsa anois, cé gur minic a chaithinn bheith ag tabhairt cabhrach dóibh i ngnótaí áirithe, is bíonn mórán le déanamh ag feirmeoirí san Earrach. Bhíomar ag caitheamh na haimsire linn, tamall bog agus tamall cruaidh, go raibh dhá mhí caite againn i dteannta céile. Pusachán diabhail ab ea an buachaill, agus is minic ná bímis araon buíoch dá chéile, ach do bhíodh an-eagla air roimh fhear an tí.

Maidin Domhnaigh, tar éis teacht abhaile ón gcéad Aifreann dom, do bhí an-tinneas fiacail orm, is do bhíos chomh míshásta le muic. Bhí lánú an tí imithe go dtí an tarna hAifreann. Do theastaigh uaim an tine d'adú agus dúrt leis an mbuachaill, a bhí ina sheasamh sa doras ag cur tobac ina phíp, birdeog mhóna a thabhairt chugam ón gcruaich. D'fhéach sé orm go ciotrúnta agus dúirt:

"Ní dem chúramsa cúram cailín!"

"Ní iarrfainnse ort é mara mbeaḋ an tinneas fiacail go ḃfuilim as mo ṁeaḃair aige."

"Sa diaḃal tú féin is t'ḟiacla lofa?" ar seisean.

Ara, a ḋuine, ṫáinig rabarta feirge orm mar do ġoin an ċaint neaṁṫruaṁéileaċ san mé. Rugas ar ṫurnap ḃog lofa a ḃí lem ais is ṫugas fé, is cá mbuailfinn é ná cruinn díreaċ isteaċ i bpoll na cluaise! Do ḋein praiseaċ den dturnap ar a leaṫċeann, is ar m'anam! dá sáiṫeaḋ sé mé nár ḟéadas gan gáire fé, cé nár ṁaiṫ an dóiċín san am san é, mar do riṫ sé ċugam, agus a ḋorn dúnta aige ċun mé ḃualaḋ.

"Seaċain, a ġarsúin, is ná buail mé, nó is tinn duit!" arsa mise.

"Muise, go mbuaile an diaḃal do leiṫeaḋ ort!" ar seisean, agus d'iompaiġ sé uaim.

Ṫógas liom an ḃirdeog, is ar ċasaḋ ḋom leis an móin, ḃí sé im ċoinne an doras amaċ, agus beartán féna ascaill aige.

"Sea a ḃuaċaill," arsa mise, "má ḃí fiacla lofa agamsa ó ċianaiḃ tá leaṫċeann lofa agatsa anois?" mar do ḃí rian an turnaip fós ar a leaṫċeann.

Níor labair sé focal liom aċ púic a ċur air féin. Ḃí a ċeann ċoṁ dearg le coileaċ turcaí le raċt feirge.

Nuair a ṫáinig fear an tí abaile do ġlaoiġ sé ar an mbuaċaill ċun an ċapaill do scur, aċ mo ṁairg! ní raiḃ an buaċaill le fáil ná fios a ṫuairisce. Ní raiḃ d'ḟios againn cá raiḃ sé imiṫe aċ aṁáin go raiḃ a ṡean-ḃalcaisí

ardaiṫe ċun siúil aige. Cé go raiḃ amras an domain ag bean an tí gur aċrann éigin a ḃí idir mise agus é féin, ar m'anam nár ṫugas-sa pioc eolais di, aċ ligint di é fáil amaċ ó ḋuine éigin eile.

XIII.—Mo Laeṫeanta Deiriḋ in Aimsir.

Gáire ḃean an tí. Ar lorg na mbeiṫíoċ. Droċscéal agam ón mbaile. Turas brónaċ oíċe abaile.

Tráṫnóna bog ceoċ, tar éis aimsir dinnéir i dtosaċ na Bealtaine, do labair bean an tí liomsa:

"Bagair anuas na gaṁna, a Ṁáig-réad," ar sise, "agus beiḋ a gcúram dinn sara raġaiḋ tú ag triall ar na ba."

D'imios liom agus ḃagraíos anuas oċt gcinn de ġaṁna óga a ḃí ann. Nuair a ḃí an bainne ólta acu do ṫiomáin sí ċugam amaċ iad.

"Bagair leat suas anois iad agus ná bí i ḃfad ṫuas!" ar sise.

Toisc an ḟliuċáin agus an ṗluda a ḃeiṫ ann, ḃí íoċtar mo ċóta* tógṫa suas go maiṫ agam ċun ná beaḋ ríobal gránna air. Le linn dom gaḃáil anuas ṫar fuinneoig na cistine lasmuiġ, d'ḟéaċas uaim isteaċ. Is aṁlaiḋ a ḃí sí féin ina seasaṁ ag an mbord, is triṫí gáirí uirṫi. Do tuigeaḋ im aigne ḋom an uair sin gur ag gáirí fúm féin a ḃí sí toisc na cosa beaṫaiṫe a ḃeiṫ agam agus an ríobal a ḃí ar íoċtar mo ċóta. Ṫáinig smuilc orm. Nuair a ṫanga isteaċ do ḃí si sna triṫí céanna agus fé mar a ḃeaḋ greim aráin ina béal aici.

"An raġad ag triall ar na ba?" arsa

*Petticoat

mise. Aċ níor lig sí uirṫi gur ċuala sí mé, aċ clab uirṫi ag gáirí.

“Ṁuise, léan air mar ṡaol,” arsa mise, “is ait an mac é! Tusa ag stealla-ṁagaḋ fúmsa, agus mise tagṫa ċun baile coṁ maiṫ leat! Aċ tá sé ráite riaṁ ‘an fear lag mar ḟéadfaiḋ agus an fear láidir mar ṡantóir’.”

Rugas ar ċipín ṁaide im láiṁ is d'imíos leat-ṁíṡásta go maiṫ ag triall ar na ba.

Aċ ar ḟilleaḋ aḃaile dom leo do ċuala geoin agus dul-trí-ċéile istiġ. Seo isteaċ liom, agus cad a ḃeaḋ ná bean an tí d'ḟágas leat uair an ċloig roiṁe sin ina seasaṁ ag an mbord ag briseaḋ a croí ag gáirí, mar a ċeapas, agus í sínte sa leaba, go tréiṫ, agus ná ḟéadfaḋ sí focal a labairt!

“A Ḋia Ṁóir na ḃfeart!” arsa mise. “Cad a ṁaraiġ ó ṡin í?”

Ní raiḃ ḟios ag éinne cad d'imiġ uirṫi. Níorḃ ḟéidir léi aon deoċ do scaoileaḋ siar, mar ḃí a scornaċ dúnta suas, ná níorḃ ḟéidir linn aon ḟocal a ṫuiscint uaiṫi, aċ aṁáin trí ṁannta beag a ḃí i dtosaċ a béil go raiḃ fiacal titiṫe as. B'éigean d'ḟear an tí imeaċt ar deireaḋ na hoiċe ag triall ar an sagart agus ar an ndoċtúir.

An doċtúir a ṫáinig ar dtúis agus banaltra ina ṫeannta.

Ḃí sé cuíosaċ déanaċ sa tráṫnóna nuair a ṫáinig an sagart. Tar éis í ḃeiṫ ullaṁ ċun báis aige do ṫaispeáin an ḃanaltra dó an scornaċ, is do scrúdaiġ sé í go maiṫ.

“Faiġ ceiri minrois dom,” ar seisean.

fuair, is ṫóg sé i láiṁ leis í, agus ḃain sé fíor na croise leis an láiṁ eile uirṫi. Ansan ḃuail sé isteaċ leis an scornaiġ í. Ní mór ṫar ceaṫrú uaire an ċloig a ḃí ann nuair adúirt sé leis an mbanaltra an ċeirí a ṫógaint anois. Nuair a ṫóg sí í, is aṁlaiḋ a ḃí—Dia idir sinn agus an t-olc!—fé mar ḃeaḋ miongán beag seilmide ar an gceirí.

“Ó, ’Aṫair,” arsa an ḃanaltra, “cad a ḋéanfaḋ anois leis?”

“Iompaiġ ṫarat,” ar seisean, “agus clúdaiġ an tine sin anuas air.”

Do ḃí bean an tí ag dul i ḃfeaḃas as san amaċ. Is minic adeirinn léi nuair a ċuireaḋ sí olc orm ina ḋiaiḋ sin gurḃ iad na sióga do ċrústaiġ léi!

Ḃí an saṁraḋ go breá broṫallaċ tirim. Do ḃí a cúig nó a sé do ḃeiṫíġ ṫuas i bpáirc ċnoic ar féaraċ, is toisc an aimsir a ḃeiṫ ċoṁ tirim is ḃí, caití iad a ṫaḃairt ċun uisce go minic. Tar éis aimsir dinnéir ṫáinig fear an tí isteaċ.

“B’fearr ḋuit, a Ṁáiġréad,” ar seisean, “na beiṫíġ a ṫiomáint ċun uisce. Níor óladar aon deoċ le ḋá lá.”

Cé go raiḃ leisce mo ḋóṫain orm ní raiḃ aon ġnó agam cur ina ċoinne. Dar nḋóiġ, is ċuige a ḃíos ann, is mo ḋá ṗingin dom.

D’éiríos im ṡeasaṁ, is do ġlaos ar ċoil-eáinín gaḋair a ḃí sa tiġ. Ḃí sé an-áisiúil mar ḃí sé múinte agam ċun ḃeiṫ ag breiṫ ar eireaball orṫu. Ċoṁ luaṫ is ṗriocaḋ sé iad, d’imíḋís fiáin. Is minic a ḃíoḋ fear an tí feargaċ liom mar ḃíoḋ a n-eireaḃaill gearrṫa

ag an gcoileán, aċ ba ċuma liomsa san, ċoṁ fada is go mbíoḋ sé áisiúil dom féin.

Ḃogas féin agus mo ċoileáinín liom suas, aċ nuair a ċuas go dtí an ṗáirc ní raiḃ tásc ná tuairisc na mbeiṫíoċ agam le fáil. Ṗáirc ċnoic ab ea í, agus ḃí sí cuíosaċ árd. Nuair a ċuas go mullaċ na páirce ní raiḃ aon raḋarc agam le fáil orṫu. Do ḃíodar bailiṫe leo ó ḃrotall an lae. Ní raiḃ fios agam cad ba ṁaiṫ dom a ḋéanaṁ. Aċ nuair a ċuas i raḋarc an taoḃ eile den ṁaolċnoc, ċonac fear meánaosta tamaillín uaim. Ċuas ċuige is d'fiafraíos de an ḃfaca sé aon ḃeiṫíġ stróinséarṫa.

"Níl aċ tamaillín," ar seisean, "ó d'imíodar ṫarm sall ansan, agus is dóiġ liom go ḃfuil siad istiġ san ḃfoṫraċ úd ṫall."

Seo liom sall, agus mé go sásta, mar ṡíleas go mbeaḋ lorg an lae agam orṫu. Ṫiomáineas liom iad nó gur ṫánga mar a raiḃ an seanduine, is tug sé cabair dom ċun iad a ċur isteaċ don ṗáirc. Mara mbeaḋ é, do ḃeaḋ 'Turas Ṫobair Deire an Domain' agam orṫu. Fear an-deas ab ea é, agus ġaḃas mo ḃuíoċas leis. San am gur ṫánga ar an dtaoḃ eile den ṗáirc, do ḃíos ċoṁ traoċta le madra agus allas ag sileaḋ ḋíom; is dar nDóiġ, do ḃí fad bannláiṁe dá ṫeangain amuiġ ag mo ċoileáinín. Do ḃí na beiṫíġ ag inior dóil' féin, agus ní raiḃ aon deaḃaḋ orm.

Do ṡuíos síos ar lantán deas fionnáin agus fraoiġ. Ḃí an uair go haoiḃinn, agus leoiṫne beag deas fionnuar gaoiṫe ag séideaḋ. Ṫugas cead saor ó ċroí di mé ṗógaḋ. Ḃí grá agam

don ngaoiṫ a ṡéideann ón ḃfarraige. Ḃí fáilte agam roimpi an uair úd. Ċuir sí i gcuiṁne dom an aimsir aoiḃinn aeraċ a ḃínn féin agus Cáit Jim ag dul le bia ar an gcnoc go dtí luċt na móna a ḃaint. Naċ fada ó ċéile a ḃíomar inniu! Naċ iomaí cnoc agus gleann agus tonn tréan farraige a ḃí idir mise agus í! Ise i dtír iasaċta, í ina bean uasal, fáinne ar a méir agus uaireadóir ina póca! N'ḟeadar an ḃfuil sí sásta inniu; nó an ḃfuil sí ag cuiṁneaṁ ormsa fé mar atáimse ag cuiṁneaṁ uirtise? B'ḟéidir go ḃfuil formad aici liom. Tá an maolċnoc so, go ḃfuilim im ṡuí air, ċoṁ taitneaṁaċ le haon ḃall i dtír na bPúncán. 'Is glas iad na cnoic i ḃfad uainn, aċ ní ḃíonn siad féarṁar.' Dá mb'é toil Dé go mbeaḋ sé i ndán dom baile beag éigin d'ḟáil in Éirinn, ní ḟágfainn lem ṁarṫain í.

Deirtear gur 'buan é duine ina ḋúṫaiġ féin.' An ḃfuil éinne sa doman ná laġóḋ an raḋarc a ċím é—na céadta cnoc ag ropaḋ a gcinn de ḋroim a ċéile. Láiṁ leo tá maċairí míne réiḋe agus páirceanna glasa cuṁra, fir agus mná agus for-ḋroinn ortu ag obair sna páirceanna san, faoileáin ḃána go glóraċ ag eiteall os a gcionn sa spéir, ag taḃairt iarraċt anois is arís fé ṫuirling ar an dtalaṁ ċun bíḋ d'ḟáil dóiḃ féin. Ḃí raḋarc álainn agam le feiscint ó Ṁám Ḃaile na nÁṫ go Cuas an Ḃodaiġ, agus as san ó ṫuaiḋ go dtí Loċ Ċill Ċúáin, mar ar ċuir an naoṁ beannaiṫe an clogad ar ċeann na péiste. As san arís

mórṫimpeall go dtí Baile an Ġóilín. Amaċ arís go dtí Pointe na Reanna Bige mar ar ṡnáiġ Muiris Ó Séaġḋa trasna nuair a ḃí sé ag teiċeaḋ ón luċt airm; agus sin é in aice na Reanna Poll an Daiṁ, mar a dtagaḋ go leor loingis ċun cuain. Ḃí raḋarc álainn agam
loingis ċun cuain. Ḃí raḋarc álainn agam
trasna na Bá ċoṁ fada le hUiḃ Ráṫaċ. Do ḃí an ḟarraige go maorga, agus taitneaṁ na gréine ag tabairt daṫ an óir ar an uisce.

Dá mba duine mé d'ḟéadfaḋ cruinnċúntas do ċur síos ar áilleaċt na raḋarc is ar aoiḃneas na tíre im ṫimpeall, ḃeaḋ mórán le cur síos agam. Do ḃíos fé mar ḃeaḋ duine a ḃeaḋ fé ḋraíoċt, agus níor ḃraiṫeas an t-am ag sleaṁnú ṫarm. Ṗreabas im ṡeasaṁ agus ḃaineas searraḋ asam féin. Ġríosaíos an coileáinín leis na beiṫíġ, aċ má ḋeineas ba beag aird a ḃí aige orm. Ċuaiġ sé mar a raḃadar, agus ṡuiġ sé ar a ṫóin! Do réir mar a ḃíos-sa ag fógairt air, is i leisciúlaċt a ḃí sé ag dul. Ba ḋóiġ leat gurḃ aṁlaiḋ a ḃí sé ag magaḋ fúm. Dá mbeaḋ greim agam air san am san do stracfainn as a ċéile é. Ḃíos-sa gan bróg gan stoca agus ní raiḃ éinní ag fás tríd an bpáirc aċ aiteann mín agus fraoċ, agus ba ċosúil le snáṫaid táilliúra gaċ aon dealg a ḃí tríd aníos, ina ċoilgṡeasaṁ tar éis teas an lae. Ba ċancaraċ an scéal domsa siúl tríd, cosnoċtaiṫe, aċ ní raiḃ aon ní le déanaṁ aċ tabairt fé. Seo liom tríd síos i dtreo na mbeiṫíoċ, is nuair a ḃraiṫeadar ċuċu mé, ċuireadar féin sa tsiúl roṁam amaċ, nó gur

ṫángadar go dtí an geata. Ḃí fios ag an gcoileán go raiḃ an feall déanta aige, mar dá méid bladair a ḋéanfainn leis ní ṫiocfaḋ sé im ġoire.

San am go raiḃ na beiṫíġ ag an aḃainn is mó go mór an gá a ḃí agam féin leis an uisce ná mar ḃí acu san, ċun mo ċosa a ropaḋ isteaċ ann, mar ḃíodar scólta ag an aiteann. Ḃí fear an tí romham, agus dúirt sé liom dul aḃaile, agus go gcuirfeaḋ sé féin suas iad. Ar teaċt aḃaile dom ḃí muc ar gaċ malainn ag bean an tí, agus is é dúirt sí:

"Is mairg duit nár ḟan tamall eile!"

Ḃí an ceart aici ar ṡlí, aċ mar sin féin, bíonn an ceart ró-ḋian go minic.

An té go dtosnaíonn an t-anró leis leanann sé é. Do ṫosnaiġ sé liomsa luaṫ go leor im ṡaol, agus ḃí sé in aċrann liom fós. Ar maidin Dé hAoine tar éis bricfeasta, do ġlaoiġ bean an tí orm. Nuair a ṫánga isteaċ—

"Cad tá anois ort?" arsa mise.

"Tá an boss ag dul don Daingean," ar sise. "Is fearr duit ḃeiṫ lena ċois, is meadar bainne do ḃreiṫ leat."

Dár ndóiġ, is mé a ḃí go gliondaraċ, mar is fada roiṁe sin go ḃfuaireas an ċaoi.

"Cad tá ort féin?" arsa mise.

"Ní ḃraiṫim mé féin ar fónaṁ inniu. Tá tinneas cinn orm," ar sise.

"Is olc an ġaoṫ ná séideann do ḋuine éigin," arsa mise, im aigne féin.

Ḃí an capall gafa sa ḃuaile ag fear an tí. Cuireaḋ amaċ an meadar. Nuair a ḃí an bainne

inti, agus gaċ ní ullaṁ, ṡuíomar isteaċ sa ċairt, is ní fada a ḃíomar ag dul don Daingean —laistíos soir ċun an Mall, mar is ann a ḃí margaḋ an ḃainne. Do scuir sé an capall is do ċeangail de ṫaoḃ geata a ḃí ann é, agus ċuir sé féar ċuige. Ansan d'imiġ sé uaim i ḃfeiġil a ċúraimí féin, agus d'ḟág sé mise i mbun an ḃainne a ḋíol. Ḃí bean roṁam ansan go raiḃ toṁaiseanna aici ċun an ḃainne a ṫoṁas do luċt a ċeannuiṫe.

Ḃí deireaḋ díolta agam naċ mór san am go ḃfaca fear ag déanaṁ orm aniar. Ḃí a ċeann fé agus cuma ġruama air. Fear ó Ḋúnċaoin ab ea é. D'imiġ sé ṫarm, is ní fada go ḃfaca fear eile agus an ġruaim ċéanna air. Mo ḋearṫáir Seán an fear san. D'aiṫníos ar an ḃfionnaḋ a ḃí air go raiḃ trioblóid éigin air. Do riṫeas ina ċoinne, agus rugas ar láiṁ air.

"Tá rud éigin oraiḃ, a Ṡeáin," arsa mise.

"Ṁuise, Dia linn! tá ár ndóṫain," ar seisean. "Cáit Ṁór a cailleaḋ aréir."

Ara, a ḋuine, do ḃain sé geit asam! Cad ina ṫaoḃ ná bainfeaḋ? Dob í bean mo ḋearṫár, Pádraig, í, máṫair scata leanḃ óg, agus ceirtlín de ṁnaoi ḃreá óig.

Dob í an tarna bean í do ḃí pósta aige, mar níor ṁair Máire Ṡeáin Ḃáin aċ cúpla bliain.

"Cad d'imiġ uirṫi?" arsa mise.

"Leanḃ óg do ḃí aici, is ní raiḃ aon ṁoill uirci," ar seisean.

"Cá raġair anois?" arsa mise.

"Raġad féaċaint an ḃfeicfinn é. Tá sé féin agus Máire"—b'í sin mo ḋeirfiúr—"timpeall giúirléidí an adlacta agus an

tórraiṁ. Tá an fear boċt as a ṁeaḃair agus ní haon ionaḋ ḋó é,'' is d'imiġ sé uaim.

Dob éigean dom suí síos agus cromaḋ ar ġol, is nuair a ṫáinig fear an tí ċun an ċapaill a ġaḃáil, go mbeimis ag dul aḃaile, d'ḟiafraiġ sé cad a ḃí orm. Nuair d'inseas dó cad a ḃí tiṫiṫe amaċ ṫáinig caṫú mór air.

"Ní ḃeadsa led ċois in aon ċor aḃaile,'' arsa mise. "Raġaiḋ mé go Dúnċaoin, aċ bead ṫar n-ais amáraċ tar éis na soċraiḋe le cúnaṁ Dé.''

"Tá go maiṫ,'' ar seisean.

D'ḟágas ansan é, agus do ċuas mar a raiḃ Seán agus an ċuid eile. Ní ḟaca éinne acu le bliain go leiṫ roiṁe sin, is níor ṡuairc an tráṫ é ċun bualaḋ lena ċéile anois. Ní raiḃ aċ brón agus briseaḋ croí ar gaċ éinne againn. I dtaoḃ Ṗádraig de, do ḃí an fear boċt as a ṁeaḃair.

Ṫugamar an tráṫnóna go gnóṫaċ ag bailiú gaċ ní isteaċ don ċairt. San am go raiḃ gaċ ní socair suas againn, ní ḃfaġaḋ cuileog slí sa ċairt. Do ṡocraíomar Sean-Ṡéamaisín, aṫair na mná mairḃe, idir dá ḃosca ar ċuma éigin, mar níorḃ ḟéidir leis an duine boċt siúl. Ní raiḃ gluaisteáin ann san am úd, ná aon teaċt ṫarstu. Dá ḃrí sin, dob éigean domsa agus do Ṁáire agus do Ṗádraig siúl. Ḃí bóṫar mór fada roṁainn, agus an tráṫnóna déanaċ go maiṫ anois. Ċuiṁníos féin ar mo ṁáṫair ḃoiċt a ḃí ag baile, gurḃ ainnis a ḃí sí, mar d'imríoḋ an ḃuairt bolg-lár na tubaiste uirṫi. Do ḃí fios agam ná raiḃ aon leiġeas uirṫi aċ braon uiscebeaṫa.

Nuair a ḃí gaċ ní ullaṁ acu, do ṡuiġ Seán i dtosaċ na cairte, agus ṫiomáin sé leis an capall. Do ḃog triúr againne ina ndiaiḋ. Ḃí sé ag imeaċt go réiḋ socair, toisc go raiḃ ualaċ trom ar an gcapall. Ḃí an déanaí ag teaċt agus, fé mar adúrt ċeana, bóṫar fada roṁainn—dá ṁíle déag siar go Dúnċaoin. Is beag an beann a ḃeaḋ agamsa ná ag Máire air mar ḃíomar cruaiḋ láidir, aċ ḃí Pádraig boċt mar ḃeaḋ leaṫamadán ag an mbraon agus ag an mbuairt, is ba ḋeacair dúinn é do ṗriocaḋ linn, mar ḃíoḋ tamall ag gol agus tamall ag caint aige; is uaireanta eile do ċuireaḋ sé stailc suas ċun ná raġaḋ sé aḃaile; aċ do ḃíomar 'á ṁeallaḋ linn.

Ḃí an oíċe tiṫiṫe agus an doirċeaċt ann, agus ní ró-ṁaiṫ an bóṫar a ḃí roṁainn—bóṫar uaigneaċ aċrannaċ. Mara raiḃ raḋarc ar an gcapall againn, do ċloisimis glór na cairte, agus ṫugaḋ san misneaċ dúinn. Ḃíomar ag meallaḋ Pádraig linn riaṁ is ċoiċe nó gur ṫángamar go Leaċt an Ċlasaiġ. Ḃí an fear boċt traoċta, agus nár ṫiṫ sé ansan in aon ṁíg aṁáin! Ṫáinig daṫ an ṁairḃ air.

“Tá sé caillte!” arsa Máire. “Cad tá le déanaṁ anois againn?”

A Ḋia Ṁóir! sin é an uair a ḃí an cibeal againn, mar sin é an paiste is uaigní dá ḃfuil le fáil. Ḃí tamall maiṫ den oíċe caite. Cad a ḃí le déanaṁ? B'ṡin í an faḃḃ. Conas d'fágfaimis ansan é? agus ní lú ná ligfeaḋ uaigneas do ḋuine againn fanaċt ina ṫeannta an faid a ḃeaḋ an duine eile ag dul ag glaoċ ar ċabair. Ḃíomar i gcruaċás.

Is amlaiḋ a ḃí Páḋraig boċt tabarṫa amaċ ag an mbóṫar agus ag an mbuairt, is pé braon a ḃí ólta aige, nuair a fuair sé sin bás, ní ḟéadfaḋ sé seasaṁ a ṫuilleaḋ. Aċ ar m'anam gur ġairid go dtáinig sé ċuige féin, is go raiḃ sé ag siúl go héadrom lenár gcois.

Ḃí cuid de sna buaċaillí inár gcoinne ag an dTobar. Ag dul inár gcoinne a ḃíodar mar d'aiṫníodar go raiḃ rud éigin tiṫiṫe amaċ a ċuir an ṁoill orainn.

Nuair a ṫángamar go Baile an Ġleanna is cruaiḋ an croí a ḃeaḋ ag an té ná corróḋ gol Ṗáḋraig é an oiċe sin. Níorḃ aon ionaḋ é. Do ḃí a ḃean ḃreá óg sínte ar ċlár agus scuaine do ḋíleaċtaiṫe dealḃa ina timpeall, is ba ċruaiḋ an céim d'ḟear boċt é. Ní mór an ṁoill a ḋeineas-sa i dtiġ an tórraiṁ mar do ḃí cuiṁne mo ṁáṫar ag cur tinnis orm.

Ġlaos liom m'aṫair, mar ḃí sé déanaċ san oiċe. Nuair a ċuamar go Baile Ḃiocáire, ní ró-ṁaiṫ an cló a ḃí ar mo ṁáṫair ḃoiċt roṁam, aċ pé cuma go raiḃ sí do ċuir sí fáilte roṁam.

Ċoṁ luaṫ in Éirinn is ḃí an tsoċraid i leataoiḃ do ḃogas liom an bóṫar soir, is níor stadas nó gur ḃaineas tiġ mo ṁáistir amaċ. Ċuir bean an tí fáilte roṁam mar ní raiḃ aon tsúil aici go dtiocfainn ċoṁ luaṫ san. Do ḃailiġ na coṁarsain isteaċ agus ḋeineadar coṁḃrón liom mar ġeall ar ḃás bean mo ḋearṫár; aċ fé mar adeir an seanfocal 'Níl leiġeas ar an gcaṫú aċ é ṁarú le foiġne.'

Coicíos roiṁ Nollaig fuaireas litir óm ṡean-ċara, Cáit Jim, 'á rá liom ḃeiṫ am ullaṁú

féin; go raibh ceapaithe aici an costas a chur chugam i gcomhair Lae 'le Pádraig. Ara, a dhuine na n-árann, nach ar mo chroí a bhí an gliondar! Bheinn saor ó dhaorsmacht anois; ní bheadh aon bheann agam ar éinne!

D'fhiafraigh bean an tí díom cé uaidh an litir. Dúrt léi gur ó chara dílis dom a fuaireas í, go raibh sí chun an costas a chur chugam, agus "Bead ag dul abhaile tar éis na Nollag," arsa mise.

'Om baisce gur tháinig púic uirthi, ach ba chuma liomsa san.

XIV.—Cleaṁnas is pósaḋ.

Litir Ċáit Jim. Mar a deineaḋ cleaṁnas dom. Bainis is tórraṁ in éineaċt. Mo ċéad turas farraige. An tOileán is an tarna bainis.

CHOṀ luaṫ is ḃí an Nollaig imiṫe do ḃailíos ċugam mo ċip is mo ṁeanaiṫí is d'ḟágas slán acu, is, ċun na fírinne d'insint, ní mór an caṫú a ḃí orm mar, creid mé leis, ná raiḃ puinn den arán saor agam an faid a ḃíos sa tiġ úd.

Sea, ḃíos ag baile arís, agus mo ċroí ar sciopaiġ ag feiṫeaṁ le litir eile ó Ċáit. Aċ mo ċreaċ is mo ċás! Nuair a fuaireas í do ḃain sí geit asam, mar dúirt sí liom sa litir sin nárḃ ḟéidir léi an costas a ċur ċugam i láṫair na huaire sin, mar go raiḃ a láṁ gortaiṫe is nárḃ ḟéidir léi aon obair a ḋéanaṁ, is dá ḃrí sin ná raiḃ aon leiġeas aici orm.

Ṫit an lug ar an lag agam, aċ ní raiḃ le déanaṁ agam aċ an ceann ab fearr den scéal a ġlacaḋ. Níor ṫugas fios ná eolas d'éinne. Níor ligeas orm ná gurḃ é an scéal ab fearr ar doṁan é.

Lá Saṫairn i dtosaċ na hInide ḃí Seán sa Daingean, is tar éis teaċt aḃaile, dúirt sé liom go raiḃ scéal nua aige.

“Cad é an scéal é?” arsa mise.

"Scéala cleaṁnais, a ċailín!" ar seisean.

"A Ḋia na bḟeart! cé hé an fear?" arsa mise.

"Fear ón Oileán," ar seisean. "Buaċaill mín macánta, agus fear maiṫ, leis. Tá súil agam go ndéanfaiḋ tú rud orm. Beiḋ siad ag teaċt ċugainn oíċe éigin."

Is aṁlaiḋ mar ḃí an scéal agamsa maidir lem ḋearṫáir, Seán, san am san, dá ndéarfaḋ sé liom dul ag taoscaḋ na farraige do ḋéanfainn rud air. Ní raiḃ duine eile ar an saol so san am san ba ṁeasa liomsa ná Seán.

Trí oíċe ina ḋiaiḋ sin do ḃuail triúr fear an doras isteaċ. Do ḟáiltíoḋ rompu gan daḃt. Ní raiḃ aon ḟios ag m'aṫair iad a ḃeiṫ ag teaċt aċ do ḃí ḟios aige go maiṫ cad a ṫug iad ansan. I gceann tamaillín do ṫarraing duine acu píobaire buidéil as a ṗóca. Do lean píobaire agus píobaire eile é sa tslí go raiḃ a ndóṫain go maiṫ ólta acu, agus gan aon ċeal cainte orainn. Ní raiḃ focal asam féin aċ mé ag gliúcaíoċt fém ḟabraí ar na fir óga. Ḃí sé ag teip orm a ḋéanaṁ amaċ cé acu den dtriúr a ḃí am lorg féin, mar ní raiḃ aiṫne agam ar éinne acu. Níorḃ ḟéidir liom roġa ná díoġ a ḃaint astu. Ḃí gaċ éinne acu ró-ṁaiṫ d'ḟear domsa dá mbeinn seaċt n-uaire níos fearr ná mar ḃíos.

Níor ṁór an ṁoill an cleaṁnas úd a ḋéanaṁ, fóraoir! Ní raiḃ éinní ann aċ 'Téanam' agus 'Táim sásta.' Ṫáinig m'aṫair ċugam anall.

"Tóġ suas do ċeann!" ar seisean. "An raġaiḋ tú don Oileán?"

Ḋeineas maċnaṁ, mar do ḃí mo roġa de dá ċrann ar mo ḃois agam, is é sin pósaḋ nó dul in aimsir arís. Do ḃíos corṫa go maiṫ ag an aimsir ċéanna, is do smaoiníos go mb'ḟearr dom fear cúil agus garda cosanta, agus tiġ, a ḃeiṫ agam féin go mbeaḋ neart agam suí i ḃfeiġil mo ṡuaiṁnis nuair a ḃeinn corṫa.

Laḃair m'aṫair arís.

"Cad tá le rá agat?" ar seisean.

"Níl aiṫne ná eolas agam ar ṁuintir an Oileáin," arsa mise, "aċ tá aiṫne agus eolas maiṫ agatsa orṫu, agus an rud is maiṫ leatsa is é is maiṫ liomsa. Raġad pé áit a déarfaiḋ tú liom."

"Dia leat!" ar seisean.

Ḃí an margaḋ déanta is ḃíos-sa agus Pádraig Ó Guiṫín le pósaḋ i gceann cúpla lá. Dé Saṫairn an lá spiocálta. Ní raiḃ gluaisteáin ná cóistí san am san ann marab ionann is anois. Nuair a ḃíomar ullaṁ an ṁaidin san do ġaiḃ Seán an capall is do ċuaiġ scata againn isteaċ sa ċairt. Nuair a ṡroiċeamar an Ḃuailtín, ḃí dat duḃ ar an áit le daoine. Ḃí seaċt bpósaḋ ann an lá san, is ba ṁór an t-uafás an méid daoine a ḃí ann.

Nuair a ḟágamar an Séipéal ḃí ciarláil agus dul-trí-céile ann, ceol agus rince ag na daoine óga, aṁráin agus ól ag na daoine aosta. Ḃí tamall maiṫ den lá caiṫe acu ar an gcuma san. Ḃí sé in am ag gaċ éinne ḃeiṫ ag baint an tí amaċ nuair a ṫáinig Seán ag glaoċ orm féin. D'imíos féin is a ṫuilleaḋ cailíní lena ċois abaile. B'é nós na haimsire sin, gaċ duine a ḃeaḋ ar an bpósaḋ do ṫeaċt

go dtí tiġ na bainise. Do ḃíoḋ fear ag teaċt ó am go ham go dtí go mbímis go léir ḃailiṫe ar ócáid ṗósta. Ansan do ṫosnaíoḋ an rí-rá.

Aċ nuair a ṫángamar-na abaile, ní raiḃ aon scéal fónta roṁainn, mar do ḃí coránaċ iníne lem ḋearṫáir, Seán, le béal an ḃáis. Ní raiḃ aon ċoinne againn leis an scéal san, mar is aṁlaiḋ a ṫáinig taom obann uirṫi, agus fuair sí bás an oíċe ċéanna.

Fé mar a ḃíoḋ fear ag teaċt do ṡuíoḋ sé go ciúin gan gíog as. Is mór go léir an ḃáiḋiúlaċt a ḃí ag mo ḋearṫáirse le muintir an Oileáin riaṁ ina ḋiaiḋ sin—a ḟeabas mar a ḋeineadar ċoṁḃrón leis an oíċe úḋ. Do ḃí bainis agus tórraṁ in éineaċt againn. Sin é mar d'imiġ ar mo ḃainis ḃoċtsa!

Dé Máirt a ḃí ċugainn is ea ḃeartaíodar ar dul abaile. Do ġaiḃ Seán an capall, is do buaileaḋ isteaċ inti dá ḃaraille de lionn duḃ is crúsca uiscebeaṫa is a ṫuilleaḋ gréiṫre d'ḟan gan ċaiṫeaṁ toisc ḃás an linḃ. Ansan bogamar linn síos ċun Barra na hAille. Ḃí mo ḋeirfiúr Máire lem ċois, agus Cáit, bean mo ḋearṫár.

Nuair a ṡroiċeamar an calaḋ, buaileaḋ ar snáṁ ċeiṫre naoṁóga. Cuireaḋ na barailli agus na gréiṫre eile i gceann acu. Ḃí ceaṫrar fear ins gaċ naoṁóig. Do ṡuíos féin isteaċ i nḋeireaḋ na naoṁóige go raiḃ m'ḟearċéile inti. B'é sin an ċéad uair riaṁ ar an ḃfarraige agamsa. Is mé a ḃí go scanraiṫe.

Ḃí an tráṫnóna go hálainn is an ḟarraige go ciúin, is iad ag bosaíl leo isteaċ nó gur

ṡroiċeamar calaḋ an Oileáin. Do ḃí oiread ionaḋ ormsa an tráṫnóna úd, is dá mba ag dul go caṫair Londain isteaċ a ḃeinn.

Nuair a ḋruideamar isteaċ, ḃí daṫ duḃ ar an áit ag daoine, beag agus mór, ag fáiltiú roṁainn. Ḋeineas mo ṡlí tríotu ċoṁ maiṫ is dob ḟéidir liom.

Ḃíos ag cuiṁneaṁ conas a ċuirfinn suas lena leiṫéid de ḃaile, gan gaol gan cairde in aice liom. Ní raiḃ aiṫne agam ar éinne acu a ḃí ag croṫaḋ láṁ liom. "N'ḟeadar," adeirim liom féin, "an dtiocfaiḋ an lá go deo go ligfeaḋ mo ċroí leo, nó an ndéanfaiḋ mé ċoṁ dána 'na measc is ḋéanfainn imeasc muintir Ḃaile Ḃiocáire? Ó, ní ḃeiḋ siad go deo, dar liom, ċoṁ deas le muintir Ḃaile Ḃiocáire! Mo ṡlán beo ċugat, a Ċáit Jim! Naċ leat a ḃí an t-áḋ! Ḃeiḋ lán do ċos den talaṁ míntíreaċ agat, pé scéal é. Ní mar sin domsa! Is uaigneaċ atáim anso ar oileán mara, gan le clos feasta agam aċ glór na dtonn 'á raiḋeaḋ féin ar ġaineaṁ na trá! Aċ tá aon tsólás aṁáin agam—fear breá daṫúil, agus fé mar a ṫuigim ón gcogar mogar so ar siúl, ní mise an ċéad ḃean a ḃí ag caiṫeaṁ na spor air. Aċ is agamsa atá sé anois, agus nára maiṫ acu san déanaṁ 'á ċeal! Tá cairde mo ḋóṫain ar an Oileán so agam an ḟaid a ḟágfaiḋ Dia agam é. Naċ breá pearsanta an ċuma atá air! agus an t-eolas atá aige ar ġnóṫaí farraige! Ba ḋóiġ liom ná beaḋ aon baol báite go deo orm an ḟaid a ḃeaḋ sé in aon ḃád liom."

D'ḟanas ansan nó gur ṫáinig sé ċugam, is ḃuaileamar suas ċun an tí le cois a ċéile, agus scata de ṗáistí an ḃaile 'nár ndiaiḋ. Ag tnúṫán le milseáin a ḃíodar, na rudaí boċta. Ḃí scaiṁ ortu ċucu!

Ḃí seandaoine an ḃaile istiġ róṁam, agus is orm a ḃí an ċeist agus an ceannfé toisc gan aiṫne a ḃeiṫ agam ar éinne acu. Aċ ní fada gur ċrotas suas mé féin. Do laḃair Sean-Ṁicí Ó Guitín, aṫair mo ċéile, liom. Lúbaire righin láidir ab ea é, aċ ḃí an t-aos 'á leagaḋ síos. 'Flint' an leasainm a ḃí air.

"Céad míle fáilte róṁat, a Ṗeigí!" ar seisean.

"Go maire tú slán beo!" arsa mise, agus mo ċeann cromta agam le sórt támáilteaċt.

"Ḃain díot do ḃrat, agus croċ anuas é, a ḋalta," arsa Máire Ní Ṡúilleaḃáin, máṫair mo ċéile, a ḃí ina céad cuid timpeall orm. "Ná bac leis! Déanfad féin é. Taoi corta."

Ḃaineas díom mo ḃrat agus do ċroċ sí anuas é ar ċipín a ḃí sáite isteaċ sa ḃfalla.

"Is maiṫ an ṁáṫairċéile tú agus is tláiṫ," arsa mise im aigne féin, "agus is maiṫ an rud gur ġlacas le dea-ċomairle mo ḋearṫár, Seán."

Ḃí fios agam go maiṫ naċ spriosán ab fonn lem ḋearṫáir a ċeangal liom agus, dá ḃrí sin, níor ċuireas ina ċoinne an oíċe úd a ḃí an cleamnas 'á ḋéanaṁ.

Ḃí Peats Flint anois ceangailte ón Eaglais liom. Ba lena ċéile anois sinn, agus gaċ ní a ḃí inár seilḃ. Ġeallamar gur mar sin a ḃead. Is mó duine a ġeallann, agus go mbíonn

aiṫreaċas ina ḋiaiḋ sin air, aċ ní raiḃ san ormsa, nuair a ċonac an ṁuintir ḋeas ċéile a ḃí roṁam. Is deas gleoite a ḃí an tiġ feistiṫe acu, na fallaí bán le haol, agus troscán nua ann, agus gaineaṁ ġeal ar an dtinteán. Ḃí lampa deas croċta ar ṫaoḃ an ḟalla agus an driosúr lán d'áraistí deasa. Ḃí cat mór glas insa ċúinne go raiḃ gléas ina ċraiceann, agus maidrín. Ṫáinig an maidrín ag déanaṁ muintearais liom, agus do luiġ sé in aice liom. Ḃí m'ḟearċéile Peatsaí go gnóṫaċ ar fuaid an tí ag cur rudaí i gcoṁair, é féin agus a ḋearṫáir, Míċeál. Ḃí muintir an ḃaile le teaċt ċoṁ luaṫ in Éirinn is do lasfaí na soilse, mar ní raiḃ deireaḋ leis an mbainis fós.

Ní raiḃ an té olta againn nuair a ḃailiġ scata seanḃan isteaċ—Cáit Ní Ḃriain bean an ḟíodóra, agus Mailín agus Máire Ní Ċearna agus Neil Ní Ċaṫáin agus Cáit Ṁór. Ba ṁaiṫ an sás grinn Cáit Ní Ḃriain úd, go ndéine Dia trócaire ar a hanam! Tá sí ar Ṡlua na Fírinne, agus iad go léir, gura maiṫ an ṁaise ḋóiḃ é.

Nuair a ḃí an té ólta againne d'éiriġ Peatsaí Flint, agus ṫug leis buidéal uiscebeaṫa, ḃain an corc as, agus ṫug gloine ṁaiṫ do gaċ éinne acu. Deirimse leat, a léiṫeoir, go raiḃ beannaċtaí dá ċur linn.

Tamall ina ḋiaiḋ sin d'imiġ Peatsaí agus beirt eile ón mbaile síos go dtí an calaḋ agus dá ċrann naoṁóige acu ċun na mbaraillí pórtair a ḃí ṫíos do ṫabairt go dtí an tiġ. Ḃí an dá ḃaraille ann, agus níor ṁór ceaṫrar fear ċun iad do ḃreiṫ eatarṫu go dtí an tiġ.

Deirimse leat naċ aon ċeal caḃraċ a ḃí air! Ḃíoḋar ag baint na sál dá ċéile—fear ag teaċt agus téaḋ cnáibe aige, beirt eile agus dá ċrann naomóige ar a ngualainn acu—a leitéid de rí-rá níor ċuala riaṁ! Ar an neomat, ḃí sórt barra láiṁe déanta acu de sna crainn agus den dtéid.

"Déanfaiḋ sé an ḃeart anois, a Ṗeatsaí," arsa Peats Tom Ó Cearna.

"An dóiġ leat an ndéanfaiḋ, a Ṗeats?" arsa Peatsaí. "An ḃfuil gaċ snaiḋm ar ċoṁṫarraċ?"

"Táiḋ. Ná bíoḋ eagla ort; níl aon ḃaoġal go sraoillfiḋ aon tsnaiḋm."

"Sin mar naċ mór dóiḃ a ḃeiṫ, a Ṗeats," arsa Peatsaí, "mar tá baraille pórtair an-trom, tá ḟios agat."

Nuair a ṫáinig Peatsaí agus an ċuid eile isteaċ, agus na baraillí acu, do ṫosnaiġ na daoine ag teaċt. Ċeapas féin ná raiḃ an oiread daoine ar an Oileán. Ḃí an tiġ beag lán. Ní raiḃ aċ píosa ceaṫair-ċúinneaċ a ḃí i lár an tí nár ṁaiṫ le héinne dul isteaċ ann; aċ ar an dtaoḃ amuiġ de san ḃíoḋar ag brú a ċéile agus ag scrogail de ḋroim a ċéile in airde.

Ba ḃreá taitneaṁaċ deas na cailíní agus na buaċaillí a ḃí ann. Naċ é mo ċroí a ḃí go haeraċ an oíċe úd ag féaċaint ortu ag baint smúit as an dtalaṁ ag géilleaḋ do ċeol ḃog ṡuairc an ḃeiḋlín; fear anso agus fear eile ansúd agus a ḋuain féin ar siúl aige; gaċ éinne go meiḋreaċ, suairc agus an oíċe ag sleaṁnú léi. Mara raiḃ bainis amuiġ ar an

dtír againn do bhí bainis istigh againn san Oileán.

Nuair a chuaigh an braon féin bhfiacail ag Micil, uncal dom fear, Pádraig, níor chuaigh craobh ar a ghuth óna deich a chlog go dtí a sé ar maidin. Amhránaí an-dheas ab ea Micil agus fear croí móir ar muir agus ar tír. Níorbh fhada leat lá fada Samhraidh a bheifeá ina chuideachtain.

Bhí damhas agus rince agus ceol ag na daoine óga nó go raibh sé in am dul abhaile.

XV.—Saol Nua Eile.

Malairt saoil agam. Mná coṁarsan im ṫimpeall. Fear an Oileáin ag an muileann. Cara nua faċta agam. Ar Ċnoc an Oileáin. Foġlaim gnó tí.

Lá arna ṁáraċ d'fág mo ḋeirfiúr Máire slán agus beannaċt agam, agus d'imiġ sí féin agus an ċuid eile abaile. Ḃí sórt uaignis orm ina ndiaiḋ, aċ ní fada a ḃí, mar ní raiḃ aon ċeal cuideaċtan orm. Ḃíonn cuideaċta san Oileán i gcónaí.

Fé ḋeireaḋ ḃí mo ṫiġ féin agam, is ḃí neart agam suí agus éirí nuair ba ṁaiṫ liom é. Ní raiḃ focal searḃ le fáil agam ó éinne. Do ḃí buaċaill ciúin ciallmar ċun féaċaint im ḋiaiḋ, ná leoṁfaḋ d'éinne sméiḋe orm, maraḃ ionann is an t-am a ḃíos fé ḃois ċait ag daoine iasaċta.

Malairt saoil a ḃí anois agam, agus fé mar adúrt ċeana, ḃí mo ṫiġ féin agam, agus mo ċúram féin le déanaṁ. Gan aṁras ḃí laeṫeanta m'óige imiṫe gan filleaḋ go deo, agus ḃí orm an ċuid eile dem ṡaol a ċaiṫeaṁ le só agus le hanró fé mar ṫiocfaḋ trasna orm.

Agus mo léan géar! is é an saol buarṫa cráite a ḃí i ndán domsa fé mar a ċuirfeaḋ síos ina ḋiaiḋ seo é. Aċ ní raiḃ cíos, cás

ná caṫú orm fós. Ní raiḃ éinní ag dó na geirbe agam san am úd aċ cuideaċta agus spórt, is ḃí go leor de san agam, mar níl dabṫ ná go raiḃ cuideaċta ṡuairc san Oileán an uair sin; gasra de ḃuaċaillí ceolṁara agus de ċailíní múinte béasaċa. Is mar sin a ḃíodar, agus táid aṁlaiḋ fós, cé gur dóiġ lena lán gur daoine fiáine atá san Oileán—gur ceart dóiḃ aḋarca do ḃeiṫ orṫu.

Do ṫiṫ a leiṫéid sin amaċ ar ḟear ón Oileán aon uair aṁáin blianta ó ṡin. Ċuaiġ sé ṫar Daingean soir go dtí Muileann an Tuairgín is dá ṁála olla aige ċun í ċárdáil. Do ḃí scata ban sa ṁuileann roiṁe. Do laḃair fear an ṁuilinn leo agus dúirt go gcaiṫfidís tosaċ a ṫaḃairt d'ḟear an Oileáin, toisc é ḃeiṫ tagṫa ċoṁ fada san ó ḃaile. Ara, a ḋuine na n-árann, nuair ċualadar gurḃ ón Oileán Mór é ba ḋóiġ leat go n-iosfaidís lena súile é, ḃíodar ag gliúcaíoċt ċoṁ géar san air! Aċ ṫug fear an ṁuilinn fé ndeara iad.

“Ḃur n-anam ón riaċ,” ar seisean, “cén ḟéaċaint atá agaiḃ ar an ḃfear macánta san? Ná feiceann siḃ go ḃfuil sé ċoṁ mín, ċoṁ cneasta, ċoṁ dealraiṫeaċ le haon ḟear eile? Agus an aṁlaiḋ a ṁeasann siḃ dó aḋarca ḃeiṫ air?”

Do ċúbadar ċuca is dá mbeaḋ sé cinn d'aḋarca air níor ḟéaċadar a ṫuilleaḋ air. Ḃí an fear céanna ar an ḃfear ba ḃreáṫa agus ba ḋeise dá raiḃ san Oileán, beannaċt Dé lena anam!

Daoine míne, macánta, flaiṫiúla, fáilteaċa, atá san Oileán, is tá caradas agus muintearas

ag an stróinséir le fáil ann maran ciontaċ é féin leis.

Cúpla maidin tar éis mise a ṗósaḋ ḃíos amuiġ sa tobairín a ḃí le hais an tí ag triall ar buicéad uisce. Cé ġaiḃ ċugam i leiṫ trasna Bóṫairín na Marḃ ná Cáit Ní Ḃriain.

“Móra ḋuit ar maidin, a Ṗeigí!” ar sise. “Naċ moċ ataoi i ḃfeiġil do ċuid oibre!”

“Ṁuise, ní gnáṫaċ liom codlaḋ go headarṫa, a Ċáit,” arsa mise. “Sarar ṫánga anso riaṁ ní mór an t-arán saor a fuaireas!”

“Tá ḟios agam, a ḋalta,” ar sise. “Sin é mar ḃíonn an scéal ag gaċ éinne a ḃíonn ag caiṫeaṁ a ṡaoil fé láiṁ ḋaoine eile.”

“An riaċ mé, a Ċáit,” arsa mise, “gurḃ é atáim a ċuiṁneaṁ gur fada ó ḃaile seoltar na daoine. Cúpla lá ó ṡin fuaireas litir óm ċara Cáit Jim ó Ameiricá. Níor ṫaitn an scéal a ḃí sa litir liom. Dúirt sí nárḃ ḟéidir léi an costas a ċur ċugam. Ansan ṫit an lug ar an lag agam.”

“Dealraíonn an scéal, a Ṗeigí,” arsa Cáit, “go raiḃ beartaiṫe agat ar scaoileaḋ fé sall?”

“’Om basa, a Ċáit Ní Ḃriain, go raiḃ,” arsa mise, “aċ b’éigean dom stad. Ansan is aṁlaiḋ a ḃeartaíos ar ḋul in aimsir arís, agus ċuaiġ san, leis, sa ḃfraoċ orm.”

“Ná bac san, a Ṗeigí! Is aṁlaiḋ a ḃí pósaḋ i ndán duit!”

“N’ḟeadar ’on doṁan, a Ċáit Ní Ḃriain. Dar liom is teantaiṫe an áit é seo; is tá an ḟarraige sin amuiġ ag cur eagla orm. Is amuiġ ar an ḃfarraige sin, a Ċáit, a ċaiṫfiḋ m’ḟearċéile leat a ṡaoil feasta!”

"Is mar sin atá anso, a ḋalta! Ac caiṫfir cur suas leis sin. Aċ ní ḃeiḋ mórán le ḋéanaṁ agat féin maran maiṫ leat féin é. Tá máṫair céile ṁaiṫ agat agus triúr cailíní ḋeasa ḋe ḋeirféaraċa ċéile i leiṫ an tí leat. Agus is an-ḟurast ḋuitse ḋeirfiúr d'ḟáil ar an Oileán so; ḋeirim leat gur furast. Tá Nell Ní Ċatáin anso ṫiar—níl aċ cúpla mí ó ṗós sí."

"Aċ, a Ċáit, tá taiṫí ag Nell Ní Ċatáin ar an Oileán, agus tá a máṫair agus a haṫair ann in aice léi, má ḃíonn gá aici leo. Dá mbeaḋ m'aṫair agus mo ṁáṫairse, leis, anso, ní ḃeaḋ leaṫeagla orm, aċ tá siad faiḋ mo ġlao uaim."

"Tá an ceart sa méid sin agat, a Ṗeigí. Ḃeaḋ níos mó dánaíoċta agat; aċ ná bac san. Má ḃíonn éinní sa treis cá mbeiḋ a ḃac ort dul amaċ go Dúnċaoin go tiġ do ṁuintire, agus fanúint ann go mbeiḋ gaċ ní go maiṫ.

"Aċ i dtaoḃ na farraige, ná bíoḋ aon tinneas ort. Tá Peatsaí, t'ḟearċéile-se, an-ċliste, agus níl aon teaċt anuas ar an eolas atá aige uirṫi. Is é ċloisimse ag muintir mo ṫí dá rá ná rug a ṁáistir ar dá ṁaide naoṁóige riaṁ, aċ Seán Eoin aṁáin, agus Peats Ṁicí. Nár ċualais riaṁ an dán molta a ḋein Seán Ó Duinnṡléiḃe dóiḃ nuair a ṫugadar an ċraoḃ leo lá ráis na naoṁóg i ḃFionntrá? Ḃí Míċeál Óg Ó Catáin mar ċeaṫrú fear sa naoṁóig an lá úd, go ndeine Dia trócaire ar a anam!

"Deirimse leatsa, a Ṗeigí, agus creid uaim é, leis, gur mó duine is measa a ṫáinig ċun baile ná tusa! Croiṫ suas tú féin, agus téanam isteaċ! Tá sé bioranta, fuar anso amuiġ fén spéir. Is aṁlaiḋ a ṫánga-sa i leiṫ

'á rá le Máire Ní Ṡúilleaḃáin go raiḃ an píosa plainín críoċnaiṫe ag Eoġan. Sean-ṗáirtí liomsa is ea Máire, agus deineann sé an-ġiorrú ar an lá dom tamall a ṫaḃairt ina teannta. Deir Eoġan so againne gur measa leis Máire ná éinne dá ḋeirféaraċa féin. Fear grinn agus suilt is ea Eoġan agus dá mbeifeá ag éisteaċt leis féin agus le Máire Ní Ṡúilleaḃáin ag cur síos ar an saol uair aṁáin, do raġfá in aon áit ag éisteaċt leo."

"Beadsa ag dul ar cuaird ċugat feasta, a Ċáit!" arsa mise.

"Tá fáilte roṁat, a ṫaisce, agus is breá le hEoġan féin tú ḃeiṫ ag teaċt. Líon an buicéad san feasta agus téanam liom isteaċ."

Ḃí máṫair mo ċéile suite sa ċúinne agus a tuirne olla ar siúl aici.

"Suiġ anso," ar sise liom féin, "agus cardáil dorn roiṫléiṫi dom."

"Tá sé ċom maiṫ aici," arsa Cáit, "agus taiṫí d'ḟáil ar an obair, mar ní i gcónaí a ḃeiḋ tusa aici."

"Ní hea, a 'níon ó," arsa Máire. "Ag druidim leis an uaiġ atáimid gaċ lá."

"Do ċuala," arsa Cáit, "go raiḃ Sioḃán ag faire ar a cleiṫí a ṫógaint agus imeaċt léi go hAmeiricá."

"Tá; agus beiḋ a deirfiúr Cáit lena cois. B'ḟearr leo de roġa é ná luí síos anso. Agus ar ṁ'anam, a Ċáit Ní Ḃriain, ós 'á insint do ḋuine ṁuintearṫa é, ní ṁairfeaḋ ina ndiaiḋ le huaigneas. Ḃí mo ċroí casta istiġ iontu."

“Ṁuise, a ḃean ḃoċt, ní haon ionaḋ é sin. Nuair d'imiġ Peig seo againne d'óbair gur i nGleann na nGealt a ġeofaí mise. Aċ féaċ gur ċuas ċun suaiṁnis!”

“Ṁuise, a Ċáit, ba ḋeacair é!”

“Ba ḋeacair, a ḋalta! Cá ḃfuil greim is cruaḋa ná é aċ an bás, ag féaċaint ar do leanḃ tar éis do ṡaoil 'á sciobaḋ amaċ as do ḋá láiṁ 'Om briaṫar, a Ṁáire, gur ṫugas-sa cúig lá ḋéag ag gol agus ag leaġaḋ nuair d'imiġ Peig; aċ as san amaċ ní raḃas ċoṁ holc i nḋiaiḋ éinne eile ḋen gclainn.”

“An ḋóiġ liḃ go ḃfuil ag éirí go maiṫ liom?” arsa mise, ag cur isteaċ orṫu, mar ní raiḃ aon taiṫí agam ar a leiṫéid d'obair.

“Ar ṁ'anam go ḃfuil!” arsa Cáit. “Is dóiġ liom naċ mór an múineaḋ is gá duit.”

Ċorraiġ Cáit í féin.

“An ag imeaċt ataoi, a Ċáit?” arsa Máire.

“Sea, ṁuise a ḋalta. Is amlaiḋ a ḃuaileas i leiṫ anso ċun a rá leat go raiḃ an píosa plainín críoċnaiṫe ag an ḃfíoḋóir.”

“Tá go maiṫ, a Ċáit. Raġad soir le titim na hoiċe.”

“Ná ḋearmad gan Peig a ḃeiṫ leḋ ċois.”

“Níl a ḃac uirṫi, más maiṫ léi féin é.”

Nuair a ḃí sí imiṫe, ḋúrt féin le Máire gur ṁaiṫ liom ḋul ann mar gurḃ í Cáit Ní Ḃriain an ċéaḋ ḃean ar an Oileán gur ligeas mo ċroí léi.

“Tá Cáit ḃoċt go maiṫ. Agus tá maiṫ eile uirṫi. Níl sí béalscaoilteaċ mar a lán eile acu. Níor ċás duit rún do ċroċta a ṫabairt di.”

Nuair a ṫit an oíċe, ċuamar soir trasna an Ċairéil mar a bḟaca Micí Ḋiarmada an sprid, agus síos Ḃóṫairín na Marḃ. Ansan ċasamar suas ar ṫaoḃ na láiṁe deise, ansan síos arís cúinne an Ġoirt Ḃáin nó gur ċuamar go tiġ Eoġain Uí Ċonċuḃair, an fíodóir.

Nuair a ċonaic Eoġan mé féin d'éiriġ sé ina ṡeasaṁ ón gcaṫaoir agus rug ar láiṁ orm.

“Céad míle fáilte anso roṁat,” ar seisean, “a 'níon na dea-ṁáṫar! agus an aṫar, leis. Is minic d'ólamar deoċ i bḟoċair a ċéile sa Daingean, agus b'é sin an fear mín macánta agus an seanċaí sár-ċliste!”

Ċuir sé a lán ceisteanna orm i dtaoḃ mo ṁuintire, agus ḋeineas mo ḋíċeall ċun iad a réiteaċ dó ċoṁ maiṫ is dob ḟéidir liom.

Nuair a ḃíomar ċun teaċt aḃaile, ní ṫógfaḋ Cáit Ní Ḃriain gob ná sciaṫán díom go n-ólfainn cupán té ina teannta. As san amaċ go dtí an lá a cailleaḋ í, ḃí sí ina cara ḋílis agam.

B'é an ċéad rud a ḋeineas ar maidin amáraċ ná dul ar an gcnoc. Ḃí an lá an-ḃreá, agus an riaċ mé ná gur ṫáinig an-ḟonn orm dul ar an gcnoc ag triall ar ualaċ móna. Ba ṁaiṫ liom cnoc an Oileáin d'ḟeiscint. Do ġaiḃ Ḟlint an t-asal dom, agus ḃuaileas suas, ag duanaireaċt dom féin. Mar b'áṁaraí ar doṁan, cé ḃeaḋ ag dul ar an gcnoc an lá céanna aċ Cáit Ní Ḃriain. Ḃí sí go curata láidir fós, agus 'om briaṫar féin go raiḃ sceitimíní ormsa í ḃeiṫ in éineaċt liom. D'ḟan sí liom ṫuas i mbarr an Ṫóċair, tamall suas

ó sna tiṫe. Ḃíomar ag siúl le cois a ċéile nó gur ċuamar go barr an ḃóṫair.

“Mo ġrá-sa Dia, a Ċáit!” arsa mise. Naċ ait an áit é! Conas ná téann na ba go léir le faill ann? An ḃfuil sé go léir ċoṁ hard san? Ar ṁ'anam aċ go ḃfuilim ag criṫ im ċraiceann le scanraḋ! Nuair a ḟéaċaim fém ḃun síos, tá an ḟarraige ġorm ag riṫ fúm isteaċ, agus nuair ḟéaċaim uaim suas, tá barr an ċnoic ag teaċt idir mé agus an spéir! An ḃfuil siar go Ceann Duḃ mar seo, a Ċáit?”

“Ṁuise, fágaim le huaċt ag Dia, a ḋalta, naċ mór ná go ḃfuil. Aċ nuair a raġam go Buailteán beiḋ sé níos fearr. Ċeapas féin an ruḋ san atá ráite agatsa anois an ċéad lá a ṫánga ar an gcnoc le cois sean-Neill Ní Ċonċuḃair. Aċ is aṁlaiḋ a ḃí sí ag gáirí fúm, agus is aṁlaiḋ a ḃeiḋ ionaḋ ortsa fós, a Ṗeig, má ḃíonn saol fada anso agat, an naṫ atá agat á ḋéanaṁ do gaċ ní ar an Oileán. 'Om basa go raḃas níos measa ná tú! Tar éis mo ċúig mblian do ḃeiṫ caite agam i mbaile ṁór Ṫráiġlí, is beag an leisce a ḃí orm Eoġan Ḃán do ṗósaḋ, agus teaċt don Oileán lena ċois. Dar ndóiġ, níor ḟág sé tart ná ocras orm ó ṡin, agus beiḋ an scéal céanna agatsa le cúnaṁ Dé. Tá fear maiṫ agat, agus ní gá ḋuit aon eagla ḃeiṫ ort go gcuirfiḋ sé as t'ainm tú.”

Ḋeineas smiota gáire, agus ḋúrt:

“Is mór an sásaṁ aigne liom go ḃfuil gaċ éinne 'á ṁolaḋ, pé scéal é.”

“Is fiú san é,” arsa Cáit. “Go ḃfága Dia agat é, agus a ċuiḋ féin ag gaċ éinne!”

Ṫángamar go dtí an portaċ fé ḋeireaḋ ṫiar ṫall—maológ ḋeas cnoic, a ḃí lán de ḟraoċ ḋeas mín. Ḃí raḋarc agam ón ṁaolóig seo ar Inis Ṁicileáin is ar Inis na Ḃró.

"Naċ deas iad na hoileáin úd!" arsa mise, agus mé ag smaoineaṁ san am ċéanna gur ḃreá liom dul siar iontu lá breá i naoṁóig.

"Tá an ḟéaċaint acu, pé scéal é!" arsa Cáit. "Éiriġ anois, agus cuir an t-ualaċ ar t'asal. Ní gá duit dul siar a ṫuilleaḋ. Déanfaiḋ ár gcruaċna an gnó inniu. Beiḋ lá eile ṫiar againn."

"An riaċ mé go ḃfuil ċoṁ maiṫ agam," arsa mise, "agus beam aḃaile arís le cois a ċéile."

Ansan d'éiríomar, agus is gairid an ṁoill a ḃí orainn na hualaí do líonaḋ.

Nuair a ṫánga aḃaile dúirt Micí liom an t-asal do scur.

"Sea," arsa Máire Ní Ṡúilleaḃáin liom nuair a ṫánga isteaċ, "conas a ṫaitn an cnoc leat?"

"Go maiṫ," arsa mise. "Tá sé go hálainn ar fad. Aċ neosaiḋ Cáit Ní Ḃriain duit an scéal go léir, nuair a ṫiocfaiḋ sí isteaċ tráṫnóna."

XVI.—Breiṫ mo ċéad linḃ.

Cuaird ar an sean-ḃaile. Imní mo ṁáṫar. Leanḃ mic agam. Cé leis is dealraċ é?

D'ḞÍOR do Ċáit Ní Ḃriain é, nuair adúirt sí ná beaḋ faic le ḋéanaṁ agam marar ṁaiṫ liom féin é. Ḃí bean ṁaiṫ i lic an tí liom, agus triúr de ċailíní deasa ná dúirt "Ċugat an púca!" riaṁ liom nó gur ḟágadar an tiġ, agus go deiṁin féin, is ormsa a ḃí an t-uaigneas ina ndiaiḋ, nuair a ṫógadar a seolta. Sioḃán agus Cáit d'imiġ ar dtúis. D'ḟan Peig sa ḃaile. Ṗós sí fear i bParóiste an Ḟirtéaraiġ de ṁuintir Ḋoṁnaill.

"Sea, ḃí an saol ag gluaiseaċt go mall riġin ar nós an ċloig, agus ḃí an t-am ag druidim liomsa. Ḃí an scamall duḃ ag teaċt orm arís. Cad a ḋéanfainn—an ḃfanfainn san Oileán go saolófaí an páiste nó an raġainn amaċ aḃaile go tiġ m'aṫar agus mo ṁáṫar, nó go mbeaḋ gaċ ní ar leataoiḃ? Do ċuireas i gcead máṫar mo ċéile é, agus toiliġ sí liom go tapaiḋ, agus dúirt gur ṁaiṫ an tseift í, agus "dá mba rud é," ar sise, "go mbeaḋ gá le sagart nó le doċtúir, ḃeaḋ an bóṫar tirim ann ċun dul 'á n-iarraiḋ, mar, ar m'anamsa, a lao ġil," ar sise, "ná fuil teann ar ár gcúla againn, agus rud eile, beiḋ

t'aigne níos sásta i dteannta do ṁáṫar féinig. Níl ort, a ḋalta, aċ an t-uaigneas a ḃí orainn go léir nuair a ḃíomar mar tú! Cuir ort do ḃalcaisí ar maidin, in ainm Dé, agus téiriġ amaċ aḃaile go dtí d' ṁáṫair. Ón uair gurb é is fearr leat, is maiṫ an rud é, a linḃ, agus b'ḟéidir gur ċun do leasa é. Ḃeimid ag tarraing linn mar is fearr a ḟéadfam nó go gcasfair arís, le cúnaṁ Dé. Sea! cuir t'aigne ċun suaiṁnis anois! Is maiṫ Dia ó inniu go dtí amáraċ!"

Ar maidin amáraċ do ġléas Pádraig, m'ḟearċéile, é féin, agus do ġlaoiġ sé ar ḃeirt eile de sna coṁarsain. Ní raiḃ aon ċnáṁ-leisce ag baint leo, na fir ḃoċta; níor ġá glaoċ arís orṫu, ṫángadar go fonnṁar.

Ḃuaileamar síos ċun an ċala. Nuair a ċuala Cáit Ní Ḃriain go raḃas féin ag dul amaċ, ṫáinig sí anuas go dtí imeall an uisce lem ċois.

" Go dtuga Dia slán ṫar an ḃfarraige siḃ! " ar sise, " agus go dtuga Dia scéal maiṫ ar ḟeaḃas ċugainn! "

" Amen! " arsa mise, ós íseal.

Scaoileaḋ an naoṁóg amaċ. Ḃí sruṫlam tarraic ar an gcala, dá ḃreáṫaċt a ḃí an lá, aċ mar sin féin, d'ḟanadar ag ainnliú nó go ḃfuaireadar uain ċiúin. Nuair a fuaireadar an lon, ḃogadar ċun siúil í is ḃí sé go hálainn.

Nuair a ḃíomar tamall amaċ, cad a ġeoḃaḋ an Gob anuas ná long ṁór. Ḃ'é sin an ċéad lá riaṁ a ḃíos-sa taoḃ le long ġaile. Do ġaiḃ sí i ngoireaċt scríobṫa ḋúinn—dá mbeaḋ aon aiṫne agam ar an ḃfoirinn a ḃí ar bord d'aiṫneoinn gaċ uile ḋuine riaṁ acu ḃí sí ċoṁ

comġarac san ḋúinn. D'imiġ sí ṫarainn, agus an sáile aici dá scoltaḋ ar gaċ taoḃ. Ḃí na cuiliṫíní beaga bána d'ḟan ina diaiḋ naċ mór ag teaċt isteaċ sa naoṁóig ċugainn. Ḃí éanlaiṫe mara go flúirseaċ ag eiteall timpeall orainn, mar ḃí beaṫa an doṁain ag gluaiseaċt ṫarainn ó ṫuaiḋ leis an dtaoide.

Sea! Ḃíos féin ag tabairt aġaiḋ ar mo ḃaile dúċais arís. Níor ṁar a ċéile an turas so agus aon turas dár ṫugas riaṁ roiṁe sin. Ní ḟeadar an raiḃ an clampar eatarṫu fós, nó an ḃfuair Cáit, bean mo ḋearṫár, an tslat agus an deiṁeas ar a láiṁ féin. Má fuair, is cinte go mbeaḋ aingeal na síoċána ina measc. Pé acu san é, caiṫfeam dul ann anois.

Nuair a ċuamar isteaċ go Faill Ṁór ḃí sí ċoṁ ciúin le loċ. Ansan ḃuaileamar soir fén bparóiste. Ṫáinig Pádraig lem ċois go Baile Ḃiocáire.

Ara, a ḋuine, níorḃ é an tiġ céanna in aon ċor é! Ċeapas go deo ná feicfinn Cáit ar an gcuma go raiḃ sí. Ḃí sí am stracaḋ as a ċéile le raċt ceana orm. Ar an spota ḃí fios agam cad a ṫarla.

“Buíoċas le Dia,” arsa mise im aigne féin, “tá an clampar críoċnaiṫe! Tá riṫ an ráis leis an mbean ḃuí. Fuair sí an ḃosaíoċt fé ḋeireaḋ. Ní ḃeiḋ giob geab orm anois, marab ionann is riaṁ.”

Is aṁlaiḋ a ṫáinig uaḃar goil ar mo ṁáṫair nuair a ċonaic sí mé. “Cad a ṫarla,” ar sise fé ḋeireaḋ, nuair d'imiġ an toċt di. Is ar éigean a ṫuigeas í, ḃí oiread san lagaċair ina glór.

"Níl faic, a ṁam," arsa mise. "Táimíd ar ár dtoil féin, buíoċas le Dia. Aċ is aṁlaiḋ a ḃeartaíos ar ṫeaċt anso mar tá an t-am buailte liom anois, agus dar liom, a ṁam, is tusa is fearr a ḃeaḋ dom ċúram."

"An mar sin é, a linḃ?" ar sise. "Do ċeapas ar dtúis gur rud éigin eile do ṡeol siḃ agus, toisc gan mé ḃeiṫ mar is maiṫ liom, do baineaḋ geit asam. Gan daḃt is anso againne is fearr a ḋéanfar treoir duit, ar ócáid na huaire seo."

Ḃí Cáit go gnóṫaċ i riṫ na haimsire ag déanaṁ an té ḋúinn. Nuair a ḃí sé ólta againn, dúirt Pádraig go raġaḋ sé aḃaile, má ba ṁaiṫ liomsa é.

"Tá sé ċoṁ maiṫ agat, a ḋalta," arsa mo ṁáṫair. "Cuirfear scéal ċugat, mar b'ḟéidir go dtaḃarfaḋ do ġeall cairde ḋuit. Ḃeiḋ bád isteaċ is amaċ gaċ aon lá feasta agus cuirfeam scéala ċugat. Ná bíoḋ aon tinneas ort ina taoḃ! Ḃeiḋ sí seo go maiṫ le cúnaṁ Dé."

Ansan d'imiġ sé féin agus mo ḋearṫáir, Seán, siar ċun Ḃarra na hAille.

Trí lá tar éis Pádraig dom ḟágaint is ea do saolaíoḋ leanḃ mic dom. Creid mise, a léiṫeoir, go raiḃ fáilte roiṁ an stróinséir beag san. Nuair a ṫug Nell Ṗeig, an ḃean ċaḃarṫa, ċugam an naíonán níorḃ ḟéidir cur síos ar an áṫas a ḃí orm! Ḃí féasta beag againn an oíċe sin, agus mise 'á rá leat gur maiṫ an sás cuideaċtan Nell Ṗeig.

Ar maidin amáraċ cé ḃuailfeaḋ an doras isteaċ aċ Pádraig, m'ḟearċéile, agus gan aon ċoinne ag éinne leis.

"Sea!" arsa mo ṁáṫair. "Tá sí féin go maiṫ, buíoċas le Dia. Tá leanḃ mic aici ó ḋeireaḋ na hoíċe aréir."

"Is breá an scéal é sin, buíoċas le Dia!" ar seisean. "Cá ḃfuil an páiste?"

Ansan ṫug Nell ċuige an páiste.

"Cé leis is dealraċ é?" ar sise.

Rug sé air go haiclí agus do ṗóg sé é.

"'Om baiste," ar seisean, "ní liomsa is dealraċ é, aċ is lena ḋearṫáir, Seán, is mó atá dealraṁ aige. Tá an tsrón ċéanna in airde air."

"'Om basa ṁuise, a Ṗeatsaí, ná loċtóḋ san é!"

"Ní 'á rá san atáim in aon ċor, a ḃean an ċroí istiġ. Raġaḋ sé le fear maiṫ nuair a raġaḋ sé le Seán."

Ḃí an lá san go suairc againn agus ar maidin lá arna ṁáraċ tugaḋ an leanḃ dá ḃaisteaḋ go dtí an Buailtín. An tAṫair Seán Ó Laoġaire a ḃí ina ṡagart paróiste an uair sin.

Do fiafraíoḋ díomsa ar maidin cad é an ainm dob ḟearr liom a ṫaḃairt ar an leanḃ, agus dúrtsa leo gurb é an ainm dob ḟearr liom féin do ṫaḃairt air ná Seán. Aċ dúirt Pádraig gurḃ ḟearr leis féin Muiris a ṫaḃairt air, toisc gur Muiris ab ainm dá ḋearṫáir a ḃí san Oileán Úr le blianta fada roiṁe sin.

"Ní ḃrisfead t'ḟocal," arsa mise. "Taḃair do roġa ainm air!"

Ḃí ard-oíċe againn nuair a ṫángadar ón mBuailtín. Ba ġeall le pósaḋ beag againn é.

Deirimse leat ná raiḃ aon tart ar ṡean-Nell Ṗeig. Bean ḃeag ḃrosanta ḃláṫṁar ab ea í. Ḃí sé ráite imeasc daoine gur ḃean leiġis í. Ní raiḃ teaġlaċ eile i bParóiste Ḋúnċaoin ċoṁ suairc linn an oíċe úd.

XVII.—Mo Ṡaol san Oileán.

An filleaḋ ar an Oileán. Fáilte na mBan roṁainn.

NUAIR a ḃí sé seaċtaine caite agam i mBaile Ḃiocáire, ba ṁiṫid, dar liom, teaċt aḃaile; aċ dob é an ceann ab ḟearr den scéal mé féin agus mo leanḃ do ḃeiṫ ag teaċt aḃaile fé ṁaise agus fé áṫas.

Dé Doṁnaiġ a ḃí beartaiṫe agam ċun teaċt aḃaile. Ṫáinig Pádraig agus a ḋearṫáir Míċeál, agus beirt eile i naoṁóig ón Oileán féin ḃráid. Nuair a ḃíomar ullaṁ ċun gluaiseaċt do laḃair mo ṁáṫair sa ċúinne.

“Taḃair dom i leiṫ an linbín,” ar sise, “go ḃfágfad an slán déanaċ aige!”

Ṫóg sí ċuici ina baclainn é, agus ṗóg sí go dil dúṫraċtaċ é.

“Go ndeine Dia fear mór maiṫ ḋíot a stóirín!” ar sise, “agus slán agus beannaċt leat go dtí an tOileán! Ní ḟeicfeadsa go deo arís tú!”

Ní ḟaca leis, mar ní fada ina ḋiaiḋ sin gur cailleaḋ í.

Ṡín sí ċugam an leanḃ, agus dúirt:

“Gura slán as gaċ láiṁ tú, agus as mo láiṁse, leis!” agus ansan ḃogamar linn.

Ḃí an tráṫnóna go hálainn is an ḟarraige go ciúin, is ní raḃamar i ḃfaḋ ag teaċt aḃaile. Ar m'ḟocal, a léiṫeoir, gurb in é an lá is meiḋrí agus is croíúla do ċaiṫeas-sa roiṁe sin riaṁ ná ó ṡin anuas.

Nuair a ṫángamar isteaċ ar an gcala, ḃí mo ṡean-ċara, Cáit Ní Ḃriain, agus Máire Ní Ċearna, agus sean-Ṁáire Ní Ṡúilleaḃáin féin roṁam ar an gcala Do sciob Máire Ní Ṡúilleaḃáin léi an leanḃ mar a sciobfaḋ iolar uan óg. Ḃí an ḃean ḃoċt aosta ag pocléimniġ den dtalaṁ.

“Mo ġrá deoil m'ainglín bán!” ar sise.

D'ḟan Cáit Ní Ḃriain liom féin, agus ṫáinig sí lem ċois go dtí an tiġ.

Ḃí a lán de sna sean-ṁná istiġ roṁam. Béas é sin a ḃíonn ag sean-ṁná, agus dá ḃrí sin ní raiḃ seanṁná an Oileáin saor ón sean-ḃéas céanna.

Ḃí gaċ éinne agus a ṁeas féin aige ar an leanḃ. Ḃíoḋ an loċt so nó an loċt úd air, dar le duine acu—an tsrón beagáinín ró-ṁór, na súile beag, na cluasa gan iad do ḃeiṫ cruṫanta a ndóṫain, agus mar sin de. Fé deireaḋ do laḃair Micí, an t-aṫair críonna, a ḃí ina ṡuí le hais na tine:

“Ṁuise, dallaḋ is caoċaḋ oraiḃ!” ar seisean, “mar an deacair d'éinne aon ṁáċail a ḃeiṫ air gan ḟios díḃ is mar an agaiḃ atá an ġliúcaíoċt ar an leanḃ! Naċ mó craiceann a ċuireann an Óige di?”

“Ṁuise, is fíor duit,” arsa Cáit Ní Ḃriain, 'á ḟreagairt, “aċ is dóiġ liom go ndeineann gaċ éinne naċ don ċéad duine, a Ṁicí.”

"Ar ṁ'anam-sa," arsa Micí, "gur mar a ċéile an ċéad duine agus an duine déanaċ, agus is minic gurb é 'scríobaḋ an ċrúiscín' an duine is measa leat."

"'Om briaṫar ṁuise," arsa Máire Ní Ċearna 'á corraí féin suas ar an stól, "gurb é an duine déanaċ ba ṁeasa ḋuit, mar gur minic a ṫóg bean ḃoċt ál maiṫ clainne, is gurḃ é an duine déanaċ is fearr d'ḟóirfeaḋ uirṫi."

"Is minic a ṫitfeaḋ rud den tsórt san amaċ," arsa Micí; "aċ caiṫimis uainn é mar scéal, agus deintear an té."

Ba ġearr ansan go raiḃ scaipeaḋ ag dul ar na seanṁná. Níor ḟan gan imeaċt aċ Cáit Ní Ḃriain.

"Ċuiris an ruaig orṫu, a Ṁicí," ar sise.

"Ná fuil 'ḟios agatsa, a Ċáit Ní Ḃriain," arsa Micí, "nárḃ ḟearrde Parrṫas Dé na mná san do ḃeiṫ ann. Ní ṫógfaḋ sé ló go n-oíċe uaṫu Neaṁ do ċur trí ċéile!"

"Fágaim le huaċt, a Ṁicí, go ḃfuil an ceart ar fad agat, agus is dóċa go ḃfuil sé ċoṁ maiṫ agamsa ḃeiṫ ag bogaḋ liom soir. An riaċ mé go dtaḃarfaiḋ Eoġan an teanga dom!" arsa Cáit.

"Ara, a ḃean, naċ ort atá an deaḃaḋ! Fan, agus ól cupán té inár dteannta."

"Ṁuise, a Ṁicí, is aṁlaiḋ atá mo scairteaċa dóite aige, aċ ón uair gur rud é atá ar siúl lem linn ólfad cupán as mo láiṁ de, agus píosa aráin ḃáin."

Um an dtaca so, a léiṫeoir, do ḃí an cú agus an cat agus an giorria ar aon urlár aṁáin agam. Ḃíoḋ orm aire taḃairt don

leanḃ anois agus arís, aċ is annaṁ é go deiṁin, mar do ḃí banaltra ṁaiṫ i mbun aire a ṫabairt dó, an ḟaid a ṁair a ṁáṫair ċríonna aige. Is minic nuair a ḃínn ag teaċt ón gcnoc le hualaċ móna go gcloisinn ṫuas i mbarr an Tóċair í ag duanaireaċt don leanḃ.

"Ṁuise," adeireaḋ sí.

"Is Muirisín tusa 'gus is Muirisín t'uncal,
'Gus is Muirisín tusa ar feaḋ seaċt
nglúine;
Síos ċun an dorais leat, agus suas ċun an
ċúinne,
Is greadaḋ ċun do ċos, mar an deacair
iad do ṁúineaḋ!"

San am san do ḃí flúirse de gaċ ní san Oileán. Ḃíoḋ a ndóṫain dá gcuid bíḋ féin acu, agus seilg cnoic agus farraige. Ní raiḃ aon tiġ gan bó, agus dá ḃó ag a lán acu. Ḃí na daoine óga ag pósaḋ agus ag socrú síos dóiḃ féin. San am san do ḃí ċeiṫre cliaḃáin déag ag luascaḋ leanḃ san Oileán, cé ná feadair na haosóga atá fé láṫair ann cad a ḃaineas le cliaḃán in aon ċor. Ba ġeall le féasta pósaḋ san Oileán an t-am san. Fé mar adéarfá, do ḃíoḋ 'bainis seaċt lá agus seaċt n-oiċe' acu mar b'ḟéidir, i gceann ċeiṫre lá tar éis an ṗósta, go gcasfaí seanduine anso agus seanduine ansúd ort ag seinnt "Doṁnall na Gréine," agus an inċinn ina leaṫċeann aige.

XVIII.—SÓLÁS AGUS DÓLÁS.

Na leanaí ag fás suas ċugam. Cailltear Sioḃán orm. Beagán sóláis dom.

Bliain le duine agus bliain ina ċoinne, sin mar a ḃí agamsa, mar, do réir mar ḃí na blianta ag imeaċt, ḃí sé ag dul ina luí go daingean ar m'aigne go raiḃ saol cruaiḋ roṁam amaċ, is nár ṁór dom mé féin a ċruaḋ ina ċoṁair. Gaċ bliain mar ṫagaḋ, ṫugaḋ sí a haṫrú féin léi, sólás go dtí duine agus dólás go dtí duine eile, agus d'éalaíoḋ sí mar éalaíonn an taoide de ġainiṁ na trá. Ḃíos féin ag tarraing liom tríd an saol go breá fós, an muirear ag méadú i leaba a ċéile. Aċ fuair Máire ḃoċt, máṫair mo ċéile, bás, beannaċt Dé lena hanam! agus ba leatrom domsa í d'imeaċt uaim. Aċ sara ḃfuair sí bás ṫug sí gaċ eolas domsa sa tslí go raḃas im ḃeantí ċliste aici. Do ṁúin sí dom conas sníoṁ agus cniotáil a ḋéanaṁ, agus gaċ rud eile a ḃaineann le beantí.

Nuair a fuair Máire ḃoċt bás, ḃí an tiġ ar fad fúm féin aċ amáin Micí a ṁair roinnt blian ina diaiḋ. Ḃí na páistí ag éirí. Seisear a ṁair agam díoḃ: beirt ċailíní, Cáit agus Eiblín, agus ceaṫrar buaċaillí, Muiris agus Pádraig, Míceál agus Tomás. Ḃíoḋ na garsúin ag faire ar a n-aṫair nuair a ṫagaḋ sé isteaċ

ón bḟarraige. Dá mba rud é go mbeaḋ breac beag suaiṫeantasaċ éigin aige ḃídís ag plé le ċéile cé aige go mbeaḋ sé.

"Ṁuise, a ċlann ó," adeireaḋ sé, "naċ cuma cé acu agaiḃ a ġeoḃaiḋ é? Naċ siḃ féin siḃ féin?"

Aċ ní ḋéanfaḋ san an réiteaċ. Is minic a ċaiṫinn éiri ón dtuirne agus breiṫ ar an slait ċun iad do ċur ó ċéile.

Do ċuireaḋ sé gliondar an doṁain ar a n-aṫair ḃeiṫ ag féaċaint orṫu ag plé le ċéile. D'aiṫneofá air go raiḃ ard-ċion aige orṫu. Ba ḋian ḋiċeallaċ a ḃí an duine boċt á gcur ċun treafa. Níor ṫáinig sé riaṁ dealḃ ċucu. Ḃíoḋ goblaċ éigin aige i gcónaí, agus do ċaiṫimis i bpáirt ṁaiṫeasa é. Aċ an oíċe a bíoḋ sé amuiġ ag iascaċ maircréal ní ṫéaḋ néall ar mo ṡúil. Ḃínn scanraiṫe, a léiṫeoir! Ḃíoḋ mo ċluas le héisteaċt go mbraiṫinn ag teaċt é. Is mó oíċe ṁaiṫ do ċaiṫeas cois na tine go maidin, agus gan mo ċroí féin ná croí éinne eile agam. D'ḟanaḋ Muiris agus Cáit, an ḃeirt ba ṡine den gclainn ina suí im ṫeannta. Nuair a ḃíoḋ an oíċe ag dul ṫar droim, deireaḋ Muiris:

"N'ḟeadar, a Ṁaimí, cad tá ag coimeád Ḋaidí: b'annaṁ leis a ḃeiṫ ċoṁ fada so amuiġ."

"N'ḟeadar, a lao liom," adeirimse. "Is dóċa gur iasc a ḃuail leo. Ḃeiḋ siad anso gan ṁoill anois."

"Ṁuise," adeireaḋ Cáit, "ní maiṫ liomsa mo Ḋaidí a ḃeiṫ ina iascaire! B'ḟearr liom

aon tsórt eile slí ḃeaṫa a ḃeiṫ aige. "A Ṁuiris," adeireaḋ sí, "ba ċeart dúinn cuiṁneaṁ go deo deo air."

"Agus ná déanfam, leis, a Ċáitín? Nuair a ḃeam mór, ní gá do Ḋaidí aon stró a ċur air féin."

"Tá go breá agaiḃ, a ṗáistí," arsa mise. "Is iomaí saol a ḃeiḋ caite sara mbeiḋ siḃse ċun saoṫair a ḋéanaṁ do ḃur n-aṫair. Aċ is mór an ní súil a ḃeiṫ liḃ."

"Ná habair é sin, a Ṁaimí," arsa Cáit ag éirí ina seasaṁ agus 'á searraḋ féin in airde. "Ná fuilimse im ṁnaoi ṁóir ċeana féin?"

Lena linn sin, buailtear an doras. Riṫeann Cáit, agus daṫ an ḟalla uirṫi, agus luíonn go cúṫail idir mé agus an t-iarta.

"Naċ olc an saiġdiúir tú!" arsa mise.

"Ó a Ṁam, cé atá amuiġ?" ar sise.

"Daidí, a ḋalta," arsa mise. "Cé eile ḃeaḋ ann?"

D'éiriġ Muiris go tapaiḋ, agus d'oscail an doras, is ṫáiniġ Pádraig, agus beart maircréal ar ċoirdín aige, isteaċ.

"Dia le m'anam, a Ḋaidí, naċ fada gur ḃainis an tiġ amaċ!" arsa mise.

"Do líonamar anoċt í," ar seisean; "táim tar éis teaċt ó Ċuas Cromṫa anois."

"Ní raġaiḋ siḃ amaċ anoċt arís?"

"Ní raġam," ar seisean. "Tá sé ag láú anois, naċ mór. Naċ mór an náire ḋuit ná raġaḋ a ċodlaḋ ḋuit féin!"

"Codlaḋ an ea!" arsa mise. "Ná samlaiġ codlaḋ ná suan domsa, a ḋalta mo

ċroí, an faid a ḃeiḋ tusa amuiġ ag iascaċ.''

Aċ go ḃfóire Dia orm, is gairid ina ḋiaiḋ sin gur ċaiṫeas déanaṁ 'á ċeal ar fad!

Sea! Ḃí na páistí ag éirí suas. Ní raiḃ an scoil faid urċair mearóige uaṫu. Ḃíos ar mo ṫoil iad do ḃeiṫ ag dul ar scoil. Ḃíoḋ eagla an doṁain orm go mbáiṫfí ar an dtrá iad, mar ḃíodar an-tugṫa ḋí agus iad beag. Ḃí mianaċ na farraige iontu. Is minic a ḃrisinn na báid ḃeaga a ḃíoḋ acu. Aċ an uair sin ḃíodar ag dul ar scoil, agus ní mór an trátóireaċt dob féidir leo a ḋéanaṁ, mar do ċuirinn ag tarraing móna iad nuair a ṫagaidís abaile ón scoil, agus ansan, san oíċe, ḃíoḋ a gceaċtanna mar ċúram orṫu. Is beag tráṫnóna ná tugaḋ Cáit Ní Ḃriain cuaird orainn.

Ar m'ḟocal ná raiḃ aon teaspaċ ar ḋaoine boċta an uair úd. Prátaí agus iasc agus, anois is arís, fo-ġoblaċ feola — bia maiṫ folláin — ḃíoḋ ann san am san. Ḃíoḋ bainne ann tráṫanna den mbliain, agus 'om briaṫar féin gur minic a ḃíomar ar ċaolċuid. D'éiriġ na páistí suas aċ, buíoċas le Dia, níor ċuadar a ċodlaḋ riaṁ fé ocras. Ḃíodar crosta go maiṫ nuair a ḃíodar beag, mar ní ṫagann ciall roiṁ aois.

Aċ mo ḃrón géar, ṫug an bás péac fúinn! Do sciob sé ċun bóṫair leis triúr den gclainn ina naíonáin agus ṫug an ḃruitíneaċ léi Sioḃán, bonsaire breá inine a ḃí in aois a hoċt mblian.

Aċ níl an duine ar an saol so ná go ḃfuil sé de ḋualgas air Dlí Dé do ċoṁlíonaḋ! Is

maiṫ liom iad a ḃeiṫ i Ríoċt Dé róṁam, agus is é mo ġuí go dtaḃarfaiḋ Dia na Glóire ḋom féin, agus don méid a ṁaireann acu, ná déanfaimis aon ní as an slí Air ar an saol so do ċuirfeaḋ d'ḟiaċaiḃ orainn scarúint óna ċéile Lá Mór an tSléiḃe, aċ go n-éireoḋ mo ċlann ḃeag suas im ṫimpeall, agus go mbeimis i gcoṁluadar a ċéile i Ríoċt Dé!

Sea! Ḃí ceaṫrar dem leanaí curṫa agam, agus rud ba ṁeasa ná san, ḃí a ṡláinte caillte ag a n-aṫair. Fuair sé fuaċt timpeall iascaiġ, is ní raiḃ aon teaċt ċun cinn aige 'á ḋéanaṁ.

Ḃí an ceaṫrú duine curṫa agam an lá so, agus níorḃ aon ionaḋ go raḃas buarṫa. Ḃeartaíos ar ġaḃáil amaċ ó ḃí an tráṫnóna go hálainn. Rugas ar stoca a ḃí ar an ḃfuinneoig ċun ḃeiṫ ag cniotáil, aċ ċun na fírinne a rá, ní raiḃ fonn oibre orm an tráṫnóna céanna. Ḃagraíos róṁam siar an ḃó, agus do scaoileas isteaċ ar an ngort í. Níorḃ ḟearr liom rud de ná suí síos tamall 'á haoireaċt.

Ṡuíos síos ar ṗort na trá, mar a raiḃ raḋarc álainn im ṫimpeall. Is marḃ an croí ná tógfaḋ aer bog cuṁra na farraige an smúit agus an brón de! Is cosúil le cuan beag an ċanáil atá idir an Oileán agus Ḃeiginis. Ḃíonn sé go han-ḋeas nuair a ḃíonn an ciúnas ann. Ḃuaileas uaim mo stoca ar an dtortóig mar ní raiḃ fonn oibre orm. Do ḃíos ag breaṫnú uaim amaċ ar na mílte d'éanlaiṫe mara a ḃí ag eiteall ṫall is aḃus ar ṫóir rud éigin le n'iṫe. Ḃí ón nguardal go dtí an fiaċ mara, is ón gcircín trá go dtí an gainéad, is a ċeol féin 'á ċanaḋ ag gaċ cineál acu. Aċ i dtaoḃ

na ḃfaoilean mbeag, do ḃí na mílte agus na mílte ann acu. Cuid acu, agus mion-eiteall orṫu ar ṫóir sailleáin nó goblaiġ éigin le n'iṫe. Nuair a ḃuaileaḋ goblaċ le ceann acu, do ligeaḋ sí liú aisti. Ní túisce san ná mar a ḃíoḋ na mílte sa ṁullaċ uirṫi. A leiṫéid de ġiotam ní ḟaca éinne riaṁ, agus iad caite ar muin mairc a ċéile, d' iarraiḋ é ḃaint di.

Fé ḋeireaḋ d'éiríos tuirseaċ de ḃeiṫ ag féaċaint orṫu is do ḃreaṫnaíos uaim ó ḋeas ar Uíḃ Ráṫaċ is ar Ḃá an Daingin. B'álainn an raḋarc é. Ḃí an bá go léir fé mar ḃeaḋ leaṁnaċt, agus cáiṫníní airgid ag taitneaṁ ar a ḃarr fé ṡolas na gréine a ḃí go soilseaċ san am san. Ḃí Ceann Sléiḃe orm ṫeas go dána buan-tseasaṁaċ, is gan corraí ar ċloiċ ná ar ċuas ann, is níor ċás do ṡeanḃean ḃeiṫ ina suí i mboscaod cois na cloiċe—ní báiṫfí í. Ḃí an Dún Mór os mo ċoinne anonn, agus an Liúir mar ċú ċosanta aige is a mullaċ clúdaiṫe le faoileáin agus le fiaċa mara, a ḃí ag tógaint a sciṫe dóiḃ féin. Ḃí an Seanduine taoḃ leo go grabsaċ, agus a ṗlaosc clúdaiṫe le lomra feamnaí, cé go ndéarfaḋ duine gur mitid don ṗlaosc ċéanna a ḃeiṫ suaite scúite ó ṫonnta tréana borba na farraige a ḃeiṫ go síorraí ag gabáil steallaḋ dó. Ḃí an Ṁaol féin ċoṁ ciúin ċoṁ cneasta san is gur ḋóiġ leat nár ḋein sí díoḃáil ná dochar riaṁ, cé go ndeireaḋ na seandaoine gurḃ uirṫi a ḃuail long Ṁic Rí na Spáinne fadó, nuair a cuireaḋ fé ċois í féin agus a raiḃ inti, slán mar a n-instear é.

Os mo ċóṁair amaċ do ḃí Dúnċaoin mar ar ċaiṫeas tús mo ṡaoġail is daṫ cuṁra an

tSamhraidh ar a páirceanna agus ar a gharraithe. Is mó tráthnóna maith a bhíos thuas ar mhullach an chnoic úd, Sliabh an Iolair, is mé go hóg aerach, gan cíos, cás, ná cathú orm an uair sin. Tharm ó thuaidh do bhí Ceann Srатha, agus béal Cuan an Chaoil, agus Dún an Óir. Bhí Binn Diarmada go buacach dea-sheasaimh. Do bhí an ghrian go soilseach ag taitneamh ar a shleasa, is ar na méirscrí doimhne a bhí oibrithe ag an bhfarraige móir inti. Ón bhFiach go dtí Barra Liath do bhí bá mór farraige, is í in aon phána amháin gloine, is ba dhóigh le duine a d'feachfadh uirthi san am san gur chathair mhór éigin a bheadh fé dhraíocht í.

Tháinig osna óm chroí, agus dúrt os ard "A Dhia! nach ait é an duine a bhíonn cráite, agus a bhfuil d'áilleacht le feiscint ina thimpeall, is iad go léir ceapaithe ó láimh an Chruthaitheora!"

Baineadh geit asam, mar do labhair an duine ar an dtaobh thiar díom.

"Ná fuil sé in am agat dul abhaile?" ar seisean—Seán Eoghain a bhí ann.

"Is dócha go bhfuil, a Sheáin," arsa mise, "ach, chun na fírinne a rá, níl puinn fonn abhaile orm."

"Ní haon ionadh é sin, a bhean bhocht," arsa Seán. "Bíonn uaigneas ar gach éinne i ndiaidh a linbh."

"Ní leanbh, ach leanaí, a Sheáin," arsa mise, agus b'fhearr liom caint éigin eile a bheith ar siúl san am san aige, is, chun í d'athrú—

"Féach thuaidh an Bhrasaoil, a Sheáin!" arsa mise.

"Cá bhfuil sí, a dhiabhail?" arsa Seán, mar

ní raiḃ ceannaċ na mionn air. D'iompaiġ sé ṫairis.

"Níl aṁras," ar seisean, "ná gur deas an raḋarc tráṫnóna Saṁraiḋ é. Ṫaḃarfaḋ duine an leaḃar gur talaṁ éigin fé ḋraíoċt é."

"Sea leis, dar ndóiġ," arsa mise, "naċ minic a ċuala Eiblís Ṡeáin 'á rá go ḃfaca sí féin an Ḃrasaoil noċtaiṫe san áit ċéanna san tráṫnóna Fómair, agus í ag baint aitinn ar Ṁaoilinn an Ċoma?"

"Sa riaċ tú féin agus Eiblís Ṡeáin," arsa Seán agus fonn grinn air ar ṁaiṫe liomsa. "Nuair a raġair don Ḃrasaoil nár ṫagair as! Éiriġ id ṡuí agus téiġ aḃaile ḋuit féin. Tá sé in am agat feasta."

"Is dóċa go ḃfuil an ceart agat," arsa mise, agus rugas ar an stoca a ḃí taoḃ liom; is go deiṁin ní mór an saoṫar a ḃí déanta agam an tráṫnóna úd.

Tá sé ráite ná bíonn an sólás gan an dólás 'á ċoiṁdeaċt. Ṡíleas go raiḃ deireaḋ le donas an tsaoil agam. Ḃí an ċuiḋ a ṁair den gclainn fásta suas ina ḃfearaiḃ. Ḃí Muiris agus Páḋraig ag iascaċ dóiḃ féin, is do ḃí Míċeál agus Tomás ag fás suas ina ndiaiḋ. Má ḃí a n-aṫair gan sláinte féin, ní raḃadar ag braṫ air. Ḃí a n-uncal ag caḃrú leo, agus ba ḋian-ṁaiṫ ċuige é.

XIX.—SCAIPEAḊ AGUS BRÓN.

Bás cinniúnaċ Ṫomáis. Imeaċt Ṗádraig agus Ċáit go hAmeiricá. Bás m'ḟir-ċéile. Muiris agus Eiblín agus Míċeál d'imeaċt uaim i ndiaiḋ a ċéile. An ḟilíoċt a scríoḃ Míċeál.

AĊ 'nuair is dóiġ le duine é ḃeiṫ go deas is ea ḃíonn sé ina ċleas ṁagaiḋ'. Seanḟocal is ea é, agus is fíor é. Mar sin a ṫarla domsa, fóiríor, san mbliain naoi gcéad déag is a fiċe.

Ní raiḃ aon ṁóin againn ar an Oileán so an bliain sin. Craoḃa ón gcnoc an t-ábar tine a ḃí againn, agus ba ċráite scólta an tine ḋomsa í. Ar maidin Dé hAoine ar an ḃfiċiú lá d'Aibreán do ḃíos féin agus Tomás inár suí go moċ. Ḃí an té ullaṁ againn, is ní raiḃ éinne eile sa tiġ éiriṫe fós. Nuair a ḃíomar ag iṫe dúrt féin le Tomás go raiḃ Pádraig ag faire ar ḋul go dtí Ameiricá.

"Ná bac san de," ar seisean. "Ná fuil sé in am aige?"

"Is trua ná fanfaḋ sé bliain eile in ḃur ḃfoċair," arsa mise. "Tá siḃ ró-óg ċun naoṁóige, is tá sé ráite gur 'mór an cruaḋ ar leanḃ bliain.'"

D'ḟéaċ sé orm trasna an ḃoird, agus solas lonraċ ina ṡúile glasa, is do ṡín amaċ a láṁ ḋeas.

"An amhlaidh atá eagla ort, a mháthair," ar seisean, "go mbeidh ocras ort? Ná bíodh aon eagla ort ná go bhfuil an lámh san ábalta ar ghreim a chur id bhéal!"

Dheineas gáire fé.

"Tá 'fhios agam go bhfuil, ach tá sí bog, óg fós," arsa mise.

San am go raibh an bia caite againn, do bhí an chuid eile ag éirí ina suí. Do sheasaigh Tomás i lár an urláir, is ba dhóigh leat gur duine é a bhí ag machnamh ar rud éigin, mar níor fhág sé orlach den dtigh gan breathnú go géar.

"Ní raghadsa ar aon chnoc inniu," ar seisean, agus é idir dhá laí an dorais.

"Tá an chraobh ró-fhliuch, agus tá dóthain an lae inniu istigh, agus bíodh an lá amárach chun soláthair," arsa mise.

Ansan thug sé pocléim thar doras amach. Sin é an radharc déanach a fuaireas beo air. Nuair a chonac arís é, do bhí sé mín marbh, sínte ar chróchar os mo chomhair amach, agus an lámh mín gheal, do shín sé chugam amach ar maidin go bródúil, briste brúite gan anam!

Is dealraitheach, nuair imigh sé uaim an uair sin ar maidin gur bhuail a thuilleadh de sna buachaillí a bhí ag dul ar an gcnoc ag bailiú craobh leis, agus gur imigh sé lena gcois. Is amhlaidh a bhí an fear bocht ag tarraing scothán fraoigh nuair a thit sé le faill. Do ghluais an scothán leis. Thit sé siar ar a chúl agus as go brách leis, 'á chaitheamh ó charraig go carraig na

céadta troiġ ar airde, nó gur buaileaḋ ṫíos in íoċtar an ċumair é, slán mar a n-instear é!

Aċ ní raiḃ pioc eolais ná feasa agamsa go raiḃ sé ar an gcnoc an lá san. Do ṡíleas gur ar fuaid an ḃaile a ḃí sé, imeasc na ngarsún eile, nó gur ṫáinig tuairisc a báis ċugam. Ansan, Dia linn! is ea ḃí an leite ar fuaid na mias go ceart agamsa. Sceon agus uafás i gcroí gaċ éinne. Ba rud é nár ṫit amaċ riaṁ roiṁe sin san Oileán, is do ṁéadaiġ sin an t-uafás ar gaċ éinne. Aċ im ṫaoḃsa ḋe, ní féidir le peann scríoḃ ar cad d'ḟulaingeas is ar ar ġaḃas tríd. Ḃí sé sin marḃ, ḃí a aṫair le bliain roiṁe sin ag coimeád na leapan, is nuair a ċuala sé an tuairisc, an liú uafásaċ bróin a ċuir sé as beiḋ sé im ċroí go deo. Dá mb'ḟéidir leis an leaba d'ḟágaint, ḃeaḋ sé go maiṫ, dar leis, aċ do ḃí san ag teip air.

B'in í an ḟaḃ—conas imeoinn uaiḋ agus é ḟágaint ansan i gcróilí an ḃáis? Ḃí Tomás ag Dia, aċ ḃí sé sin beo fós, agus ṫuigeas im aigne gur ḃeart in aġaiḋ Dé ḋom an tiġ ḟágaint agus gan éinne ċun féaċaint ina ḋiaiḋ. Ṫug Dia an méid sin meaḃraċ dom, molaḋ go deo leis! gur ḟanas ċun lámaíoċt a ṫaḃairt leis.

B'éigean do ḋá naoṁóig agus do oċtar fear dul ċun an ċoirp a ṫaḃairt leo. Is orṫu a ḃí an t-ionaḋ nuair a ċuadar mar a raiḃ sé—in ionad é ḃeiṫ na céadta slat amaċ ar an ḃfarraige ṁóir, is amlaiḋ a ḃí sé in airde ar bullán slím sleaṁain cloiċe, ná raiḃ inti aċ a ḟaid is a leiṫead féin, agus é ċoṁ cóiriṫe is

ċoṁ socair is dá mbeaḋ dáréag ban ina ḟeiġil. Ní ḟios d'éinne beo conas a ṫarla dó a ḃeiṫ ar an mbord cloiċe sin, agus an ḟarraige ġorm ina ṫimpeall. Níl ḟios ag éinne aċ ag Dia amáin.

Nuair a tugaḋ go dtí an tiġ é, do ḃí an ċuid eile den gclainn scanraiṫe, aċ amáin Muiris. Do ḃí breis ṁeaḃraċ aige sin. B'éigean do na coṁarsain Cáit agus Pádraig do ṫóġaint uaim, mar do ḃíodar leaṫ as a meaḃair, mar baineaḋ an iomad de ġeit astu. I dtaoḃ an ḟir ḃreoite b'aṫair dóiḃ, níorḃ ḟios dom cén neomat do ṫitfeaḋ an t-anam as. Cuiṁniġ, a léiṫeoir, go raḃas i gcruaċás, má ḃí bean ḃoċt riaṁ! Le méid an scanraḋ a ḃí ar na coṁarsain, ḃí scáṫ orṫu teaċt im ġoire, aċ aon ḃeirt amáin, is é sin, Seán Eoġain agus Máire Ní Scannláin. Tá Seán féin marḃ anois, go dtuga Dia an Ḃeaṫa Ṡíorraí dá anam agus d' anamna na marḃ! Is é Seán féin agus Dia d'ḟóir ormsa an tráṫnóna brónaċ úd. Ḃí obair ċruaiḋ le déanaṁ, aċ cé déanfaḋ í? B'ṡin í an ḟaḋḃ! Ní raiḃ ionam aċ máṫair, agus beart ró-ċruaiḋ dom ab ea é! Mise nár ṁaiṫ liom gearraḋ d'ḟeiscint, ḃí orm anois fáscaḋ go dtí mo ḃuaċaill breá óg do ní agus do ġlanaḋ, agus cóir ṁairḃ a ṫaḃairt dó! Ḃí orm é sin a ḋéanaṁ, gan aṁras, is níor ṁór dom ċroí ḃeiṫ déanta de ċloiċ ċun seasaṁ leis.

Do ġuíos ċun an Ċroí Naofa agus go dtí n-a Ṁáṫair Ḃeannaiṫe ċun teaċt i gcaḃair dom; is go deiṁin, a léiṫeoir, ar filleaḋ dom mar a raiḃ mo ṁac ní raiḃ fios agam naċ corpán

iasaċta do ḃí ann, do ḃraiṫeas mo ṁisneaċ ċoṁ láidir agus mo ċroí ċoṁ héadrom san. Aċ do ḃí an obair a ḃí idir láṁa agam ró-ċruaiḋ dom. Nuair a ḃraiṫeas mo ċroí 'á ḟáscaḋ ṫugas liom íoṁáiġ na Maiġdine, is do ḃuaileas ar an urlár lem ais é, agus táim adṁálaċ ann ná raiḃ ionam ón uair sin amaċ aċ ball oibre i láiṁ na Maiġdine agus a hAon-Ṁic.

Ḃí Muiris agus a uncal agus beirt eile imiṫe ag triall ar ġléas tórraiṁ. Tar éis teaċt dóiḃ, ḃí Muiris go himníoċ féaċaint arḃ ḟéidir leis an scríḃinn ġallda a ḃaint den bpláta brollaiġ. D'éiriġ leis sin do ḋéanaṁ, mar do ċaḃraiġ múinteoir na scoile leis, is do ḋein sé a leaċt a scríoḃ i nGaeilge. Is é ḃí go sásta nuair d'éiriġ leis san a ḋéanaṁ. Is é dúirt sé—"Is mór an sásaṁ aigne liom gur tú an ċéad ċorp leis na céadta blian a ċuaiġ go reilig Fionntrá fé scríḃinn Gaeilge."

Ḃí an aimsir go suaite agus go cráite againn, aċ osclann Dia bearna na caḃraċ i gcónaí, mar ní raiḃ sé aċ sé seaċtaine curṫa nuair a ṫáinig an tAṫair Seoirse mac Clúin ar a laeṫeanta saoire go dtí an tOileán. Adṁaím gurb é féin, agus Dia na Glóire, a ṫug an ċéad ċompord dom. Ḃíoḋ sé im ṫeannta gaċ lá. Ḃí an Ġaeilge go líofa agamsa le taḃairt dó. Rud dob ḟearr ná san, ḃí dea-ċoṁairle agus teagasc fónta aige sin le taḃairt domsa, is ba ṁaiṫ an cúnaṁ é sin ċun croí cráite do ċneasú. Is annaṁ lá ná bíoḋ sé im ṫeannta, is pé brón a ḃíoḋ orm nuair a ṫagaḋ sé, tuigtí dom go dtagaḋ gaċ solais isteaċ lena ċois, is ní ḟanaḋ pioc

trioblóide orm. Ḃí caṫú orm nuair d'imiġ sé, mar níl aon aṁras ná gur ṫug sé cúnaṁ maiṫ domsa ċun mo ṫrioblóidí saolta do ḋearmad. Guím saol fada i seirḃís Dé ċuige inniu!

Sé ṁí ina ḋiaiḋ sin ṫóg mo ṁac Pádraig a ṡeolta, agus d'imiġ leis go dtí an tOileán Úr. Do ḃí uaigneas orm ina ḋiaiḋ gan aṁras, aċ do ḃí mo ṡúil le Dia go ḃfeicfinn arís é uair éigin, mar 'is fearr súil le glas ná súil le huaiġ.'

Ċoṁ luaṫ agus do ḃí an costas tuillte aige, do ċuir sé fios ar a ḋeirfír, Cáit.

Ḃí gaċ cúrsa acu ag bualaḋ buille trom sa ċroí ormsa, agus ní raiḃ sise imiṫe uaim aċ ċúig ṁí nuair a fuair a haṫair bás, go ndeine Dia trócaire ar a anam! Ḃí a ċroí briste ag brón agus ag ceal na sláinte. A ḃás-san is mó do luiġ ormsa is d'ḟág go dealḃ mé gan éinne i mbun puinn treoir a ḋéanaṁ dom.

Aċ do ḃí fear tí agam fós an ḟaid a ḃí Muiris agam. Toġa mic ab ea é, gan dabt; mac nár ċás domsa seasaṁ air. Ḃí sé fíor-ḋílis dá ṫír agus dá ṫeangain dúċais, is ní raiḃ fonn air í ḟágaint go deo. Aċ ní mar sin do ṫarla. B'éigean do imeaċt, agus bóṫar na coda eile do ṫaḃairt air go briste-ċroíoċ agus go brónaċ.

Ċoṁ luaṫ agus ḃí an fód clúdaiṫe aige ar a aṫair, d'ullṁaiġ sé é féin ċun imeaċta. Beiḋ cuiṁne an lae sin im ċeann go deo, mar trí n-ar ġaḃas tríd níor ḃuail éinní buille ċoṁ tubaisteaċ orm le scarúint Ṁuiris liom an lá san.

Ar maidin an lae a ḃí sé le himeaċt ḃí sé ina ṡeasaṁ ag an mbord, is a ċuid giúirléidí is páipéar buailte ar an mbord aige. Ḃíos suite sa ċúinne, is mé d'iarraiḋ ḃeiṫ suáilceaċ. Ḃíos ag féaċaint air gan ḟios dó, mar ḃí sé ina staic agus snaiḋm na péiste ar a ḃéal aige, fé mar a ḃeaḋ sé ag déanaṁ macnaiṁ. D'iompaiġ sé orm. "Seo!" ar seisean, agus do ṡín sé ċugam rud éigin fillte i bpáipéar. Rugas air, is leaṫas amaċ é. Brataċ na hÉireann a ḃí ann.

"Sea!" ar seisean, arís, agus criṫán ina ġlór, "Cuir ċun coimeádta é sin san áit naċ baol dó leaṁan ná cuil! Níl aon ġnó agamsa de feasta!" agus ṫáinig toċt ina ġlór.

"Ṁuise, a ṁic mo ċroí," arsa mise, "is mó olcas domsa é seo ná maiṫeas, mar cuirfiḋ sé uaigneas orm."

"Ní ċuirfiḋ," ar seisean, agus lug-lag ag an gcaint ag teaċt amaċ as a ḃéal le neart bróin. "Beiḋ sé agat ċun fáilte a ċur roiṁ Rí-Ḟlaiṫ na Féile fós!"

Dá ṁéid brón a ḃí orm, do ċaiṫeas gáire fé. Is ar an dtaoḃ amuiġ díomsa a ḃí an ġáire sin, áfaċ.

"A ḃreallsúin ḃoiċt," arsa mise, "caiṫfiḋ tú na feána san do ċur uait anois!"

"Ó, a Ḋia," ar seisean, "is fíor ḋuit! Naċ é mo ċroí atá briste!"

"Tá Dia láidir is Máṫair ṁaiṫ aige," arsa mise "Bailiġ suas do ġréiṫre. Bíoḋ misneaċ agat. Níor ġaiḃ taoide siar riaṁ ná go ngeoḃaḋ taoide aniar."

"B'ḟéidir le Dia san!" ar seisean, agus greim an duine báite ar mo láiṁ aige.

Do leanas síos go dtí an cala é. Ba ġeall le socraiḋ ṁóir a raiḃ de ḋaoine ag dul go dtí an calaḋ an lá san.

Ġeall sé dom dá riṫeaḋ an saol leis ná beaḋ ceal lae ná oíċe orm, is go ḃfillfeaḋ sé ṫar n-ais ċugam nuair a ḃeaḋ fortún beag bailiṫe aige. Go deiṁin do ċuir an ċaint sin misneaċ orm, aċ ḃí 'ḟios agam go maiṫ nárḃ ionann dul go tiġ an rí agus teaċt as.

"A ṁic mo ċroí," arsa mise, "is olc an áit is fearr duit ná ḃeiṫ anso ar an gcarraig ṁillte seo. Beir imeasc na ḃfear aċ go háiriṫe. Ní ḟeicim dada anso im ṫimpeall gurḃ ḟéidir le fear maireaċtaint air. Níl talaṁ ná tiarnas ann. Níor ṁaiṫ liomsa fiaċ mara a ḋéanaṁ díot, a ṁic. Ní beag a ḃfuil fé ainnise an tsaoil. Mo ḃeannaċtsa agus beannaċt Dé leat! Lean do ḃealaċ féin. Aċ cogar, ná tagaḋ éinní trasna ort a lagóḋ grá Dé id ċroí. Tabair aire dod ċreideaṁ. Séan an t-olc, agus dein an ṁaiṫ i gcónaí. Beannaċt leat anois, agus go dtuga Dia slán tú!"

Ḃíos go míṡuaimneasaċ go dtí go ḃfuaireas litir uaiḋ.

B'iad Míċeál agus Eiḃlín an ḃeirt déanaċ d'imiġ uaim. B'í Eiḃlín an duine ab óige ar fad, is do ṡíleas ná ligfinn go hAmeiricá go deo í. Ḃí sí i mBaile Áṫa Cliaṫ an uair seo i dtiġ Ṡeáin Uí Ṡéaġḋa, i nDún Droma, is dar ndóiġ is mé a ḃí go sásta. Ḃí sí lán de ċion air agus d' urraim dó; aċ mo ḃrón! Ṫug a

dearṫáir, Pádraig, cuaird abaile, is ní ḃeaḋ sé sásta gan dul go Baile Áṫa Cliaṫ agus í ṫabairt leis abaile. Ṫóg sé leis ċun bóṫair í nuair a ḃí sé ag imeaċt ṫar n-ais go hAmeiricá.

Ansan ḃí Míċeál ag faire ar ḃeiṫ ag imeaċt. Ní raiḃ fonn air an tiġ d'ḟágaint, aċ mar sin féin ḃí an saol cruaiḋ is ní raiḃ faic le déanaṁ anso aige. Ċeap sé ina aigne dá ḃfágaḋ Dia a ṡláinte aige go mbaileoḋ sé roinnt ṁaiṫ airgid is go dtiocfaḋ sé ċugam abaile ṫar n-ais. Cúpla lá sarar ḟág sé an tiġ dúirt sé liom.

“Ní ḃeaḋ aon leisce orm imeaċt, a ṁáṫair, dá ngeallfá-sa ḋom ná beifeá brónaċ.”

“Dá ngeallfainn san duit, a ṁic ó,” arsa mise, “do ġeallfainn bréag duit, aċ geallaim duit go ndéanfad mo ḋíċeall gan a ḃeiṫ buarṫa.”

Ḃí sé sásta go leor ansan, cé go raiḃ brón agus briseaḋ croí air féin.

Ar maidin, lá arna ṁanarṫar d'ḟág sé slán agus beannaċt agam, agus dúirt:

“Tá súil agam, a ṁáṫair, go mbeam i ḃfoċair a ċéile arís!”

“B'ḟéidir go mbeimis, a ḃuaċaill,” arsa mise, “le cúnaṁ Dé!”

Ansan do ḃuail sé an doras amaċ, agus ṫug a aġaiḋ síos fén gcala. Is mise a ḃí go cráite ina ḋiaiḋ!

Cúpla lá ina ḋiaiḋ sin, ḃíos ag ceartú na ngréiṫre mbeag a ḃí ina ḋiaiḋ, is do ḃuail píosa beag páipéir liom go raiḃ na ḃéarsaí seo scríofa ann aige:

"A ṁáiṫrín mo ċléiḃse, ná caoin mise,
Ná neaċ do ċuaiġ ar fán uait,
Aċ caoinse Aon-Ṁac gléigeal Ṁuire
'Sé do ċaḃair é am gaċ gátair!

Caoinse a éadan maorga maisiúil,
Is a ġéaga geala bána,
Caoin an Péarla ḃí créaċta gonta
Ar ċrann na croise cráite!

A Ṫréadaí Naofa, ṫug dúinn Cléir is Sagairt,
Is ortsa a screadaim, a Ṁáistir!
Cuir gráin im ċléiḃ go léir ar an bpeacaḋ,
Mar is é údar Do ġéar-ċrá é!

Beannaiġ mé féin is mo ġaolta ag baile
'S an méid díoḃ atá ṫar sáile!
Le grásta 'n Sprid Naoṁ, bí féin ár ḃfaire
Is ná lig ar seaċarán sinn!

Mar tiocfaiḋ Lá an tSléiḃe, gan bréag gan magaḋ,
Is ċífiḋ tú féin, a ṁáiṫrín,
Ár Slánaiṫeoir Gléigeal ansúd ina ṡeasaṁ
'Na Rí os cionn na dtáinte.

Le cúnaṁ Dé, na naoṁ is na n-aingeal,
Fillfead féin ṫar sáile,
Is beam le ċéile araon go seascair
Ag caiṫeaṁ ár saoil go sásta."

XX.—Saol Aonaraċ Uaigneaċ.

Scéalaíoċt ċun na hoíċe ċur ṫarainn. Oíċe an ġála ṁóir. Mar a báiṫeaḋ an cúigear cailíní ag Dun Ḟána. An cailín gur rugaḋ greim ar a láiṁ.

AĊ, is é críoċ agus deireaḋ na mbeart é gur imíodar uaim duine ar duine, is go raḃas im aonar i stáblán tí, gan bó, gan ċaora, gan pingin im ṗóca, is gan éinne ċun labairt liom aċ aṁáin fear boċt dearóil go raiḃ an "pinsean dorċa" aige—Míċeál, dearṫáir mo ċéile, fear a oibriġ go cruaiḋ d'iarraiḋ caḃrú liomsa agus lem ċlainn. Is é an fear san a ċuir ċun treaḟa iad, fé mar adúrt ċeana, nuair a baineaḋ an tsláinte dá n-aṫair, is iad go hóg. Ḃí sé gan duine coiṁṫíoċ ná muintire ċun treoir a ḋéanaṁ dó. Ġeoḃaḋ sé a lán a ġeoḃaḋ leis an bpinsean, aċ ba ró-ḟurst éagóir a ḋéanaṁ air.

Ṁaċnaíos im aigne gur ṁór an éagóir dom tar éis a ṡaoil feall a ḋéanaṁ air. Ḃíos rigin láidir fós, agus is é an rud a ċeapas im aigne, dá mb' ḟéidir linn fanaċt i gcaḃair a ċéile gurb aṁlaiḋ mar is fearr a ḃeaḋ an scéal. Do ċaiṫeas uaim mo smaointe, agus d'ḟanas-sa agus Míċeál i dteannta a ċéile mar a ḃeaḋ dearṫáir agus deirfiúr.

An rud is measa le duine ar doṁan ní ḟeadair sé naċ é lár a leasa é, mar níorḃ

ḟada ina ḋiaiḋ sin gur ḟill mo ṁac, Míċeál, ón Oileán Úr, agus ba ṁaiṫ ḋó go raiḃ an tiġ roiṁe. ‘Ní ṫagann olc i gcoill ná i gcurraċ ná go nDeineann sé maiṫ do ḋuine éigin.’ B’é cruatan an tsaoil fé ndeara ḋó filleaḋ, is má ḃí brón air, do ḃí luċáir ormsa.

Is minic, nuair a ḃínn féin agus an seanduine inár suí leaṫuaigneaċ go leor cois na tine, is gan éinne ag cur isteaċ orainn, go mbíoḋ a lán scéalta beaga aige sin is agamsa agus sinn ag meallaḋ na hoíċe linn ’á n-insint. Ḃíoḋ sé ag cur síos ar an gcruatan gur ġaiḃ sé tríd, agus ar an scanraḋ a fuair sé go minic nuair a ḃíoḋ sé ag iascaċ.

“An cuiṁin leat oíċe an ġála ṁóir?” ar seisean liom oíċe.

“Is cuiṁin go maiṫ,” arsa mise. “B’uafásaċ an oíċe í.”

“Ḃí an tráṫnóna úd an-ḃreá,” ar seisean, “is ċuaiġ na báid ḃeaga go léir amaċ ag iascaċ. Aċ ní fada gur éiriġ an oíċe ċun séideáin, is d’éiriġ borraḋ agus tarraing, is níorḃ ḟéidir leis na curaiġ ḃeaga teaċt i dtír. Ḃí oċt gcinn ann acu, agus iad lán d’iasc. Ní raiḃ ḟios acu cad ba ṁaiṫ ḋóiḃ a ḋéanaṁ. Dúirt cuid de sna fir go mb’ḟearr ḋóiḃ scaoileaḋ ó ḋeas go Cuan Fionntrá. Ḃí an oíċe dorċa, agus dealraṁ uirṫi go mbeaḋ séideán maiṫ gaoiṫe ann. Do ṡocraíodar na seolta is do scaoileadar fé ó ḋeas. Ḃí an bá ciúin fós, is níor ṁoṫaíodar Cuan Fionntrá a ḃaint amaċ. Aċ is míṡuaiṁneasaċ a ḃí an

oíċe ag an gcuid eile do ṁuintir an Oileáin ag cuiṁneaṁ ar a muintir a ḃí sa ċontúirt.

"Ní raiḃ an ṁaidin arna ṁáraċ ciúin ná ċneasta. Do ḃí gála aniar agus aneas ann ba ḋóiġ leat a ḃí maiṫ a ḋóṫain do loing. Timpeall a deiċ a ċlog ar maidin, do ḃreaṫnaiġ duine éigin ceann de sna báid ḃeaga Ceann Sléiḃe aneas, agus do liúiġ sé os ard go raiḃ na báid ag teaċt. A Ḋia na ḃFeart! sin é an uair go raiḃ an scanraḋ is an dul-trí-ċéile ann. Ní raiḃ fear ná bean ná leanḃ, fear críonna ná óg, ná raiḃ bailiṫe ṫeas ar an bPointe, cuid acu ar baille-ċriṫ leis an scanraḋ. Ḃí scilimis saolta ann, dáiríriḃ, maidir le holagón agus le bualaḋ bos. Ḃí na faillteaċa timpeall-'á ḃfreagairt le macalla uaigneaċ 'uċ-ón-ó!' Aċ do labair Nell Ṁicil, an tseanḃean ba ṡine a ḃí ar an Oileán an uair sin:

"'Cuirig' uaiḃ ḃur gcuid olagóin,' ar sise. 'Ná fuil fios agaiḃ gurb ansa le Dia guí ná gol?' Is do ċuir sí sinn go léir ar ár nglúine is do ṫosnaiġ sí ar Rann Ṁíċíl do rá—

'Ar ġabáil anonn in áṫ go doiṁin,
A Rí na Foiġne, glac iad ar láiṁ,
Ar eagla buille na toinne tréin',
A Ṁuire, féaċ, agus ná fág!'

"Níor ċuala riaṁ roiṁe sin é, ná ó ṡin anuas.

"Do ḃí na báid ag teaċt, fé mar a ḃeaḋ scata de préaċáin duḃa, ceann ar ceann, agus gan cleiṫ ná seol ortu ná raiḃ réabṫa ag an ngála. Níor éiríomar dár nglúine nó gur ṫáinig an ceann déanaċ go Béal na Trá.

"Do ḃí na fir ḃoċta suaite tnáite, aċ ba ċuma le muintir an Oileáin é sin. Ḃí taiṫí acu air. Ar feaḋ seaċtaine ina ḋiaiḋ sin ní raiḃ i mbéal an ṗobail, ar ḃóṫar ná ar ċosán, aċ a ḟeaḃas d'oibriġ na fir i mBealaċ na Scolóige an lá uafásaċ úd."

"Ar ċualais, a Ṁiċíl, conas a báiṫeaḋ an cúigear ċailíní úd ag Bun Fána fadó?"

"Níor ċuala," arsa Míċeál, ag cur smeaċaid den tine ar a píp.

"San am san ḃí sé coisciṫe ar éinne dul don trá Luan Cásca*, ná ar aon ḃád dul ar an ḃfarraige Doṁnaċ Cásca*. Aċ pé scéal é, ḃí cúigear cailíní óga i bParóiste Fionntrá san am san. B'iad toġa an ṗaróiste iad, agus rud eile, ní raiḃ aon iníon eile ag muintir éinne acu. Do ċuireadar a gcoṁairle i dteannta a ċéile go raġaidís ag baint ḃáirneaċ. Luan Cásca* a ḃí ann, aċ is beag an naṫ a ḋeineadarsan de. Ḃí aintín do ḋuine acu pósta i ḃFán os cionn na farraige, is níor ḃ'ḟearr leo rud de ná lá cuideaċtan a ḃeiṫ acu. Ṫángadar le ċéile, is stad níor ḋeineadar gur ḃaineadar amaċ tiġ an aintín. Ṫáinig ionaḋ uirṫi nuair a ċonaic sí ċuici iad, agus d'ḟiafraiġ sí díoḃ cá raḃadar ag dul.

"'Raġaimíḋ don trá,' arsiad. 'Ní ḋéanfam puinn moille. Bíoḋ na prátaí beiriṫe agat roṁainn.'

"D'imíodar uaiṫi siar fé ḋéin na trá, is do ṫosnaiġ sí ar na prátaí a ċur 'á mbeiriú. Nuair a ḃíodar ullaṁ aici, dúirt sí le duine

* ? Cingcíse.

de sna páistí dul amaċ, agus ḟios a ḃeiṫ aici an raḃadar ag teaċt.

" 'Níl siad ag teaċt fós,' arsa an páiste. 'Táid ar ḃarr na haille ag rince.'

" Nuair dob ḟada léi go raḃadar ag teaċt, ċuaiġ sí féin amaċ, is ḃíodar ann fós, ag rince cor ceaṫrair, agus an cúigiú duine ag seinnt dóiḃ. Aċ ní raḃadar ag teaċt, agus níor ṫángadar riaṁ ina ḋiaiḋ sin, mar, an t-am díreaċ go ḃfaca sí sin ag rince iad, ḃíodar báite, slán mar a n-instear é!

" Deirtear go ḃfaca a lán daoine sampla uafásaċ an lá céanna san. Ḃí beirt ḃan ó Ḋúnċaoin ṫuaiḋ ar Ṫóin na Cille ag baint ḃáirneaċ an lá ċéanna—seanḃean, agus bean nuaṗósta. Tar éis dul síos dóiḃ níor ṁaiṫ leis an seanṁnaoi an ḃean óg do ḋul in aon ċúntúirt. Dúirt sí léi fanaċt ṫuas ag bun an strapa, is go raġaḋ sí féin síos. Ḋein an ḃean óg rud uirṫi. Ḃí sí ina suí, agus í ag gliúcaíoċt amaċ ar an ḃfarraige. Ní fada go ḃfaca sí tonn ṁór ṁillteaċ ag éirí amuiġ i mbéal an ċladaiġ. Do liúiġ sí ar an mnaoi ṫíos.

" 'Ar son Dé,' ar sise, 'riṫ, nó báiṫfear tú!'

"Do riṫ sí in am aċ ní raiḃ ann aċ san. Ní raiḃ aċ an strapa in airde curṫa acu ḋíoḃ agus greim an duine ṁairḃ beirṫe ar stocán cloiċe acu, nuair a ġaiḃ an tonn ṁillteaċ san os a gcionn in airde, ag réabaḋ na gcloċ agus na gcarraigeaċa le fánaiḋ, is mara mbeaḋ an greim do ḃí acu ar an stocán do ḃeidís báite. Nuair a ṫángadar ar barr, do ċonaiceadar an

tonn millteaċ ċéanna ag imeaċt uaṫa ó ḋeas, agus taibṡíoḋ dóiḃ go raiḃ fear ina ṡuí ar ḃarr na toinne, agus caipín dearg ar a ċeann.

"Do ċonaic daoine eile, leis, an rud céanna, is do ċoimeádadar raḋarc air nó gur ċuir sé Ceann Sléiḃe ó ḋeas de. B'in í an tonn ċéanna do ġaiḃ go dtí an cúigear cailíní úd, agus a sciob ċun siúil iad.

"Is mór an méala agus an brón a ḃí ar a muintir agus ar an bparóiste go léir—ċeiṫre Máire dob ḟearr a ḃí in Éirinn agus Máiġréad Ḃán. Is dóiġ liom nár ċuaiġ éinne timpeall na háite ó ṡin anuas don trá ag baint ḃáirneaċ Luan Cásca ná Saṫarn Cásca."

"Is iontaċ an scéal é sin," arsa Míċeál, ag baint béim-ġrisc ón dtine leis an dtlú.

"Ó, a ṁic ó, bíonn rudaí ċoṁ hiontaċ leis ag titim amaċ," arsa mise.

"Ná raiḃ scéal an ċailín gur rug an fear greim ar láiṁ uirṫi timpeall na háite céanna ċoṁ hiontaċ leis?" arsa Míċeál.

"Conas san?" arsa mise, agus gliondar an domain orm, mar ċuirinn an-spéis i scéalta aite den tsórt san. Ḃí an méid sin ag baint liom ó ḃíos óg.

"Ḃí ceaṫrar cailíní ó Ċill Ṁic an Doṁnaiġ—cailíní breáṫa ab ea iad—agus d'imíodar tráṫnóna breá Fóṁair ag baint ḃáirneaċ. Is béas leis na báirniġ an tráṫ san den mbliain ḃeiṫ ag snáṁċán ar na cloċa le buiú na gréine. Ḃí na cailíní ag baint agus ag bailiú na mbáirneaċ—báirniġ ṗúcaí a tugtaí orṫu. Ḃí cailín acu, Eiḃlín Ní Ṡúilleaḃáin, ṫíos mar a raiḃ log sáile ina stad. Do ċonaic sí cuid

de sna báirniġ ag snáṁċán istiġ fé ċab na cloiċe in aice léi. D'isliġ sí síos is do ṡáiġ isteaċ a láṁ, aċ má ṡáiġ, rug láṁ eile greim uirṫi, agus níorḃ ḟéidir léi an láṁ do ṫarraing. Liúiġ sí ar an gcuid eile, is nuair a ṫángadar mar a raiḃ sí níorḃ ḟéidir leo an láṁ a ḃogaḋ. B'éigean dóiḃ Eiblín d'ḟágaint ina ndiaiḋ, agus imeaċt i ndeireaḋ a n-anama ċun tuairisc a ṫaḃairt dá muintir go raiḃ sí i mbaol a báite.

"Do ċoinniġ an láṁ istiġ greim an duine ṁairḃ ar láiṁ Eiblín nó go raiḃ an t-uisce trí slata ar an dtaoḃ ṫuas di ar an dtráiġ. Sin é an uair a bogaḋ an greim dá láiṁ. Nuair a ṫáinig a muintir mar a raiḃ sí, ḃí sí i ndeireaḋ na feide ag an scanraḋ a ḃí faċta aici. Ḃí daoine 'á rá gur portán a rug greim uirṫi aċ níor ġéill sí féin gurḃ ea."

"An í sin, a Ṁícíl, an cailín gur ṫairg an captaen loinge deiċ bpuint ar ċúpla tát dá cuid gruaige?"

"Sin í agat díreaċ an cailín céanna."

"N'ḟeadar, a Ṁícíl, cad é an cúram a ḃí ag an mbreallsún dá cuid gruaige?"

"Ḃí, a ċailín, go ndéanfaḋ sé peiribic di."

Sin é mar ḃíoḋ an seanduine boċt dorċa agus mé féin ag cur an tsaoil dinn—tamall bog agus tamall cruaiḋ.

[*Tá na leathnaigh seo dá gcur sa chló Rómhánach ionas go bhfaigheadh micléinn eolas ar léamh na Gaeilge sa chló sin*]

XXI.—SCÉALTA COIS TINE.

An bhean do chuaigh le faill. An rinceoir san oíche. Píobaire na haille. Bríde Liath, agus mar do chuir sí an duine deiridh dá clainn.

LE linn na haimsire sin bhíodh a lán stróinséirí ag teacht chun an Oileáin ó am go ham, agus is minic a chaithidís tamall fada nár dteannta. Ní bhíodh cíos, cás, ná cathú orm an fhaid a bhídís im fhochair. Ba mhór an t-éadromú ar mo chroí bheith ag caint leo agus ag stealladh Gaeilge. Ba lúcháir lem chroí iad a bheith ag teacht agus ag imeacht uaim gach tráthnóna. Bhíos im shórt múinteora acú. Is minic a thugainn sclamh orthu, toisc a dhaille a bhídís, ach bain fíorbharr na cluaise deise anuas díom nár ghá dhom an tarna sclamh a thabhairt. Bhíodh an focal nó an cheist ar bharr teangan acu an tráthnóna a bhíodh chugainn.

Bhí beirt stróinséirí ar an mbaile uair, agus is beag lá ná tugaidís cuaird orainn am éigin. Tráthnóna áirithe do bhuaileadar chugam isteach, agus chun na fírinne a rá bhí fáilte agam rómpu an tráthnóna céanna. Bhí an bháisteach ag titim go trom amuigh; ach má bhí, bhí tine bhreá dhearg agam rompu, mar bhí súil agam go dtiocfaidís. Seán agus Séamas a

n-ainmneacha, ach níl fios a sloinne agam. Níor thugas riamh ar Sheán ach Seán Fada. Ní raibh an Ghaeilge ar fheabhas aige sin, ach do bhí sí maith go leor ag an bhfear eile. De dheascaibh gan an Ghaeilge do bheith ag Seán, bhíos ag déanamh mo dhíchill dó, agus is beag oíche ná go mbíodh scéal nó duain éigin agam dó.

Do bhíomar nár suí le hais na tine go seascair. D'fhiafraíos féin de Sheán an raibh sé ar an gcnoc inniu.

" Bhíos ag an dTúr," ar seisean. " Nach álainn an radharc atá ann!"

" An rabhais chomh fada le Cuas Fhaill-Bheag?" arsa mise.

" Ní rabhas," ar seisean, " ach do bhíos an lá fé dheireadh ann. Is diamhair ard an cuas é."

" Cad deireann tú leis an mnaoi a thit síos ann, agus nár maraíodh?" arsa mise.

" Ní chreidfinn," arsa Seán, " dá dtitfeadh madra ann ná go marófaí é."

" 'Om basa mhuise, a Sheáin, bheadh dearmad ort ansan. Do thit an bhean ann, agus níor maraíodh í."

" Eachtraigh dúinn, a Pheig!" ar seisean.

Do fhliuchas fáthanna mo bhéil, agus shocraíos mé féin ar mo stóilín sa chúinne, is do chuireas gothadh na cainte orm féin.

" Sea, a fheara na páirte," arsa mise. " Do bhí beirt bhan san Oileán le linn mise do theacht ann, Mol agus Máire Ní Chearna. D'imíodar tráthnóna breá ag baint féir faille go Cuas Fhaill-Bheag, mar ní raibh coirce flúirseach an bhliain sin. Bhíodar istigh i bhfód mór i lár na faille, áit go mbíodh nead ag iolar. Bhí féar breá fada ar an bhfód so, toisc ná raibh ar chumas an ghabhair féin dul mar a raibh sé.

Ach do bhí an bheirt bhan so chomh hoilte leis an ngabhar féin an uair úd. Tharla gur bhain tionóisc éigin do Mhol, agus do thit sí. Le gach scread uaigneach a chuireadh sí aisti bhaineadh sí macalla amach as an bhfaill.

" Nuair a chonaic Máire Ní Chearna an radharc gránna san, a páirtí grámhar, Mol, ag titim síos, d'imigh a meabhair uaithi. Níor chuimhin léi riamh conas a tháinig sí go barr na faille. Níor fhéach sí ar a cúla go raibh sí Leaba an Duine Mhairbh soir. Do chuala sí Mol ag glaoch uirthi, ach do shíl an bhean bhocht, ní nach ionadh, gurbh é a scáth síorraí a bhí ann. Dá mhéid siúil a bhí aici, bhí Mol ag teacht suas léi. Nuair a tháinig sí ar Mhám na Leacann níorbh fhéidir léi dul a thuilleadh. Bhí an bhean bhocht tabhartha amach ag an gcoisíocht ' Pé acu marbh nó beo thú,' arsa Máire, ' ní féidir liomsa dul a thuilleadh. Táim i radharc na ndaoine anois.'

" Ní fada a bhí sí suite nuair a tháinig Mol. D'fhéach Máire idir an dá shúil uirthi.

" ' A Dhia na bhFeart! cé acu marbh nó beo ataoi?' ar sise.

" ' Beo, gan amhras!' arsa Mol. ' Cad 'na thaobh nár fhanais liom nuair a ghlaos ort?'

" ' A bhean an chroí istigh,' arsa Máire, ' conas d'fhanfainnse leat is gur shíleas go rabhais ar an saol eile?'

" ' Níl seoid orm,' arsa Mol, ' ach go bhfuil mo chnámha brúite. Ach ar son Dé, ná hoscail do bhéal le héinne air, mar do dhéanfaí stáicín áiféise díom.'

" Ach mo mhairg! níor rug ar Mháire teacht abhaile nuair a bhí an scéal ar a gob aici."

" Dia Mór le m'anam!" arsa Seán, " conas a mhair sí?"

" Ní mharódh an riach na mná a bhí an uair úd ann, a Sheáin," arsa mise. " Beir leat, a dhalta, nach é craiceann na bunóice a bhí ar bhonnaibh a gcos. Bhí sé chomh righin leis an seithe a bhí ar an bhFionnbhléineach fadó. Bhíodar chomh cruaidh, chomh láidir le haon fhear. Ach ní mar sin atá na mná atá ann anois. Níl iontu ach comharthaí sóirt ar a ngualainn siúd, go dtuga Dia an bheatha shíorraí dá n-anam! .

" Do bhuail Mol liom seachtain ina dhiaidh sin is d'fhiafraíos di an raibh scanradh uirthi, nó arbh fhíor gach a ndúirt Máire Ní Chearna ina taobh.

" ' Is fíor, a dhalta, ach ní raibh am agam chun aon scanradh do theacht orm. Ach, dar ndóigh, bhí deireadh liom, ach fé mar adúirt an fear fadó ' Níorbh fhearr Éire ná orlach.' Do stop tortóg rabháin mé tar éis titim i bhfad síos. Is mó go mór an scanradh a chuir an púca a chonac fadó orm ná é.'

" ' An ea a chonaicis é, a Mhol? ' arsa mise.

" ' Mara bhfaca é, do chuala é! ' ar sise. ' Bhímis ag sníomh an-dhéanach san oíche an uair úd. Bhíodh bean againn ag sníomh, agus an bhean eile ag cardáil. Ó Dhúnchaoin ab ea an bhanóirseach a bhí agam féin, agus ó bhí sí ag dul abhaile lá arna mhárach mar dob é an Domhnach é, bhí sí chun na hoibre do chríochnú. Ach do bhíos féin ag titim dem chodladh,' arsa Mol, ' is níorbh fhéidir liom faic a dhéanamh di. Do thosnaigh sí ar phort do sheinnt— ' An Maidín Rua.' Ní raibh ach an port tosnaithe aici nuair a chrom an rinceoir ar an bport do bhualadh ar lic an dorais lasmuigh. Do chuir Bríde Liath cluas uirthi féin.

" ' A Mhol,' ar sise, ' an gcloiseann tú éinní? '

"'Om baiste go gcloisim,' arsa mise.

"Thug Bríde aon phoc-léim amháin ón dtuirnín, is do chuaigh ar an dtaobh istigh de Dhiarmaid, an fear so agamsa. Seo liomsa ina diaidh! D'imigh Bríde abhaile an lá arna mhárach, is níor tháinig sí don Oileán riamh ó shin.'"

"Ní fheadar cé bhí ag rince ar lic an dorais an t-am míthráthúil sin, a Pheig?" arsa Seán liom.

"Cá bh'fhios dom, a dhalta?" arsa mise, "ná ní raibh 'fhios ag Mol féin ach chomh beag liom. Is dócha gur scáth síorraí éigin a bhí ann, má tá a leithéidí ag imeacht."

"An fíor go bhfuil rudaí mar sin ag imeacht imeasc na mbeo?" arsa Seán.

"Deir daoine go bhfuil," arsa mise. "Is cuimhin liom nuair a bhíodh comhthionól rince acu ar an Móinteán. Píobaire an ceoltóir a bhíodh acu. "Píobaire na Gruaige," a tugtaí air, mar bhí folt fada, trom, liath gruaige air. Bhí fear de Mhuintir Shúilleabháin sa Chom an uair sin. Rinceoir iontach ab ea é, is do bhí dúil mhillte sa cheol aige. Tráthnóna Domhnaigh tar éis dinnéir, tháinig sé ar an Móinteán, ach má tháinig ní raibh ceol ná rince ann an tráthnóna céanna, mar bhí an píobaire bocht tinn. Thit an lug ar an lag ag Tomás Ó Súilleabháin. Sháigh sé a lámha go pócaí a bhríste, agus d'iompaigh siar ar an gComh arís. Bhí an tráthnóna an-bhreá, is an fharraige ciúin. Bhí sé ina lag trá mara san am céanna. Nuair a bhí sé barr Cuas na gColúr siar, tuigeadh dó gur chuala sé an ceol féna bhun. D'fhéach sé thar bruach na faille síos. Chonaic sé píobaire ina shuí ar lic bhreá réidh chloiche a bhí in aice lag trá,

is é ag seinnt go bog binn. Do thóg an ceol a chroí le buíú na gréine. Seo síos é tríd an gcasán caol anacair, is níor stad sé nó gur sheasaigh sé os comhair an phíobaire amach. Chomh luath is do sheasaigh sé ann, do stad an píobaire. Ach do labhair Tomás go misniúil leis, mar do shíl sé i láthair na huaire sin gur fear saolta a bhí ann.

"'Seinn greas dom, más é do thoil é!" arsa Tomás. "Ba mhaith liomsa babhta rince a dhéanamh.'

Do thosnaigh an píobaire ar sheinnt, is stad níor dhein sé go raibh Tomás sásta go maith.

"'Go raibh míle maith agat,' arsa Tomás. 'Is tú an píobaire is fearr do sheinn ceol píbe riamh.'

Do chuir an píobaire a phíobaí ina mhála gan oiread agus focal do rá. D'fhág Tomás ansan é, agus é ag féachaint siar ó thuaidh ar Bharra Liath. Níor fhéach Tomás ina dhiaidh gur chuaig sé go barra na faille. Nuair a bhreathnaigh sé uaidh síos ar an lic, ní raibh tásc ná rian an phíobaire le fáil aige. Tháinig crith cos agus lámh air le huaigneas, is thug sé sé mhí fhada tinn ar a leaba."

"Ach níor tháinig an bás ar chuaird chuige?" arsa Seán.

"An riach ar tháinig, mhuise, cé go ndúirt a lán daoine gurbh é bhí ag an bpíobaire dá thuar.

"Deirfiúr athar do Thomás ab ea an Bhríde Liath úd gur dheineas tagairt cheana dhi. Is mór an trioblóid agus an anacair gur ghaibh sí tríd i dtús a saoil. Bhí sí pósta sa Chom in aimsir an drochshaoil. Do bhí ochtar clainne aici, ach má bhí, níor mhair éinne acu. Chuir an ghorta chun báis cuid acu, ach ní hí an ghorta a chuir chun báis iad go léir, ach ar lean í, Dia idir sinn agus an t-olc! Bhí seachtar clainne agus a n-athair curtha síos 'on chill ag Bríde,

is ní raibh beo ach í féin agus an iníon ba shine, an cailín ba dheise is ba bhreátha dá raibh i gCiarraighe le sinsireacht. Ach chun an scéil a dhéanamh níos measa, do cailleadh an iníon, slán mar a n-instear é.

" Ach níorbh aon scéal nua é sin san am úd. Ní raibh éinne ag Bríde a dhéanfadh aon treoir di, mar bhí na daoine go léir go lagbhríoch, is b'éigean di féin corp na hiníne a thabhairt léi don reilig. Ba chruaidh an cás ar an mnaoi bhoicht é. Is amhlaidh a fuair sí téadán féir, is bhuail thar com na hiníne aniar é. Ansan d'fháisc sí ar a com féin é, is do bhuail dhá láimhín na hiníne a bhí gan anam aniar ar a dhá gualainn. Sin mar thug sí go Teampall Bhaile na hAbha í, tamall ag siúl, tamall ina stad. Chonaic bean ó Bhaile an Ghleanna ag gabháil thar bráid í. Nóra de Lúndra ab ainm di. 'Go bhféacha Dia orainn, a Bhríde,' ar sise, ina haigne féin, 'is cruaidh an greim atá ar do chroí inniu, agus taoi féin go lagbhríoch leis an ocras. Dá mb'fhéidir liom éinní a dhéanamh duit!'——

" D'iompaigh sí isteach don tseomra is thug sí léi sé cinn de phrátaí as ladhar síl a bhí aici, is chuir sí ag beiriú fén ngríosaigh iad, d'fhonn is go mbeidís ullamh aici nuair a gheobhadh Bríde aníos.

" Nuair a bhain Bríde an reilig amach lena hualach féin ní raibh sé ar a cumas an uaigh d'oscailt, ach tháinig ceathrar fear ó Bhaile na hAbha, is do chlúdaíodar na fóid ar an inín di.

Chomh luath agus a bhí an fód déanach ar an uaigh dúirt Bríde os ard: 'Codlaíg' go suaimhneasach i suaimhneas síorraí, a chlann ó agus a chéile chneasta! Ní baol go músclófar sibh go dtiocfaidh an mhuir aduaidh is go n-iompóidh an fiach dubh gléigeal! Ná bíodh eagla oraibh, a chlann ó, gur baol díbh ocras

ná tart! Tá bhur sáith i Sruthán na Glóire chun bhur dtart a mhúchadh inniu. Fágaim sibh in bhur suan i ngrásta Dé nó go seinnfidh an tAingeal an trúmpa an lá déanach!'

" Bhí an ceart ag Bríde, mar níor baineadh fód den uaigh sin riamh ó shin. Thug sí a haghaidh ar an mbaile, ach do bhí Nóra roimpi.

" ' Téanam liom isteach, a Bhríde bhocht!' ar sise, ' Tá an tráthnóna fada go leor agat chun gabháil siar.'

" ' Mhuise, a Nóra, níl aon ghnó siar agam feasta. Tá mo chuid den áit thiar curtha agam síos go talamh Dé inniu.'

" ' Ná bac san, a Bhríde. Tar isteach. Tá luthóg fén ngríosaigh agam id chomhair. Buail isteach, agus íosfaidh tú iad, agus déanfaidh sé neartú ar do mhisneach i gcomhair an bhóthair fhada.'

" ' Mhuise nár chuire Dia fios mo ghalairse go deo chugat!' arsa Bríde.

Shuigh sí cois na tine, agus thug Nóra chuici braon bainne, is bhuail sí na prátaí rósta os a comhair amach.

Rug Bríde ar cheann de sna prátaí ina láimh, is dúirt de ghuth ard:

" ' Mhuise buíochas le Dia, mar phráta, nach tú atá fágtha i mBaile na hAbha agam!'

" Do bhain san deor ó shúil Nóra, mar do bhí 'fhios aici go dian-mhaith go raibh gá ag Bríde san am san leo.

" Chuaigh sise abhaile, ach má chuaig ní mór an staidéar a dhein sí ann. Tugadh tine don dtigh beag agus dódh é. D'fhág san Bríde gan tigh, gan treabh, gan fear, gan chlann, ach oíche anso, agus eadartha ansúd aici. Bhí sí an-chliste chun sníomh lín agus olla, agus d'fhág san gan ceal oibre í. Is amhlaidh

a bhí straçadh uirthi ag daoine. Mhair sí go raibh sí in aos a deich mbliana is cheithre fichid."

"Is iontach an scéalaí thú, a Pheig!" arsa Seán. "Is iontach ar fad na heachtraí breátha atá ar eolas agat. Ach is dócha, a Pheig, go bhfuil sé in am soip."

"Tá," arsa mise. "Beidh oíche eile ag an bPaorach agus Éire ag Cáit Ní Dhuibhir."

XXII.—EACHTRAÍ BHAIN DOM.

Gabhair tobac orm. Mo dhúidín ag an gcoileán. Ortha an Ghreama, agus mar deineadh ar dtús í. An madra a bhain greim as mo chois. Mé féin is dochtúir an Bhéarla. Lucht na Gaeilge san Oileán.

THÍ stróinséir eile ar an mbaile, Pádraig Breathnach, agus is minic a bhíodh sé chugam isteach chomh maith le cách. Fear grinn is cuideachtan ab ea Pádraig, agus aon oíche ná tagadh sé go dtí an tigh do bhíodh uaigneas orm. Ba ghnáthach leis, nuair a théadh sé go Dúnchaoin, go mbíodh scéal éigin grinn ag teacht aige, agus nuair a thagadh sé chugainn ag caitheamh smut den oíche, ní bhíodh aon uaigneas orainn. Bhí lá an-bhreá ann agus chuaigh Pádraig ar an dtír. Ba an-mhaith leis bheith ar an bhfarraige i gcónaí.

" N'fheadar," arsa mise le Mícheál, " an dtabharfaidh ár gcara geal, Pádraig, aon chuaird anocht orainn ? "

" Is beag an baol, le cúnamh Dé," arsa Mícheál. " Beidh a lán scéalta nua aige tar éis teacht ó Dhúnchaoin anocht," agus bhuail sé amach do féin.

Níorbh fhada a bhí sé imithe amach nuair a tháinig dúil i ngal tobac agamsa. Is dóigh liom go bhfuil mallacht ar éinne go bhfuil dúil i dtobac ná i snaois aige, agus go mórmhór in oileán mar seo, mar ní i gcónaí a bheidh dul ag duine air, ná ar a lán gréithre nach é. Bhí mo shean-dhúidín cré ullamh agam, is dar mo bhriathar bhí an dúidín céanna gach uile lá

aoise leis an sean-túr a bhí ar bharr an chnoic. Bhí rian a ceirde go maith uirthi. Creid mé, a léitheoir, go raibh!

Bhuaileas uaim ar lic na tine í, is b'eo liom ag cuardach cáithne tobac a chuirfinn inti, ach ní raibh éinní ag bualadh liom. Ag méadú orm a bhí an dúil. A dhuine, níor fhágas cúinne ná poll go mbíodh taithí agam blúire do chur as mo láimh ann nár chuardaíos agus nár ath-chuardaíos, ach an riach blúire a bhuail liom. Ní raibh Taidhgín riamh chomh holc le gabhair an tobac is bhíos-sa i láthair na huaire sin.

Cad a dheineas ná dul mar a raibh bosca an té go gcuirfinn gráinne dhe im dhúidín. Ach, nuair a thánga ar an lic, ní raibh mo dhúidín ann romham!

"A Dhia na bhFeart!" arsa mise, "cad tá orm inniu? Tá gabhair an tobac orm gan aon bhréag. Thabharfainn a bhfuil de leabhra breaca ag an bPápa gur bhuaileas ar an lic é, nuair a chuas ag cuardach an tobac, agus féach anois an leac chomh glan le criostal gan dúidín dá siúl! Dá mbeadh aon bhrí sna mairbh go mbeidís ag magadh fúm . . . Ach cad é an chúis a bheadh acu orm? Ná raibh dúil acu féin sa tobac nuair a bhíodar mar mé?"

Ar m'fhocal, a léitheoir, go rabhas chomh cráite le scadán rósta! An té ar mo bhois, mo cheann san aer, is mé ag imeacht ar fuaid an urláir mar bheadh fear meisce. Ach ní raibh mo dhúidín le fáil!

Seo liom amach ar an bport féachaint an mbuailfeadh aon tsoláthar amuigh liom. Do bhreathnaíos uaim síos in íochtar na buaile. Do bhí lúbaire coileáin a bhí againn ansan agus cnagarnach aige dá bhaint as rud éigin a bhí aige dá chogaint. Chuas chuige

síos, agus cad a bheadh aige ach mo dhúidín agus í meilte aige nach mór lena fhiacla!

" Mhuise, mallacht Mhuisire ort, a bhioránaigh! más tusa atá ag baint spóirt as mo dhúidín tar éis a bhfuil dá cuardach déanta agam! "

Chuir sé cluas air féin. D'aithnigh sé go maith go raibh an bhithiúntaíocht déanta aige.

Ar filleadh dhom, bhí Mícheál tagtha chun an tí, is ní baol ná go raibh gal tobac ansan agam. Is é bhíos a chuimhneamh gur mhór mar phrioc an mí-ádh mé is cos pípe do chur im béal riamh. Ach gach éinne is a ghalar féin air, is dócha!

Bhíos suite ansan, agus néall deataigh agam 'á baint as an bpíp. Cad a chífinn chugam isteach ach fámaire cait a bhí againn, agus sicín le Máire, comharsa béil dorais dom, ina bhéal aige. Bhain sé geit asam, mar dheineas amach go cinte go mbeadh fearg ar Mháire chugam dá mbeadh fhios aici gurbh é mo chatsa do mharaigh an sicín. Seo liom i ndiaidh an chait is " Puisín! puisín! " agam, le súil is go gcaithfeadh sé uaidh an sicín. Bhí an phíp mhór fhada chailce ag rince im bhéal toisc ná raibh im bhéal ach dhá fhiacail chun greim do choimeád uirthi. Do rith liom san a dhéanamh go dtí an doras. Ach, mo thubaist! bhíos chomh tógtha san suas ag an gcat gur dheineas dearmad ar ghreim do bhreith ar an bpíp lem láimh. Thit sí ar lic an dorais, agus deineadh brúscar di! Nuair a chonaic Mícheál briste í, is é rud adúirt sé: " Mhuise, thar ceann do shláinte dhi, a bhean bhocht! "

D'imigh an cat agus dhein sé gnó glan den sicín agus de cheann eile ina dhiaidh is mara mbeadh go ndúrt le Seán—b'é siúd céile Mháire—faire a bheith ar na sicíní aige ní fhágfadh an cat breac ceann beo

acu. Ach níor éirigh leis an mbithiúnach aon cheann eile a chogaint.

Le titim na hoiche do bhuail Pádraig agus a chomplacht an doras isteach.

" Dé bhur mbeatha, a mhic ó!" arsa mise.

" Go maire tú slán beo!" arsa Pádraig.

" Is dócha go bhfuil a lán scéalta nua agat tar éis an lae?"

" Mhuise, níl mórán," arsa Pádraig. " Is dócha go bhfuil scéal agat féin."

" Ar mh'anam go mbeadh scéal maith agat dá mbeifeá ag féachaint ormsa inniu!"

" Cad a bhí ort, a Pheig?" arsa Pádraig.

" Bhí gabhair an tobac, a bhuachaill, má bhí sé ar aon tseanbhean riamh."

" Níl dúil mar sin agatsa ann, a Pheig," arsa Pádraig.

" Is dóigh liom ná fuil sí ag caitheamh éadaigh aon tseanbhean eile is mó go bhfuil dúil aici ann ná mé!" Is do chromas ar scéal na pípe d'insint dóibh, agus mara bhfuaireadar sult as níor lá fós é.

" Cá bhfuil Mícheál, a Pheig?" arsa Pádraig.

" Tá sé sa leaba. An riach mé gur bhuail greim é. Níl sé ag fáil a mhisnigh ansan le tamall, an fear bocht."

" An féidir éinní a dhéanamh dó?" arsa Pádraig.

" An riach é, mara ndéanfadh Ortha an Ghreama aon mhaith dhó," arsa mise.

" An measann tú go ndéanfadh?" arsa Pádraig.

" Is minic a chuala nár deineadh d'éinne riamh í ná go bhfaigheadh fuascailt."

" Ní hionadh go bhfuil sí go maith mar sin," arsa Pádraig.

“ Tá maith agus leigheas ag Máthair Dé trí chumhachta a hAon-Mhic Ghlórmhair,” arsa mise. “ Is í a dhein an ortha san ar dtús. Mar seo tharla.

“ Bhí an Mháthair Bheannaithe agus a hAon-Mhac ar aistear fada. Bhí Sé in aos a shé mblian, is bhí an bóthar ró-mhaith dhóibh, is bhíodar traochta amach. Ní raibh aon tigh ag bualadh leo go bhfaighidís bheith istigh go maidin, ach fé dheireadh do chonaiceadar tigh beag tamall uathu. Luathaíodar sa tsiúl, mar bhí an déanaí ag teacht orthu. Nuair a shroicheadar an tigh, ar dhul isteach dóibh, ní raibh rompu ach bean an tí. D’iarr an Mhaighdean go cneasta, dá mb’é a toil é, iad d’fhágaint istigh go maidin, mar go rabhadar tnáite ag an mbóthar fada.

“ ‘ Níl aon tslí do lucht siúil sa tigh seo! ” ar sise, agus foghar an doichill ina caint.

Ansan do bhuail an Mhaighdean agus a Mac beag an doras amach. Ach cé bheadh ina gcoinne ach fear maith an tí.

“ ‘ Dia dhíbh, a lucht siúil! ’ ar seisean.

“ ‘ An Dia céanna dhuit, a mhic! ’ arsa an Mhaighdean.

“ ‘ Tá an déanaí ann anois,’ ar seisean. ‘ Gluaisig’ isteach liomsa.’

“ ‘ A fhir mhaith,’ arsan Mhaighdean, ‘ do bhuaileamar isteach chun do thí cheana, agus dúirt do bheanchéile linn ná raibh slí dár leithéidí aici.’

“ ‘ Deirimse go bhfuil,’ ar seisean, ‘ agus nára maith aici.’

“ Do chasadar thar n-ais lena chois, ach nuair a chonaic an bhean arís iad, tháinig rabharta feirge uirthi chun fear an tí.

“ ‘ Tabhair biadh agus deoch don lucht taistil seo,’ ar seisean go séimh léi.

" 'Tabhair féin dóibh é, más fada leat a bheidh ocras orthu!' ar sise, agus faobhar ar a guth.

" Bhíodar mar sin, ag bearradh agus ag bruíon le chéile go haimsir chodlata. Ansan, do chuir fear an tí an leanbh ina luí ar cholg, mar ní bhfaigheadh sé éadaí ón mnaoi bhuile a bhí aige. Tar éis dul a chodladh dhóibh ní raibh aon mhaolú ag teacht ar an mnaoi bhoirb.

" 'Nach mór an trua fear mánla do bheith ag a leithéid de mhnaoi, a Mhic mo chléibh!' arsa Muire.

" 'Níl leigheas air, a Mháthair, ach an fear maith do thógaint as an slí.'

" 'Is trua san, a Mhic—fear chomh maith leis!'

" Lena linn sin do bhuail greim an bháis fear an tí. Do bhéic sé—'Ó, a Dhia, dein trócaire orm! Táim caillte!' Do bhí an phian ag méadú agus ag méadú, agus ar deireadh, ní hí Muire ná an Leanbh Íosa a bhí ag cur tinnis ar an mnaoi, ach a fear féin.

" 'A Mhic mo chroí,' arsa an Mhaighdean Muire, 'tá pian an fhir mhaith ag goilliúint orm. Nach mór an trua an chaoi go bhfuil sé! Éirigh agus déin an mhaith!'

" 'Éirigh féin, a Mháthair, agus déanfadsa an mhaith!"

" D'éirigh Muire, Máthair Dé, agus chuaigh sí go dtí an leaba mar a raibh an fear tinn, chuir a dearna agus dearna an Linbh leis an áit go raibh an greim, ag rá:

'Fear séimh ag mnaoi bhoirb
Do chuir corp Chríost ina luighe ar cholg;
Dearna Mhuire agus a Mic leis an ngreim,
In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid
    Naoimh.'

" Ar an láthair sin d'imigh an phian, agus do bhí an fear chomh maith agus bhí sé riamh."

" Ná bainfeá triail aisti, a Pheig?"

" An riach go bhfuil chomh maith againn. Tar liom."

D'éirigh Pádraig den gcathaoir, agus bhuail beirt againn an staighre suas. Nuair a chuamar isteach don tseomra mar a raibh an fear tinn, fuaireas féin braon uisce coisreacan agus loca beag cadáis, is do chrothas an t-uisce coisreacan air. Ansan chuamar ar ár nglúine is bhuaileas isteach an cadás leis an mball go raibh an tinneas, agus dúrt Ortha an Ghreama. Bhí Pádraig am thabhairt fé ndeara.

Níorbh fhada ina dhiaidh sin gur dhein an fear tinn sraoth.

" Cabhair Dé chugainn! " arsa mise. " Tá feabhas aige! "

" N'fheadar an bhfuil maitheas chuige? " arsa Pádraig.

" Tá gach aon dealramh go bhfuil, a Phádraig," arsa mise, ' mar níor tháinig sraoth as cheann marbh riamh! "

Scathamh beag ina dhiaidh sin, d'éirigh sé anuas cois na tine, is dar ndóigh, is ar an gcuideachtain a bhí an t-ionadh nuair a chonaiceadar an fear a bhí ar a bhealach go Flaithis Dé cúpla uair an chloig roimhe sin.

" Bhí an ceart agatsa, a Pheig, nuair a dúrais go raibh maith agus leigheas ag Máthair Dé trí Chumhacht a hAon-Mhic! " arsa Pádraig.

" Is fíor," arsa mise, " nár eitigh Sé riamh a guí, céad moladh agus buíochas go hard lenA Ainm Naofa! "

Bhí Mícheál ina shuí ar an gcathaoir ansan, agus é ag duanaireacht mar ba ghnáth leis.

"An bhfuil an taom tinnis imithe anois?" arsa Pádraig.

"Tá, buíochas le Dia!" arsa Mícheál.

"Is maith í an tseanbhean!" arsa Pádraig.

"Tá sí go maith dhomsa, ach go háirithe," ar seisean.

"Is dócha gur minic a bhí taom tinnis ort féin, a Pheig?" arsa Pádraig.

"Fágaim le huacht ag an saol go bhfuil mo chorp reamhar ag na tinneasaí céanna, cé nár bhraitheas riamh aon tinneas ba ghéire agus ba chruaidhe ná greim a bhain madra fadó as mo chois. Shíleas go gcuirfeadh sé as mo mheabhair mé ach is beag an trua a bhí ag fear an mhadra dhom. Ní mharódh sé é dá mba rud é go mbeadh mo leath ite aige. Bhí an chos an-thinn, is a lán daoine 'á rá liom ná cneasódh sí go dtí go marófaí an madra. Dúirt bean an tí liom—'Tá an dochtúir ag gabháil an bóthar aníos, agus bí fé n-a bhráid ag an gcrosaire. B'fhéidir go dtabharfadh sé oideas éigin duit.'

"Is ar éigean a bhíos ábalta ar dhul go dtí an crosaire. Bhíos ann roimhe. Bhí sórt aithne aige orm. D'fhiafraigh sé cad d'imigh orm. Dúrt leis gur amhlaidh a bhain madra greim as mo chois.

"'Bain di an fáisceán go bhfeicead í,' ar seisean, i mBéarla—

"Nuair a fhéach sé ar mo chois:

"'Go n-ithe an diabhal tú!" ar seisean.

Fear fiáin mallaithe ab ea é. Ba mheasa dhuit an fhéachaint a thabharfadh sé ort ná buille dhorn ó dhuine eile.

"'Cé leis an madra?' ar seisean.

" Dúrt leis gur le Micil Philib é. Bhí báidhíocht aige le Micil, agus níor mhaith leis an madra a mharú. Is é dúirt sé liom bheith ag ní mo choise le huisce bog agus le gallúnach.

" ' Mhuise, nára fada go mbeidh an níochán déanach ort féin, a bhioránaigh! ' arsa mise.

" Bhuail sé uaim an bóthar ó thuaidh, ach ní abhaile a thánga-sa ach bualadh liom suas go Mícheál Philib. Ní raibh éinne istigh san am céanna ach é féin.

" ' Cad tá anois ort? ' ar seisean.

" ' Bhíos ag caint leis an ndochtúir, agus dúirt sé liom a rá leat mara mbeidh an madra marbh agat nuair a gheobhaidh sé aduaidh, go gcuirfidh sé beirt phóilíní ón nDaingean chun é lámhach."

Bhí bréag curtha ar an ndochtúir agam.

I gceann deich neomataí ina dhiaidh sin chuala Donncha, mac Mhichíl, ag glaoch ar an madra.

" Nuair a ghaibh an dochtúir aduaidh do bhí an madra crochta le crann sa gharraí. Chuaigh Doncha féna bhráid ag baint sásaimh dó. Sin é an uair do bhí an fhearg dáiríribh ar an ndochtúir. Níor fhág sé deamhan in Ifreann gan cur im dhiaidh. Bhí mo chos cneasaithe ach riamh nó go bhfuair sé bás níor mhaith liom bualadh leis, ar eagla go dtabharfadh sé aghaidh bhéil orm.

" Ach do tharla go bhfuair sé sa ghreim mé fé dheireadh. Is é bhí ag teacht go dtí an tOileán ag gearradh na bolgaí ar na páistí. Is é an áit go mbíodh na mná go léir bailithe ná i dtigh na scoile, gach éinne is a leanbh féin aici. Bhíos féin ann, pé scéal é, agus mo mhac Muiris, a bhí in aois a dhá mhí dhéag san am san. Bhí an dochtúir thíos ag an mbord, agus múinteoir na scoile ina theannta. Bhí sé ag glaoch ar na hainmneacha do réir an liosta bhí aige.

Nuair a ghlaoigh sé ar m'ainm féin as Béarla d'fhreagraíos dó. Ansan d'fhiafraigh sé dhíom cad é an t-aos a bhí an páiste? Ara, a dhuine na n-árann, tá sé ráite go ' n-imíonn rith focail ar shagart an pharóiste.' D'imigh rith focail ormsa leis mar, in ionad " dhá mhí dhéag " a rá dúrt " twelve years "! Nuair a chuala sé an freagra a thugas air, tháinig rabharta feirge air. Seo chugam aníos é, agus solas buile ina dhá shúil. Sin é an uair a thuigeas go raibh botún déanta agam.

" ' Gaibh mo leathscéal, a dhochtúir! Rith focail a d'imigh orm! ' arsa mise; ach dar ndóigh níor thuig sé mo chaint. Dúirt an múinteoir leis foighne a bheith aige, go raibh an ceart agam.

" ' Níl an ceart aici! ' ar seisean. ' Is ag magadh fúm atá sí. Tá tamall ó chuir sí bréag cheana orm. Ach ní bheidh sí i dtaoibh leis! '

" Bhí sé os mo chionn in airde anois, agus fionnadh na feirge air. Níor fhéadas gan gáire a dhéanamh, dá mhéid scanradh a bhí orm.

" ' A dhochtúir,' arsa mise, ' is álainn an fear tú, Dia ad bheannachadh, mara mbeadh an dá shúil atá agat! Ar mh'anam go scanróidís sin an té is misniúla a tháinig riamh! '

" Do gháir an múinteoir, agus b'éigean don ndochtúir gáire nuair a thuig sé cad dúrt, is d'iompaigh leis síos go dtí an bord."

XXIII. AN CHAIBIDIL DEIREANNACH.

TÁ sé ráite gurb é an chreach dheireannach an chreach is tinne linn. Níl ach beagán aimsire ó fuaireas tuairisc mo mhic, Pádraig, a fuair bás san Oileán Úr. Má saolaíodh éinne dem shamhlachas, agus má fuair a bhfuaireas-sa d'anró an tsaoil seo, is dearbh go bhfuil a dhóthain le déanamh aige. Tá tarraingthe agam liom tríd an saol so ag fulang buartha agus bróin, agus ní fhuaireas ach beagán sóláis i rith mo bheatha saoil. Ach is fíor ná fuil leigheas ar an gcathú ach é mharú le foighne!

Do dheineas mo chion beag féin don nGaeilge ar feadh mo bheatha. Fé mar adúrt cheana, bhí a lán stróinséirí ag tabhairt cuaird ar an Oileán ó am go ham. Ina measc do bhí Léan Ní Chonalláin, cailín grámhar a thug a lán cabhrach domhsa san obair seo, agus Máire uasal Ní Chinnéide, go bhfuil clú le fada uirthi imeasc Gael na hÉireann. Mara mbeadh Máire, do bhéarfainn liom síos don chill a bhfuil breacaithe anso.

Thugas gach cabhair do lucht na Gaeilge d'fhoghlaim. Anois táim i ndeireadh mo laetheanta, agus is dócha ná beidh seanbhean chomh Gaelach liom ar an Oileán so go deo arís. Is é bheartaíos im aigne beagán saothair a dhéanamh sara bhfaighinn bás, is go mbeadh san de shásamh aigne agam sara sínfí mo chnámha fén gcréafóig. Thugas iarracht ar

an scéal do scríobh san tslí ba shaoráidí d'fhéadfaí é léamh is é thuiscint, ar an gcuma a bheinn 'á insint cois na tine do pháistí an bhaile. Níor luíos trom ar éinne dem chomharsain. Thugadar dom gach cabhair a bhí ar a gcumas. Má bhí lochtaí orthu san, do bhí mo lochtaí féin ormsa. Chaitheamar ár saol i dteannta a chéile go síothach grách. Ar chnoc is i ngarraí thugaimis cúnamh dá chéile. Má bheireadh greim cruaidh orm, ní bhíodh le déanamh agam ach rith go dtí duine de sna comharsain. Bheireadh san go dtí Cabhair Dé mé. Chuireamar ár saol isteach ar scáth a chéile.

Daoine bochta ab ea sinn ná raibh eolas ar rachmas ná ar éirí in airde an tsaoil againn. Ghlacamar leis an sórt saoil a bhí againn 'á chleachtadh; ní rabhamar ag tnúth lena mhalairt. Thug Dia, moladh go deo leis! cabhair dúinn. Is minic a thugamar fé ndeara an tArd-Mháistir Naofa a bheith i bhfabhar dúinn, mar is mó scríb agus ruathar a rug ar ár ndaoine ar an bhfarraige, agus gan dul as acu ach len A chabhair. Is minic a bhíodh toradh a saothair acu agus is minic ná bíodh.

Gach duine nach mór gur dheineas trácht air in insint an scéil seo, táid ar Shlí na Fírinne, ach amháin mé féin, agus is gairid go raghadsa an bealach céanna. Gach ní nár bhain leis an scéal so níor bhacas lena chur síos. Bhreacas gach ní gur chuireas spéis ann.

Táim críonna anois, ag súil gach lá le Teachtaire ón saol nach fonn liom, ach bheirim mo bhuíochas le Dia go bhfuil sé le rá agam nach náir liom mo lámh do thógaint, mar nár dhein sí dochar do chomharsain riamh. Tá an chuid is mó dem shaol caite agam ar an gcarraig aonaraigh seo i lár na Mara Móire.

Is mó dhe bhogra is cruatan a leanann saol duine ar Oileán mar seo ná bheadh a fhios ag éinne ach amháin ag an muintir a mhaireann ann—ag dul chun suain go minic ar bheagán lóin, agus ag éirí arís ar ghliucú an ghealbhain, ag fuirse leis an saol, agus gan an saol againn tar éis ár ndíchill.

Níor bheag dúinn cruatan an tsaoil chugainn, áfach, gan an bás a bheith ag neartú thiar leis. Ach caithfidh an Rógaire sin a cheart féin d'fháil.

Is cuimhin liom go maith go mbínn ag casadh le hobair a dhéanamh is mo chroí briste im lár ag brón. Bhínn ag cuimhneamh ar Mhuire is ar an dTiarna—an saol cráite do bhí Acu. Bhí 'fhios agam go raibh sé de dhualgas orm aithris do dhéanamh orthu, is mo bhrón d'iompar go foighneach. Is minic a thugainn fén gcnoc suas ag triall ar mhóin, agus nuair a bhínn ag filleadh, bhíodh an brón imithe. Is maith na cairde Mac Dé is A Mháthair Ghlórmhar!

Is cuimhin liom nuair a bhíos beag, nuair a bhínn féin agus Cáit Jim inár ngearrchailí ag súgradh ar phort na habhann, ag bailiú bláthanna sna páirceanna, agus ag dul ar scoil le cois a chéile; is féach inniu mé im shean-mhnaoi chríona liath, gan fiacail ar éigean im cheann!

Dá chríne atáim, tá a lán im cheann fós nach féidir liom a bhreacadh anso. Dheineas mo dhícheall ar chuntas cruinn do chur síos ar an dream go raibh aithne agam orthu, ionas go mbeadh cuimhne orainn nuair a bheimis ar Shlí na Fírinne. Beidh daoine ag gluaiseacht os ár gcionn. B'fhéidir go ráineodh go mbuailfidís isteach chun na Cille mar a mbeadsa im luí. Ach ní bheidh ár samhail-ne acu le fáil. Beam sínte go ciúin—agus tá an sean-shaol imithe.

Táim buíoch de Mháire Ní Chinnéide agus de Léan Ní Chonalláin do ghríosaigh mé agus do chabhraigh liom chun an tsaothair seo do dhéanamh. Tá súil agam go mbuailfimíd le chéile i bhFlaitheas Dé fós. Go dtuga Dia san dúinn, agus do lucht a léite so!

Beannacht leat, a scríbhinn,
Is beannacht óm chroí ar lucht do léite,
Rath agus séan ar ár dtírín,
Is go gcabhraí Dia le lucht a saortha!

An Blascaod Mór,
Lá Fhéile Muire sa bhFómhar,
1935.

Foclóir

Ainm—" go gcuirfeadh sé as t-ainm tú." Do chlú a bhaint díot; spídiúchán a dhéanamh ort.

allaíre: bodaire.

am soip—am dul a codladh (sa tsop a bhíodh mar leabaidh ag daoine bochta uair).

Baille-chrith, crith na mball, critheán mór.

bambairne: fear nó bean, mór i bpearsain ach maol aigeantach.

bás—" os cionn a bháis," láithreach le linn a bháis.

béim-ghrísc; sméaróid; spré beag tine.

beach—" phrioc an beach í," phrioc an diabhal í; tempted.

bosaíl, ag ramhaíocht, bosa na maidí ráma ag dul go doimhin san uisce toisc an fharraige a bheith garbh.

bothántaíocht, ag turasóireacht ar thithe na gcomharsan chun caidrimh.

buaile, an áit in aice cró na mbó; áit crúite bó.

buithre deataigh, colún trom deataigh.

bullán—" dá bhullán súl," súile móra cruinne; bolg-shúileach.

brosanta, mear i bpearsain agus i gcaint.

Cabanta, pert.

caothúlacht, uain nó caoi oiriúnach.

caitheamh na spor ina dhiaidh, ag " rith " ina dhiaidh; d'iarraidh é fháil le pósadh.

ceannaċ na mionn air (ní raiḃ), ní raiḃ easpa eascainí air, flúirsc aige ḋíoḃ.

cibeal, aigneas is gleo, cabal.

ciotrúnta, tuaṫalaċ, churlish.

céad cuid—" ina céad cuid timpeall orm," ag freastal orm mar a ḋéanfaḋ céad duine; an-ġrámar orm.

ceap—" mo ċip is mo ṁeanaití," mo ċuid giúirleidí go hiomlán; na niṫe pearsanta a ḃain liom.

ceolṁar—" an ċuid againn ba ceolṁara "—ba ḃríoṁaire, ba lúfaire.

clogad ar ċeann na péiste, piast a ḃí i Loċ Ċráiliġe. Ċuir Naoṁ Cúán coire ar a ceann.

coinlíoċt—" an ċuid go raiḃ aon ċoinlíoċt iontu "—na páistí a bí tagaiṫe ċun aois cuideaċta a ḋéanaṁ do ḋuine, agus a ḃí ábalta féaċaint ina ndiaiḋ féin.

coránaċ, leanḃ nó duine óg maiṫ mór.

curata—go misniúil, cróga.

cuiliṫíní, mion-tonnta, cúr orṫu agus gluaiseaċt ciorcallaċ fúṫu.

Daṁad, píosa téagarṫa reaṁar.

duine, " ní mise an duine is measa a ṫáinig ċun baile," is iomaí duine a ḋein níos measa do féin ná mise; ḋeineas go maiṫ dom féin.

drom—i leiṫ a ndroma orṫu; teaċt laistiar díoḃ; i leiṫ a gcúil.

Éire—" níor ḃ'ḟearr Éire ná orlaċ," ḃeaḋ beagán ċoṁ maiṫ leis an mór-ċuid.

Feac—" cosa i ḃfeac," i dteannta, i gcoinniḃ taca.

feána, fuadar, geámaí.

fear maiṫ d'ḟáil air, buaċaint air.

fraoċ—" ċuaiġ sé sa ḃfraoċ orm," ṫeip sé orm, ċuaiġ díom.

Geall—" go dtaḃarfaḋ do ġeall cáirde ḋuit," feiṫeaṁ fada le toraḋ.

"**geall ar an gcat a ċraiceann,**" téann cat is craiceann le ċéile, má tá ceann aṁáin agat beiḋ an ceann eile agat.

gearb—" ag dó na geirbe agat," ag déanaṁ mí-ṡuaimis duit.

geonaíl, glórṫa san ngoile a ṫagann ó ṫroscaḋ fada.

giob geab, cabaireaċt, taṫant gan stad.

gíotam; gaċ éinne ag caint agus ag iarraiḋ déanaṁ do féin, deaḃaḋ agus foṫram.

gliogaire, duine gan mórán éifeaċta, gan mórán céille.

gliúcaíoċt, d'iarraiḋ féaċaint i ndorċadas, nó gan ḟios.

gob ná sciaṫán díom, ní ligfeaḋ sí dom.

gúnga, dreaċ; dreaċ ó ḃeiṫ crapaiṫe, cromṫa.

hínse, buille.

ionracas—" ag cur a hionracais in úil," dílseaċt, mácántaċt.

ionraṁáil—láiṁseáil, féaċaint ina ndiaiḋ.

lá go n-oíċe, lá agus oíċe.

lá fén dtor, lá saoire, lá ar suaineas.

laoċas, bród, átas toisc a ḟeaḃas d'éiriġ le duine rud éigin a ḋéanaṁ.

leaba a ċéile, do réir a ċéile; i ndiaiḋ a ċéile.

liobarnaċt, gan ḃeiṫ críoċnúil, slovenliness.

lon, tonnta beaga nó sórt ciúinis a ṫagann idir tonnta móra le linn borraḋ farraige.

mágáine, an rud is lú; dada.

míċéataċ, surly.

naṫ, ceann a ṫógaint de rud; suim a ċur ann.

Oideas, leiġeas; deoċ leiġis.

oiread—" ní raiġeaḋ oiread díom "—Ní ligfinn ṫarm; ní raiġeaḋ sé i gan ḟios dom.

péac, buille adhairce; buille tapaidh.

piarda, uasal; duine galánta.

"**praiseach ar fuaid na mias**," things in a mess.

púca—"chugat an púca!"; bí ar t'aire! Duine neamhdhíobhálach ná cuirfeadh isteach ort, ní déarfadh sé fiú amháin an méid sin leat.

Ríobal, pluda nó lathach ar íochtar baill éadaigh.

Sail, béama, clár reamhar adhmaid.

seanchríonacht, gastacht.

"**slat agus deimheas ar a láimh féin**," riaradh an tí aici féin.

snaidhm na péiste, snaidhmeanna dlútha ar chorda; ortha leighis.

snaidhm "gach snaidhm ar comh-tharrac," an tarraing céanna ag breith ar gach cuid.

shroich na feirmeoirí an talamh; d'éirigh leo seilbh na talún san d'fháil.

stráiméad de chíste, stráice, píosa mór.

sruthlam tarraic, groundswell.

súgán sneachta, téad déanta as sneachta, an leathscéal is lú chun rud a dhéanamh.

Talamh míntíreach, "lán do chos den talamh míntíreach," ar an dtír mhóir.

teann ar ár gcúla—tacaíocht airgid—saibhreas—taobh thiar dínn.

tláithínteacht, peataireacht.

toisc an tsaoil, dán (nós) an tsaoil.

tómas—"i dtómas gach bó," i gcomhair gach bó.

tormas, clamhsán, sulking.

treis—éinní sa treis, in question.

PEARSAIN

Ágas, Tomás—Fear ceannais na nÓglach in Ashbourne lá an chatha sa bl. 1916. Ó Chorca Dhuibhne é.

Brídín Ṡráid Eoin—bean ón Daingean a cuireaḋ sa príosún aimsir an Land League, toisc ná tabarfaḋ sí eolas do na póilíní.

Barra an Daingin—an bóṫar soir ó ḃarr Ṡráid Eoin.

Captaen na Luaiṫe—Driṫeair do Ṫiarna Fionntrá. Ḃí 'na ċaptaen ar an Kerry Militia.

Duinnṡléibe (Seán Ó D.)—file a ṁair sa Ḃlascaod agus a ċum aṁráin ar ċúrsaí logánta.

Holy Stone—cloċ ṁór ar ṫaoḃ na sráide ag ceann Ḃóṫair an tSean-ṡáipéil sa Daingean. Ḃí poll ann ina mbíoḋ Uisce Coisreacan nuair a ḃí an Sean-ṡáipéal san áit sin.

Marú an Daingin—' Lá Maruiṫe na bFear ' sa Daingean—Lá Ṡan Seáin, 1793. Cuid d'Arm Ṡasana do scaoil fúṫu. Maruíoḋ seaċt nduine déag deirtear.

Mall, an—sráid sa Daingean. Sruṫán ag riṫ lena ṫaoḃ.

Taḋg Ḋiarmuda—an fear dob fearr neart agus raṁuíoċt i gCorca Ḋuiḃne lá dá raiḃ.

Tiarna Ḃaile an Ġóilín—Tiarna Fionntrá.

peig sayers

peig